



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte  
Health Service Executive

## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Tuarascáil Bhliantúil  
agus Ráitis Airgeadais  
**2012**





**Déan tagairt le do thoil don chlúdach istigh ar cúl le haghaidh sonraí na ngrianghraf á n-úsáid ar chlúdach tosaigh na tuarascála seo**

# Clár Ábhair

## Cuid I

<b>Réamhrá</b>	<b>3</b>
Ráiteas an Chathaoirligh	4
Ballraíocht an Bhoird	5
Réamhrá ón Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin	6
Foireann Bhainistíochta Sinsearaí	8
<b>Ag Leagan Amach na Láithreach</b>	<b>11</b>
Ár nEagraíocht	12
Ag Feabhsú Cáilíochta agus ag Seachadadh Seirbhísí Sábháilte	16
Ár nDaonra	17
Ag Éisteacht le hÚsáideoirí ár Seirbhísí	19
<b>Ag Feabhsú an tSeachadta Seirbhíse</b>	<b>23</b>
Ag Cur Chun Cinn Sláinte agus Folláine	24
Ag Tacú le Daoine i gCúinsí um Chúram Príomhúil	25
Ag Soláthar Scéimeanna Pobail	26
Ag Uasmhéadú Seirbhísí Ospidéal	27
Ag Feabhsú na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna	29
Ag Cur i bhFeidhm Clár Náisiúnta Cúraim Chliniciúil	30
Ag Feabhsú Seirbhísí Ailse	32
Ag Tacú le Daoine Scothaosta	33
Ag Feabhsú Seirbhísí Meabhairshláinte	34
Ag Tacú le Daoine atá faoi Mhíchumas	35
Ag Cosaint Ár Leanaí agus ár nDaoine Óga	36
Ag Feabhsú Soláthar an Chúraim Mhaolaithigh	37
Ag Dul i nGleic le hEisiamh Sóisialta	38
<b>Aguisíní</b>	<b>41</b>
Aguisín 1: Feidhmíocht i gcoinne Príomh-Spriocanna an Phlean Náisiúnta Seirbhíse 2012	42
Aguisín 2: Tionscadail Chaipitil	44
Aguisín 3: Tuarascáil Bhliantúil um Éifeachtúlacht Fuinnimh	48

## Cuid II

<b>Rialachas Airgeadais</b>	<b>51</b>
Athbhreithniú Airgeadais agus Oibriúcháin	52
Tuarascáil na gComhaltaí Boird	58
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird i ndáil leis na Ráitis Airgeadais Bliantúla	60
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	61
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le Cur Faoi Bhráid Thithe an Oireachtais	68
Ráitis Airgeadais	69
Beartais Chuntasaíochta	73
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	76
Aguisíní	101



# Réamhrá



# Ráiteas an Chathaoirligh



Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) 2012 a chur i láthair. Is í seo an seachtú tuarascáil dá leithéid.

Is eagraíocht mhór agus chasta í FSS a sholáthraíonn seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta pearsanta do na mílte daoine. Do na daoine sin, tá na seirbhísí a fhaigheann siad ó FSS fíorthábhachtach. Go minic, sábháiltear beatha an duine leis na seirbhísí sin. Dá bhrí sin, ba mhian liom ard-mholadh a thabhairt d'fhoireann uile FSS ar fud na tíre. Cibé an bhfuil tú in ospidéal nó sa phobal nó mar chuid d'fheidhm chorparáideach, bíonn do chuid oibre ríthábhachtach d'othair agus do mhuintir na hÉireann trí chéile.

Cé nach mór dúinn aird a thabhairt ar na dálaí eacnamaíochta deacra ina bhfuilimid ag feidhmiú faoi láthair, creidim go bhfuil dul chun cinn maith déanta againn agus gur chuireamar seirbhís ar fáil do na daoine is tábhachtaí – iad siúd a mbíonn ag iarraidh seirbhísí FSS a rochtain. Ba mhórthosaíocht é in 2012 díriú orthu siúd a bhí ag fanacht ar feadh na tréimhse is faide le haghaidh cóireála agus, faoi dheireadh 2012, bhí laghdú 98% tagtha ar líon na ndaoine fásta a bhí ag feitheamh níos faide ná naoi mí ar obráid othair chónaithigh agus cáis lae. Le linn 2012, d'éirigh linn líon na leanaí a bhí ag feitheamh níos faide ná 20 seachtain ar obráid a laghdú faoi 95%. Is torthaí réadacha agus inbhraite iad sin dár saoránaigh agus léiríonn siad feabhas suntasach do dhaoine ag fáil rochtana ar sheirbhísí FSS.

Aithnímid go léir go bhfuil mórán eile fós le déanamh áfach. I mí na Samhna 2012, leag an Rialtas amach an dul chun cinn a bhí orainn a bhaint amach maidir le hathchóiriú na sláinte in *Future Health: A Strategic Framework for Reform of the Health Service 2012-2015*. In *Future Health* leagtar amach na céimeanna is gá dúinn a ghlacadh chun toradh a bhaint amach ar *Chlár an Rialtais*. Lig dúinn a bheith soiléir: cé go bhfuilimid ag bogadh ar aghaidh le práinn, tá sé á dhéanamh againn ar bhealach breithnithe. Is í sin an chúis go bhfuilimid ag cinntiú go bhfuil socruithe láidre rialachais, bainistíochta agus cuntasachta ar bun chun forfheidhmiú an chlár a bhrú ar aghaidh, a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh air.

Rinneadh an dul chun cinn um athchóiriú a chomhdhlúthú le foilsiú an *Bhille um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2012* a bhfuil sé beartaithe a achtú in 2013. Is bloc tógála tábhachtach í an reachtaíocht sin le go mbeimid in ann ár bhfís de chóras sláinte nua a bhaint amach.

Ní bhainfear amach an t-athchóiriú is gá dúinn a chur i bhfeidhm trí struchtúir amháin, ach in éineacht le hathruithe ar chultúr agus ar dhearthaí eagraíochtúla. Ní féidir linn an t-athrú sin ar mheonta a bhaint amach ach trí oibriú le chéile agus b'ábhar misnigh dom é na caidrimh níos dlúithe agus dinimic feabhsaithe a fheiceáil idir FSS agus an Roinn Sláinte le linn 2012. Rinne an fhoireann uile an dul chun cinn sin – ón mbun aníos – ach ní mór dúinn a aithint go bhfuil ceannaireacht láidir agus dea-bhainistíocht ríthábhachtach. Maidir leis sin, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Tony O'Brien, an Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, lena fhoireann cheannaireachta agus bhainistíochta sinsearaí, agus le mo chomhghleacaithe sa Roinn Sláinte, Leanáí agus Gnóthaí Óige agus sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le Cathal Magee, iar-POF FSS agus le comhaltaí de Bhord FSS, iarchomhaltaí agus comhaltaí reatha araon.

Dar ndóigh, beidh dúshlán nua agus choitianta i gceist in 2013 ach beidh deiseanna nua ann chomh maith. Bíonn sé de dhúshlán againn go rialta – mar is ceart – measúnú agus nuáil a dhéanamh inár soláthar seirbhíse, ag cinntiú go mairimid laistigh de theorainneacha buiséid agus acmhainní ach fós go ndéanaimid seirbhísí ardchaighdeáin agus sábháilte a sholáthar. Tá muinín agam gur féidir linn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin in 2013 agus ina dhiaidh agus go bhféadfaimis leanúint le seirbhísí éifeachtúla agus éifeachtacha a sholáthar dóibh siúd is mó i ngátar.

**An Dr. Ambrose McLoughlin**

*Cathaoirleach*

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

# Ballraíocht an Bhoird

Amhail ag 31ú Nollaig 2012

## An Dr. Ambrose McLoughlin

Ceapadh an Dr. McLoughlin mar Chathaoirleach ar Bhord FSS i mí Aibreáin 2012. Is Ard-Rúnaí de chuid na Roinne Sláinte é.

## An tUas. Tony O'Brien

Ceapadh an tUas. O'Brien mar Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin FSS i mí Lúnasa 2012 agus roimhe sin bhí sé ina Phríomhoifigeach Oibríúcháin leis an Aonad Seachadta Speisialta sa Roinn Sláinte.

## An Dr. Tony Holohan

Ceapadh an Dr. Holohan mar Phríomh-Oifigeach Míochaine sa Roinn Sláinte i mí na Nollag 2008 tar éis obair dó, ón mbliain 2001 i leith, mar Leas-Phríomhoifigeach Míochaine.

## An tUas. Paul Barron

Tá an tUas. Barron ag obair mar Rúnaí Cúnta sa Roinn Sláinte agus tá sé freagrach as Cúram Príomhúil, as an Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí agus as Cáilitheacht.

## Bairbre Nic Aongusa Uasal

Tá Bairbre Nic Aongusa ina Rúnaí Cúnta sa Roinn Sláinte agus tá sí freagrach as Airgeadas, Faisnéis, Caipiteal an Aontais Eorpaigh/Polasaí Idirnáisiúnta agus Taighde, agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide idir Sheachtrach agus Inmheánach.

## An Dr. Barry White

Is Haemaiteolaí Comhairleach é an Dr. White agus is eisean Stiúrthóir an Ionaid Náisiúnta um Neamhoird Téachta ó Oidhreacht ag Ospidéal San Seamas, Baile Átha Cliath agus roimhe sin bhí sé ina Stiúrthóir Náisiúnta FSS ar Straitéis Chliniciúil agus ar Chláir Chliniciúla.

## An Dr. Philip Crowley

Tá an Dr. Crowley in Stiúrthóir Náisiúnta um Caighdeán & Sábháilteacht Othar le FSS ó mhí Eanáir 2011 i leith. Roimhe sin bhí sé ina Leas-Phríomhoifigeach Míochaine sa Roinn Sláinte.

## Laverne McGuinness Uasal

Is Stiúrthóir Náisiúnta um Sheirbhísí Comhtháite í Laverne McGuinness agus tá sí freagrach as seachadadh seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta go léir sna hospidéal, sna seirbhísí príomhúla agus pobail.

## An tUas. Jim Breslin

Tá an tUas. Breslin ina Ard-Rúnaí ar an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

## Frances Spillane Uasal

Is Rúnaí Cúnta sa Roinn Sláinte í Frances Spillane agus freagracht uirthi as Acmhainní Daonna Náisiúnta, as Rialúchán Proifisiúnta, as Rialachas Gníomhaireachta agus as Slánaíocht Chliniciúil.

## Geraldine Fitzpatrick Uasal

Tá Geraldine Fitzpatrick ina Rúnaí Cúnta sa Roinn Sláinte agus tá sí freagrach as Cúram Sóisialta.

## An tUas. Dara Purcell

Lean an tUas. Purcell ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar an mBord in 2012.

# Réamhrá ón Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin



**Tháinig athrú suntasach ar an tseirbhís sláinte in 2012. Mar chuid den dúshlán airgeadais foriomlán agus gan fasach a bhí i gceist don tír, shocraigh an Rialtas spriocanna buiséid soiléire do FSS. In 2010 agus 2011 rinneadh laghdúithe buiséid thart ar €1.75 billiún i seirbhísí sláinte. Ina dhiaidh sin, tugadh isteach bearta coigilte breise de chuid €494m in 2012. Tharla na laghdúithe sin ag tráth ina raibh an t-éileamh ar sheirbhísí sláinte fós ag méadú.**

**Tráth mo cheapacháin, thuig mé go maith an gá lenár struchtúr agus ár bpróisis a thabhairt chun cinn d'fhonn plé leis an timpeallacht airgeadais dhúshlánach, agus fós cúram ardchaighdeáin a sholáthar d'othair. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta againn ó thaobh ár mbonn costais a laghdú, tá go leor fós le déanamh againn. Rinneadh an-chuid oibre i gcaitheamh na bliana ar thús a chur leis an tasc um chórais airgeadais a athrú agus cuntasacht a threisiú. Bhí sé fíorthábhachtach rialú airgeadais dian a choinneáil i bhfeidhm le linn na bliana. Chomh maith leis sin, bhí athchothromú buiséad le haghaidh 2013 ina príomhthosaíocht agam, lena gcumasófar leithdháileadh níos cothroime airgid agus lena lorgófar deiseanna chun cobhsaíocht airgeadais a bhaint amach.**

## Athchóiriú Sláinte

I mí na Samhna, d'fhoilsigh an tAire Sláinte *Future Health*, an creat um athchóiriú sláinte, bunaithe ar thiomantais an Rialtais i gClár an Rialtais. Léirítear na príomh-athchóirithe cúraim sláinte a thabharfar isteach sna blianta amach romhainn ann mar phríomhbhloic thógála maidir le hÁrachas Sláinte Uilechoiteann a thabhairt isteach in 2016. Leagtar amach fíis ann maidir le seirbhís sláinte uilechoiteann, aon-sraithe a fhorbairt, lena ráthaítear rochtain ar chúram míochaine bunaithe ar riachtanas seachas ioncam. Is athchóiriú radacach é sin agus ní mór athrú suntasach a dhéanamh ar fud raon ár gcórais sláinte. Baineann *Future Health* le tosaíocht a thabhairt do riachtanais an othair agus cinntí deacra maidir le maoiniú sláinte á ndéanamh.

Chuaigh mé ar fud na tíre leis an Aire agus réachtáladh 15 sheisiún éagsúla do na céadta ball foirne agus comhaltaí d'fhóiraim sláinte réigiúnacha chun an straitéis a chur in iúl agus chun tuairimí na foirne a fháil.

Leis an mBille um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (*Rialachas*) 2012, atá á chur trí Thithe an Oireachtais faoi láthair, díreofar níos mó ar sholáthar seirbhíse agus cinnteofar cuntasacht níos fearr agus muid ag athrú go bealach nua chun gnó a dhéanamh. Bunaítear Stiúrthóireachtaí nua ann a bhfuil dlúthbhaint acu le réimsí sainiúla na seirbhíse, amhail cúram príomhúil, meabhairshláinte, ospidéal, sláinte agus folláine agus cúram sóisialta. Cumasaíonn sé atheagrú seirbhísí chun an bealach a réiteach do thabhairt isteach níos leithne 'an phrionsabail go leanann airgead an t-othair' agus do thabhairt isteach Árachas Sláinte Uilechoiteann ar deireadh.

Cuireadh tús leis an mbunobair le haghaidh an athchóirithe sin cheana féin agus tá sé rithábhachtach go ndéanaimid aistriú éifeachtach i dtreo na samhla eagraíochtúla nua, fad is a chinnteoidimid go bhfuil cáilíocht na seirbhísí a sholáthraimid ar an leibhéal is airde.

Tá grúpaí ospidéal nua ar bun agus tiocfaidh níos mó díobh chun cinn an bhliain seo chugainn. Cinnteofar leis sin gur féidir seirbhísí a eagrú ar an mbealach is fearr ar fud roinnt ospidéal sna grúpaí sin agus treiseofar cuntasacht mar thoradh. Soláthraíonn an tuarascáil ar iontaobhais ospidéal na todhcháil agus creat na n-ospidéal beag an treoir straitéiseach riachtanach agus chúil chun ár líonraí agus bonneagar ospidéal géarmhíochaine nua-aoiseach a fhorbairt.

Rinneadh a lán oibre le hullmhú chun an Ghníomhaireacht Tacaíochta Leanaí agus Teaghlai nua a bhunú agus do dhí-chomhbhailiú seirbhísí leanaí agus teaghlai ó FSS. Is tosaíocht shuntasach í pleanáil a dhéanamh i gcomhair an aistrithe in 2013 agus seirbhísí ardchaighdeáin agus sábháilte á soláthar ag an am céanna.



## Ag freagairt dár ndúshlán

Mar a bhí sna blianta roimhe seo, tá an t-éileamh ar sheirbhísí fós ag dul i méid. Tá roinnt factóirí is cúis leis sin.

Tháinig méadú 8%, nó breis is 350,000 duine, ar ár ndaonra ó Dhaonáireamh 2006 i leith. Tá daoine ag maireachtáil níos faide. Fásann líon na ndaoine atá os cionn 65 bliana d'aois faoi thart ar 20,000 duine gach bliain. Tá an ráta torthúlachta is airde san AE againn. Tá breis is 1.8 milliún duine nó beagnach 40% den daonra incháilithe le haghaidh an raoin seirbhísí sláinte a chumhdaítear le cártaí leighis. Is é sin an líon is airde daoine a taifeadh riamh a raibh cárta leighis acu.

Is é an dúshlán is mó atá againn ná na héilimh mhéadaithe sin a shásamh, i dtimpeallacht ina bhfuil acmhainní ag laghdú – tá ár mbuiséid tar éis laghdú le blianta beaga anuas agus bhí orainn ár líon foirne a laghdú go suntasach i gcomhréir le beartas an Rialtais.

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le hathrú a chur i bhfeidhm faoi théarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí. Baineadh amach comhaontú maidir le caighdeánú na n-athruithe suntasacha ar chleachtais oibre lianna comhairleacha a thacaíonn le forfheidhmiú clár cúraim chliniciúil náisiúnta agus príomhthosaíochtaí cliniciúla eile.

## Ag feabhsú rochtana agus ag tacú le seachadadh seirbhíse

### Seirbhísí Géarmhíochaine

Cuireadh cóir leighis ar breis is 1.4 milliún duine mar othair chónaitheacha nó mar chásanna lae in 2012. Chuireamar cóir leighis ar 603,911 othar cónaitheach inár n-ospidéal, sin 2.4% níos mó ná anuraidh. Cuireadh cóir leighis ar 826,825 othar ar bhonn cúraim lae, sin 1.7% níos mó ná anuraidh.

Agus na hualaí oibre méadaithe sin á mbainistiú, táimid tar éis rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú i mórán réimsí le linn na bliana, agus tá dul chun cinn suntasach déanta againn maidir leis an tréimhse ama a bhíonn othair ag feitheamh ar sheirbhísí a laghdú.

Shocraigh an tAire Sláinte sprioc in 2012 nach mbeadh duine fásta ar bith ag feitheamh níos mó ná 9 mí le haghaidh obráide atá beartaithe. Trí oibriú leis an Anonad Seachadta Speisialta agus trí fhorfheidhmiú samhla nua cúraim a chinntí leis na cláir chúraim chliniciúil náisiúnta, lena spreagar athstruchtú ar shamhlacha traidisiúnta cúraim agus ar sholáthar seirbhíse, d'éirigh linn laghdú 98% ar líon na ndaoine fásta a bhí ag feitheamh a bhaint amach, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Sa bhreis air sin, socraíodh sprioc nach mbeadh leanbh ar bith ag feitheamh níos faide ná 20 seachtain ar ghnáthamh beartaithe – d'éirigh linn laghdú 95% a bhaint amach ar líon na leanaí a bhí ag feitheamh, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Is feabhsuithe ollmhóra iad sin agus cé go ndearnadh dul chun cinn, socraíodh spriocanna níos déine don bhliain seo chugainn chun tréimhsí feithimh a laghdú a thuilleadh do dhaoine a bhaineann leas as ár gcuid seirbhísí.

Chomh maith leis sin, ag deireadh na bliana, ní raibh othar ar bith ag fanacht níos faide ná 28 lá ó atreorú le haghaidh ionscópacht phráinneach. Tháinig laghdú 99% ar líon na n-othar a bhí ag feitheamh níos faide ná 3 mhí ar ionscópacht ghastrastéigeach, agus bhí 36 othar ag feitheamh ag deireadh na bliana.

## Seirbhísí Neamh-Ghéarmhíochaine

Chuir 426 foireann cúraim phríomhúil (méadú de 23 ó thús na bliana) seirbhísí ar fáil do beagnach 3.8m duine. Líonadh beagnach 20 milliún oideas i gcomhair breis is 61 milliún earra.

Fuair 11,023 duine pacáistí cúraim bhaile agus fuair 45,705 duine cúnamh baile. B'ionann sin agus 9.88 milliún uair a' chloig a sholáthar i gcaitheamh na bliana.

Fuarthas 10,225 iarratas faoi Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais agus tugadh tacaíocht do 8,023 cliant nua. Ag deireadh na bliana seo, bhí tacaíocht á soláthar do 22,871 áit chónaitheach fadtéarmach poiblí agus príobháideach faoin Scéim.

Tháinig méadú 10% ar líon na gcásanna nua lenar phléigh na seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus déagóirí agus tháinig méadú 17% ar an líon a atreoraíodh chucu.

Bhain 4,166 duine atá faoi mhíchumas fisiceach/céadfach tairbhe as uaireanta tacaíochta baile (uaireanta le cúntóir pearsanta san áireamh).

Mar aitheantas ar roinnt de na brúnna seirbhíse agus déimeagrafacha, chuir an Rialtas maoiniú breise ar fáil chun tionscnaimh shainiúla a chur chun cinn i réimsí an chúraim phríomhúil, na meabhairshláinte agus na seirbhísí do dhaoine scothaosta.

## Míle Buíochas

Ar son na Foirne Bainistíochta Sinsearaí, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Bord FSS, an Cathaoirleach an Dr. Ambrose McLoughlin, Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte, agus a oifigigh a chuir tacaíocht ar fáil do FSS le linn na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Uas. Michael Scanlan, Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte le seacht mbliana anuas agus Cathaoirleach an Bhoird le linn mhíonna luaithe 2012, sular imigh sé ar scor.

Ba mhaith liom buíochas speisialta a ghabháil le mo réamhtheachtaí, an tUas. Cathal Magee as a thiomantas don tseirbhís sláinte agus aitheantas a thabhairt dá ról suntasach tráth a raibh dúshlán mhóra ann, lena n-áirítear laghdúithe móra ar mhaoiniú agus cailliúint shuntasach foirne.

Agus an meall is mó ar deireadh, ba mhian liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil lenár bhfoireann ina hiomláine as a ndíograis le linn na bliana, as a n-iarrachtaí chun ár gcóras sláinte a fheabhsú agus as a dtiomantas d'fhorbairt agus soláthar leanúnach na seirbhísí ardchaighdeán dár bpobail.



**An tUas. Tony O'Brien**

*Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*

# Foireann Bhainistíochta Sinsearaí

Amhail ag 31ú Nollaig 2012

## An tUas. Tony O'Brien

Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin

## Jane Carolan Uasal

Stiúrthóir Náisiúnta, Pleanáil Chorporáideach agus Feidhmíocht Chorporáideach

## An Dr. Áine Carroll

Stiúrthóir Náisiúnta, Straitéis Chliniciúil agus Clár Chliniciúla

## An tUas. Paul Connors

Stiúrthóir Náisiúnta, Cumarsáid

## An Dr Philip Crowley

Stiúrthóir Náisiúnta, Cháilíocht agus Sábháilteacht Othar

## An tUas. Michael Flynn

Stiúrthóir Náisiúnta, Iniúchadh Inmheánach

## An tUas. Pat Healy

Stiúrthóir Réigiúnach Oibríochtaí, FSS an Deiscirt

## An tUas. John Hennessy

Stiúrthóir Réigiúnach Oibríochtaí, FSS an Iarthair

## An tUas. Gordon Jeyes

Stiúrthóir Náisiúnta, Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh

## Laverne McGuinness Uasal

Stiúrthóir Náisiúnta, Stiúrthóireacht Seirbhísí Comhtháite, Bainistiú Feidhmíochta agus Airgeadais

## An tUas. Stephen Mulvany

Stiúrthóir Réigiúnach Oibríochtaí, FSS Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh

## Lis Nixon Uasal

Stiúrthóir um Fheabhsú Feidhmíochta maidir le Cúram Neamhsceidealaithe, an tAonad Seachadta Speisialta

## An tUas. Barry O'Brien

Stiúrthóir Náisiúnta, Acmhainní Daonna

## An tUas. Gerry O'Dwyer

Stiúrthóir Réigiúnach Oibríochtaí, FSS Bhaile Átha Cliath Lár Laighean

## An Dr. Susan O'Reilly

Stiúrthóir Náisiúnta, an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse

## An Dr. Alan Smith

Stiúrthóir um Fheabhsú Feidhmíochta maidir le Cúram Sceidealaithe, an tAonad Seachadta Speisialta


## An tUas. Liam Woods

Stiúrthóir Náisiúnta, Airgeadas

## An tUas. Dara Purcell

Rúnaí na Foirne Bainistíochta Sinsearaí





# Ag Leagan Amach na Láithreach



# Ár nEagraíocht

## Réamhrá

Seo a leanas príomhchuspóirí ár gcórais sláinte:

- Pobal sláintiúil a chothú
- Cúram sláinte sábháilte agus torthaí níos fearr a sheachadadh
- An cúram sláinte atá de dhíth ar dhaoine a sholáthar, agus
- An luach is fearr is féidir a fháil as acmhainní an chórais sláinte.

Déantar cur síos sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar an méid a rinne FSS in 2012 chun ár gcuspóirí a bhaint amach. Leagtar amach an dul chun cinn i gcoinne *Phlean Náisiúnta Seirbhíse 2012 FSS (NSP2012)* inti, mar aon leis an méid atá bainte amach againn laistigh den chlár oibre factéarmach atá inár bpleananna corparáideacha agus ár bpleananna straitéiseacha éagsúla.

I gcomhréir lenár riachtanais reachtaíochta faoi Ailt 36 agus 37 den *Acht Sláinte 2004*, tuairiscítear sa Tuarascáil Bhliantúil ar an dul chun cinn i gcoinne *Phlean Caipitil FSS* freisin agus soláthraítear ráitis airgeadais mionsonraithe le haghaidh na heagraíochta inti.

## Athchóiriú Sláinte

I mí na Samhna 2012, d'fhoilsigh an Roinn Sláinte *Future Health – A Strategic Framework for Reform of the Health Service 2012-2015*. Sa chreat sin, leagtar amach na garspriocanna chun seirbhís sláinte aon-sraithe arna tacú le hÁrachas Sláinte Uillechoiteann (UHI) a bhaint amach. Is iad seo a leanas na príomhcholuín:

- Sláinte agus Folláine – ag bogadh ó chóir leighis a chur ar bhreiteacht amháin go dtí fócas ar dhaoine a choimeád sláintiúil.
- Athchóiriú Seirbhíse – ag díriú ar chúram comhtháite agus a chinntiú go dtarlaíonn an chóireáil sa suíomh is oiriúnaí.
- Athchóiriú Struchtúrach – dea-rialachas a chur chun cinn, dúbailt a sheachaint, fócas réigiúnach a chinntiú ar fheidhmíocht a bhainistiú agus luach ar airgead a sholáthar.
- Athchóiriú Airgeadais – córais bunaithe ar dhreasachtaí lena gcothaítear cothroime agus éifeachtúlacht, costais a laghdú, rialú agus cáilíocht a fheabhsú.

Chun an clár athchóirithe a chur i bhfeidhm ina iomláine ní mór ollchóiriú a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann cheana féin agus cuireadh tús leis sin leis an *mBille um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2012*, ina leagtar amach athruithe ar rialachas eagraíochtúil, ar an mBord agus ar struchtúir bhainistíochta.

Mar chuid den Chlár Athchóirithe, tá bainistíocht ospidéal á haistriú go dtí Grúpaí Ospidéal. In 2012 cuireadh trí Ghrúpa Ospidéal nua ar bun sa Ghaillimh, sa Mheán-Iarthar agus sa Lú/sa Mhí. Cuirfear na socrúithe aistriúithe i gcomhair na nGrúpaí Ospidéal uile i gcrích go luath in 2013. Chomh maith leis sin, chuir na Seirbhísí Leanáil agus Teaghlaigh a gclár oibre chun cinn i dtreo Gníomhaireacht Tacaíochta Leanáil agus Teaghlaigh ar leithligh a chur ar bun.

Cuirfear Stiúthóireachtaí Náisiúnta ar bun go luath in 2013 chun maoirseacht agus bainistíocht náisiúnta a dhéanamh ar sheirbhísí géarmhíochaine, cúram sóisialta, meabhairshláinte, cúram príomhúil, agus sláinte agus folláine. Bogfaidh ár réigiúin ar aghaidh le himeacht ama go dtí ról um monatóireacht ar fheidhmíocht.

## Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta Pearsanta a Sholáthar

In 2012, bhí ár seirbhísí á mbainistiú ag ceithre réigiún laistigh den chreat náisiúnta, ag soláthar seirbhísí sa phobal agus trí líonraí ospidéal. Bhí na ceithre réigiún sin foroinnte ina 17 gceantar. Féadfar cóir leighis a chur ar othair a bhfuil leibhéal cúraim neamhchasta ag teastáil uathu go sábháilte sa bhaile nó chomh gar don bhaile agus is féidir. Déantar an líon beag othar a mbíonn cúram níos casta nó criticiúil de dhíth orthu a bhainistiú go sábháilte in ionad géarmhíochaine tiomnaithe, ina ndéantar an saineolas cliniciúil ábhartha a dhírú i dtreo is go gcuirtear cúram ardchaighdeán faoi stiúradh lia chomhairligh ar fáil. Soláthraítear cúram casta trí shamhlacha náisiúnta bunaithe ar an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr, mar shampla seirbhísí ailse. Déantar sainseirbhísí eile, amhail seirbhísí éigeandála réamh-ospidéal agus sláinte timpeallachta, a bhainistiú ar bhonn náisiúnta. Soláthraíonn conraitheoirí neamhspleácha (amhail DGanna, cógaiseoirí, optaiméadraithe, fioclóirí), grúpaí neamhrechtúla, deonacha agus pobail seirbhísí ar son FSS chomh maith.

## Ár Lucht Saothair

Le linn 2012 leanamar orainn ag feabhsú ár gclár oibre um phleanáil an lucht saothair. Áiríodh leis sin planáil a dhéanamh dóibh siúd a bhí ag imeacht ar scor faoi scéim scoir luathaithe an Rialtais go dtí dheireadh mhí Feabhra, cloí le spriocanna laghdaithe foirne an Rialtais, neamhfhreastal nádúrtha le linn na bliana agus earcú phoist forbartha NSP2012 arna gceadú le haghaidh seirbhísí meabhairshláinte, cúraim phríomhúil agus clár cliniciúil.

## Creat Rialaithe Fostaíochta

Ag deireadh mhí na Nollag 2012, bhí 101,506 ball foirne de choibhéis lánaimseartha (CL) fostaíthe san earnáil sláinte, sin 481 CL faoi bhun theorainn fostaíochta faofa dheireadh na bliana. B'ionann sin agus laghdú 2,886 CL (-2.8%) i gcomparáid le deireadh 2011 (Tábla 1). San iomlán, óir shroich na leibhéil fostaíochta buaicphointe i Meán Fómhair 2007, tá an earnáil sláinte tar éis a líon fostaíthe a laghdú faoi 10% (11,265 CL).

Ag deireadh na bliana 2012:

- Bhí laghdú ar an mbliaín roimhe le feiceáil sna catagóirí foirne go léir (Figiúr 2). Tháinig laghdú 2.8% sa bhreis ar an lucht bainistíochta (Grád VIII agus níos airde) i gcomparáid le figiúirí 2011.
- Bhí 48% den fhoireann in ospidéal.
- Bhí 46% mar fhoireann pobalbhunaithe.
- Bhí beagnach 6% ag obair i réimsí eile, amhail an tseirbhís otharcharranna, sláinte phoiblí, an clár náisiúnta rialaithe ailse, agus seirbhísí corparáideacha comhroinnte náisiúnta (airgeadas, soláthar, acmhainní daonna, s.r.l.).
- Bhí 64% de na baill foirne ag obair in FSS, 22% in ospidéal dheonacha agus 14% i ngníomhaireachtaí deonacha um sheirbhísí príomhúil agus pobail.
- B'ionann an líon ball foirne a bhain leas as 'Scor Cairde' go dtí deireadh mhí Feabhra (scéim an Rialtais inar ligeadh do bhaill foirne imeacht ar scor ar na rátaí íocaíochtaí a bhí ann roimh 2010) agus beagán os cionn 3,000 duine (2,165 CL).


**Tábla 1: Pearsanra na Seirbhíse Sláinte 2011-2012**

Réigiún	CL Noll. '11	% den Iomlán	CL Noll. '12	% den Iomlán	% Éagsúlachta 2011-2012
DML	31,533	30.2%	30,837	30.4%	-2.2%
DNE	21,501	20.6%	20,941	20.6%	-2.6%
Deisceart	22,856	21.9%	22,080	21.7%	-3.4%
Iarthar	24,704	23.7%	23,827	23.5%	-3.6%
Náisiúnta	3,798	3.6%	3,821	3.8%	+ 0.6%
<b>Iomlán</b>	<b>104,392</b>	<b>100%</b>	<b>101,506</b>	<b>100%</b>	<b>-2.8%</b>

Foinse sonraí: Móráireamh Pearsanra na Seirbhíse Sláinte


- Athruithe i ngráid foirne le linn na bliana:
  - Tháinig méadú 1.6% nó 197 CL (+ 8.5% ó 2009 mar an sprioc bonnlíne arna húsáid ag an Roinn Sláinte) ar líon na lianna comhairleacha.
  - Tháinig laghdú 1.6% nó 191 CL (+4.8% ó bhonnlíne 2009) ar líon na dteiripeoirí.
  - Tháinig laghdú 5% nó 10 CL (- 1% ó bhonnlíne 2009) ar líon na síceolaithe agus na gcomhairleoirí.

**Figiúr 3: Éagsúlacht i CLanna de réir Grúpa Cúraim 2011-2012**




Foinse sonraí: Móráireamh Pearsanra na Seirbhíse Sláinte

**Figiúr 1: CLanna de réir Grúpa Cúraim mí na Nollag 2012**



Foinse sonraí: Móráireamh Pearsanra na Seirbhíse Sláinte

**Figiúr 2: Athrú CL mí na Nollag 2011 - mí na Nollag 2012**




Foinse sonraí: Móráireamh Pearsanra na Seirbhíse Sláinte

### Neamhláithreach

Lean na seirbhísí sláinte ag díriú ar rialuithe neamhláithreachta a threisiú d'fhonn sprioc de 3.5% a bhaint amach. Tá an ráta bliantúil náisiúnta le haghaidh 2012 i gcomhréir le heagraíochtaí náisiúnta eile na hearnála poiblí i gcoitinne, d'ainneoin nádúr 24/7 na timpeallachta oibre agus an déimeagrafaic a bhíonn i gceist le baill foirne a oibríonn sna seirbhísí sláinte. Tá laghdú tagtha ar na rátaí neamhláithreachta ó 5.76% in 2008 go dtí 4.79% in 2012. In 2012, bhí 88.5% den neamhláithreacht ina hiomláine deimhnithe.

**Figiúr 4: Rátaí Neamhláithreachta 2008-2012**




Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta FSS

## Airgeadas

B'ionann caiteachas iomlán FSS in 2012 agus €13.814 billiún (bn) maidir le soláthar agus conarthú seirbhísí sóisialta pearsanta agus sláinte. Rinne an Rialtas meastachán forlíontach de €360m a vótáil do FSS ag deireadh na bliana chun aghaidh a thabhairt ar bhrúnna sa tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS) le haghaidh méaduithe ar chártaí leighis agus scéimeanna cógais pobail agus earnáil na n-ospidéal géarmhíochaine. Tá na príomhréimsí caiteachais leagtha amach i bhfigiúr 5.

**Figiúr 5: Miondealú % ar Chaiteachas Iomlán de réir Réimse Oibríochta 2012**



Foinse sonraí: Airgeadas Corparáideach FSS

Féadtar sonraí iomlána i ndáil le cúrsaí airgeadais FSS a fháil sa chuid a bhaineann le Rialachas Airgeadais ó leathanach 51 ar aghaidh.

## Párolla

I bplean seirbhíse 2012 éilíodh laghdú €183m ar an mbille pá. Gné chriticiúil chun é sin a bhaint amach ná bainistiú níos éifeachtúla a dhéanamh ar chostais phárolla i gcaitheamh na bliana, go háirithe an gá le húsáid gníomhaireachtaí, ragobair agus íocaíochtaí préimhe a laghdú.

B'ionann an laghdú bliantúil ar chostais foirne gníomhaireachta do sheirbhísí reachtúla FSS agus €11.77m (6.7%). Nuair a cuireadh costais foirne gníomhaireachta na hearnála reachtúla agus na hearnála deonaí le chéile, bhí laghdú €4.76m (2.2%) i gceist. Tháinig laghdú 30% ar chostais maidir le dochtúirí gníomhaireachta ach caitheadh 17% sa bhreis ar altraí gníomhaireachta san earnáil reachtúil agus san earnáil dheonach.

Laistigh de FSS, tháinig laghdú €90.76m (2.7%) ar an bpá bunúsach. Tá laghduithe pá eile FSS léirithe i bhfigiúr 6.

- Sheas ragobair le haghaidh 4% de chostais phá uile
- Sheas costais gníomhaireachta le haghaidh 4% de chostais phá uile.

## Fócas Ar...

Bhain Foireann Soláthair FSS amach dhá ard-duais ag na **Gradaim Soláthair Náisiúnta 2012**, a cheiliúran sármhaitheas sa tsoláthar poiblí agus príobháideach in Éirinn. I measc na ngradam bhí an Gradam Soláthair Phoiblí as úsáid ceant leictreonaigh i gcomhair mion-chomórtais do sholáthar táirgí coinneálachta – próiseas a raibh coigilt os cionn €6m mar thoradh air. Lena chois sin, bronnadh an Gradam um Úsáid is Fearr na Teicneolaíochta toisc gur cuireadh i bhfeidhm teicneolaíocht guth-dhírthe chun gnóthachtálacha suntasacha táirgiúlachta agus cruinnis a bhaint amach ina chuid oibríochtaí trádstórais.

## Fócas Ar...


Bhain FSS amach ard-duaiseanna ag **Gradaim rRialtais na hÉireann 2012**, an tagarmharc feabhais i seirbhísí agus i gcaighdeán rRialtais na hÉireann. Múscloinn na gradaim feasacht agus tugann siad aitheantas do na nuálaithe, do na forbróirí, do na smaointeoirí chun tosaigh agus do na saineolaithe atá ag déanamh ceannródaíochta ar na hathruithe atá ag titim amach i gconas a chuireann Rialtas na hÉireann seirbhísí ar fáil dá shaoránaigh. B'iad seo a leanas na tionscadail bhuaiteacha:

- Bhuaiigh an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse (NCCP), ag obair as lámh le páirtithe leasmhara éagsúla, Gradam Tras-Ghníomhaireachta dá Thionscadal Ríomh-Atreoraithe Ailse, an chéad chóras atreoraithe ar líne in Éirinn do dhochtúirí ginearálta. Cintíonn an córas atreorú tapa na n-othar le hailse amhrasta chíce, phróstataigh nó scamhóg acu, díreach chuig aonad ailse i mbealach atá slán agus éifeachtach ó thaobh ama de. Tá thart ar 2,800 dochtúir ginearálta in Éirinn, ag obair in 1,300 cleachtadh. Tá 90% de dhochtúirí ginearálta ríomhairithe agus baineann siad úsáid as córas bainistíochta cleachtaidh (PMS).
- Bhuaiigh an rannóg um Chur chun Cinn na Sláinte, ag obair lena cuid páirtithe, an Gradam Lárnach agus an Gradam Oideachais as an suíomh idirlín Get Ireland Active. Is foinse eolais ilfhreastail é Get Ireland Active faoi conas ar féidir a bheith níos gníomhaí go fisiciúil in Éirinn. Baintear úsáid go forleathan as an uirlis chuardaigh imeachtaí atá ar an suíomh, le breis is 20,000 imeacht á gcur faoi bhráid ag clubanna, eagraíochtaí agus daoine aonair le linn an chéad ráithe de 2012.



C-D: Vincent Jordan, Bainisteoir Clár TFC; an Dr. Susan O'Reilly, Stiúrthóir, an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse; Marie Lalor, Bainisteoir Tionscadail, Tionscadal Náisiúnta Healthlink; Brendan Howlin, TD, Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; Eileen Nolan, Bainisteoir Tionscadail, NCCP; an Dr. Marie Laffoy, Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta, NCCP; Pat O'Dowd, an Grúpa Teicneolaíochta Faisnéise um Chleachtadh Ginearálta; Kieran Ryan, POF, ICGP.

**Figiúr 6: Athrú um Chostas Pá FSS 2012 v 2011 (€m)**



Foinse sonraí: Airgeadas Corparáideach FSS




## Bainistiú um Fhás Costais agus Laghdú Costais (An tSeirbhís Sláinte trí chéile – Reachtúil agus Deonach)

Bhí sé an-deacair luach ar airgead a choinneáil agus a sholáthar agus an fás i gcostais a bhainistiú in 2012, ar an leibhéal céanna is a ndearnadh sna blianta roimhe sin (€862m le haghaidh na mblianta 2007-2011). Baineadh éifeachtúlachtaí suntasacha amach le blianta beaga anuas, ní hamháin trí laghdúithe costais iarbhrí a sholáthar le luach ar airgead, bainistiú buiséid agus tionscnaimh athchumraithe seirbhíse, ach freisin trí fhás i gcostais a bhainistiú agus dá bhrí sin costais a sheachaint.


Le linn 2012, d'ainneoin an méadú suntasach a bhí i gceist le costais chliniciúla dhíreacha agus indíreacha, leanadh de luach ar airgead a sholáthar ó thaobh airgeadais de, mar aon le fás i gcostais a bhainistiú i réimsí eile.

**Figióir 7: Anailís Phá gan Aoisliúntas san áireamh (€m)**



Foinse sonraí: Airgeadas Corparáideach FSS

**Figióir 8: Caiteachas Neamhphá 2006-2012 (€m)**




Foinse sonraí: Airgeadas Corparáideach FSS

Lean na costais phá ag laghdú (€133m nó 2% sa bhliain) tráth a raibh gníomhaíocht seirbhíse méadaithe ann. Rinneadh laghdúithe sna catagóirí foirne go léir, ó 4% i bpá na foirne tacaíochta go dtí méadú 1% i bhfoirne míochaine (a bhain le hearcú tosaíochta lianna comhairleacha).

Tháinig méadú ar chostais neamhphá den chéad uair ó 2008 i leith, de bharr méadú ar chostais cógas sa PCRS, ar íocaíochtaí le DGanna, cógaiseoirí agus fioclóirí, ar chostais chliniciúla maidir le cúrsaí míochaine agus máinliachta agus ar dhiagnóisic. B'ionann an glanméadú i gcostais neamhphá idir 2011 agus 2012 agus €176m nó 2.8% nuair a fhágtar íocaíochtaí maidir le Scéim Tacaíochta na dThithe Altranais as an áireamh. Bhí laghdú comhlán sa bhreis ar €55m i gceist áfach.

Lean na costais oibriúcháin ag laghdú le linn 2012 faoi 3% nó os cionn €7m, lenar áiríodh laghdú €3m ar chostais ghlantacháin, fad is ar tháinig laghdú beagnach €20m ar chostais tacaíochta eile amhail cothabháil, taisteal agus cothú, árachas, baincéireacht, agus oideachas agus oiliúint.

**Figióir 9: Luach ar Airgead Carnach/Coigilt Costais Seachadta (€m)**



Foinse sonraí: Airgeadas Corparáideach FSS

## Socrúithe Seirbhíse leis an Earnáil Neamhreachtúil

Sholáthair FSS maoiniú de chuid €3.45bn do ghníomhaireachtaí neamhreachtúla chun seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar.

- Ospidéal Dheonacha Géarmhíochaine €1.77bn (51%)
- Gníomhaireachtaí Neamh-Ghéarmhíochaine €1.68bn (49%)

Tugadh maoiniú do 2,680 gníomhaireacht san iomlán, agus bhí breis is 4,381 socrú maoinithe ar leithligh ar bun. Bhí deich ngníomhaireacht i gceist le breis is 50% den mhaoiniú agus bhí 112 gníomhaireacht i gceist le breis is 90% den mhaoiniú.

Bhí Comhaontú Seirbhíse/Comhaontú Cúnaimh Dheontais ar bun ag 89% de na gníomhaireachtaí ag deireadh 2012, arb ionann agus 94% den mhaoiniú (spríoc 100%).

## Plean Caipitil 2012

B'ionann an caiteachas caipitíúil iomlán in 2012 agus €307.45m, lena n-áirítear deontais chaipitil do ghníomhaireachtaí deonacha dar luach €114.64m.

Tá 2,655 réadmhaoin in eastát FSS. Rinneadh dul chun cinn le roinnt tionscadal caipitil suntasach in 2012, lena n-áirítear:

- Rinneadh 19 Ionad Cúraim Phríomhúil nua a chur i gcrích nó a oscailt le linn na bliana, an chuid is mó díobh trí chomhaontú léasa.
- Uasghráduithe agus saoráidí nua inár n-ospidéal, amhail an Rannóg Éigeandála nua ag Ospidéal Ginearálta Chiarraí, an bloc míochaine nua ag Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn, bloc cúraim chriticiúil nua ag Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair i Luimneach agus forbairt chéim 2 ag Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath (an tAonad Fiobrósice Cistí, an tAonad Deirmeolaíochta agus bardaí).
- Stáisiúin otharcharranna nua/uasghráduithe in FSS an Iarthair agus FSS an Deiscirt.
- Aonaid Altrachta Pobail i mBaile Átha Cliath, i gCiarraí agus i gCorcaigh.
- Roinnt brúnna nua ar fud na tíre do dhaoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu agus acmhainn bhreise d'othair chónaitheacha i seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus déagóirí in Ospidéal Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath.

# Ag Feabhsú Cáilíochta agus ag Seachadadh Seirbhísí Sábháilte

Rialachas cliniúil a chur chun cinn agus ceannaireacht chliniciúil a fhorbairt • seirbhísí sábháilte a chinntiú • monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht agus ar fheidhmíocht an chórais ó thaobh sábháilteacht othar de, agus bainistiú riosca á chomhtháthú ar fud na heagraíochta • caighdeán náisiúnta agus cleachtais arna moladh ag FSS a chur i bhfeidhm • cultúr foghlama a fhorbairt agus úsáid córas intleachta a fhorleathnú le cabhrú chun cáilíocht, sábháilteacht agus éifeachtúlacht na seirbhísí sláinte a chur chun cinn

## Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha á gCur Chun Cinn

In 2012:

- Foilsíodh trí dhoiciméad treorach maidir le rialachas cliniúil um cháilíocht agus sábháilteacht a fhorbairt.
- I gcomhar le Coláiste Ríoga na Lianna in Éirinn (RCPI), tá an Clár um Cheannaireacht i gCáilíocht agus Athrú á chur ar fáil do chinnteoirí bainistíochta agus cliniúla mar chúrsa dioplóma, agus mar thacaíocht atá sainiúil don láithreán.
- Chuir Iniúchadh ar Shábháilteacht Othar agus ar Cháilíocht (QPSA) 23 iniúchadh i gcrích sa bhliain.
- Tríd an Oifig Náisiúnta um Iniúchadh Cliniciúil, tionóladh an chéad bhord rialachas ilgheallsealbhóirí chun maoirseacht a dhéanamh ar rolladh amach an iniúchta náisiúnta. Chuir Iniúchadh na hÉireann ar Mhortláiocht Máinliachta tús le forbairt feasachta agus tástáil úsáideoirí cliniúla an chórais. Chomh maith leis sin cuireadh tús le réiteach TFC a dhearadh agus a sholáthar do Chlár Ortaipéideach Náisiúnta na hÉireann agus cuireadh an nós imeachta soláthair i gcrích le haghaidh TFC chun tacú le cóimheas Iniúchadh an Aonaid Dianchúraim.
- Rinneadh an straitéis cúig bliana Health Care Acquired Infection (HCAI) and Antimicrobial Resistance Strategy a fhorbairt i gcomhar le grúpa comhairleach cliniúil RCPI. Seoladh beart cúraim antaibheathaigh náisiúnta agus uirlis HCAI ríomhfhoghlama le haghaidh bhaill foirne FSS.
- I mí an Mheithimh, bronnadh Dámhachtainí Feabhais sa tSeirbhís Phoiblí 2012 de chuid an Taoisigh ar cheithre thionscadal sláinte. Ba iad na tionscadail rathúla ná:
  - ‘The National Early Warning Score and COMPASS Education Programme’, tionscadal lena gcuirtear feabhas ar an gcuntas teiste um shábháilteacht inár seirbhísí sláinte.
  - Ospidéal Ginearálta Bheanntaí maidir le seirbhís ghéarstróc ardchaighdeán a sholáthar in Iarthar Chorcaí agus i nDeisceart Chiarraí.
  - Ospidéal Beaumont maidir lena thionscadal dar teideal ‘Information Management for Better Patient Care’, trínar forbraíodh taifead leictreonach othair bunaithe ar an nGréasán a úsáidtear chun tacú le cúram cliniúil do dhaoine a bhfuil titmeas orthu.
  - Ospidéal an Chroí Rónaofa, Ros Comáin maidir lena thionscadal dar teideal ‘Dementia Care – The Eden Alternative’ atá dírithe ar shuíomhanna cúraim chónaithe a fheabhsú do dhaoine scothaosta.
- Cuireadh clár do Stiúthóirí Cliniúla ar bun, agus reáchtáladh ceardlanna oiliúna agus oideachais i mí na Samhna. Ceapadh ceann cliniúil náisiúnta chun tacú le Stiúthóirí Cliniúla ina ról bhainistíochta agus cheannaireachta.
- Seoladh leathanach gréasáin do bhaill foirne, ina soláthraítear naisc le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí reachtúla, rialála agus comhlíontachta i dtreo is go mbeidh na baill foirne in ann teacht ar an bhfaisnéis a chabhróidh leo an comhlíonadh ábhartha a bhaint amach.

## Fócas Ar...

Ó seoladh na Caighdeán Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Fearr Níos Sábháilte i mí an Mheithimh, tá an Stiúthóireacht Caighdeán agus Sábháilteacht Othar (QPS) ag obair go dlúth le soláthraithe seirbhísí túslíne (lena n-áirítear próbháideach agus deonach) ionas go bhforbrófaí cur chuige atá comhoibríoch, comhsheasmhach agus atá ag cur lena chaighdeán de shíor ó thaobh cur i bhfeidhm de. San áireamh leis seo forbraíodh **Uirlis Feabhsúcháin Caighdeán agus Feidhmíochta** chun tacú le soláthraithe seirbhísí nuair atá measúnú á dhéanamh i leith na gCaighdeán Náisiúnta. Tá an próiseas measúnaithe sin ar cheann de na príomh-shlite ar féidir le soláthraithe aonair a bheith cinnte faoi chaighdeán agus faoi shábháilteacht na seirbhísí atá á seachadadh acu. Beidh na caighdeán mar bhunús faoi cheadúnú amach anseo de na saoráidí cúraim shláinte ar fad in Éirinn mar atá beartaithe faoi chlár um athchóiriú sláinte.



- D'fhoilsigh FSS agus an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát sonraí faoin líon imeachtaí díobhálacha a thuairiscigh ospidéal agus saoráidí cúraim sláinte pobal-bhunaithe in 2011 i mí Dheireadh Fómhair. Tá imeachtaí díobhálacha a thaifeadadh agus iniúchadh a dhéanamh ar an gcúis a bhí leo agus ar an gcaoi inar tharla siad ina chuid rithábachtach de chultúr sábháilteachta othar a chur chun cinn. Tacaíonn sé le hiniúchadh agus soláthraíonn sé faisnéis d'othair agus dá dteaghlach, tugann sé deis do sheirbhísí anailís a dhéanamh ar threochtaí agus feabhsú ar bhonn leanúnach, agus soláthraíonn sé faisnéis do phleanáil na seirbhísí sláinte amach anseo.

# Ár nDaonra

Ó bunaíodh FSS tá béim leagtha ar sheirbhís sláinte náisiúnta a fhorbairt d'fhonn a chinntiú go mbeidh ar chumas daoine saol níos sláintiúla agus níos iomláine a chaitheamh, mar aon le sláinte a chur chun cinn agus a chosaint, drochshláinte a chosc, agus cúram ar an gcaighdeán is airde a sholáthar go tráthúil agus sa suíomh is oiriúnaí dóibh siúd a dteastaíonn cúram uathu. Baineann tábhacht leis an bhfaisnéis dhéimeagrafach seo a leanas i gcomhthéacs léargas a thabhairt ar na dúshláin atá le sárú ag FSS, agus is iad na dúshláin agus na treoictaí sláinte sin atá mar bhonn lenár soláthar seirbhíse a chur in ord tosaíochta agus a phleanáil.

## Roinnt Fíricí agus Figiúirí


- Is é 4,585,500 daonra measta na hÉireann.
- Tá daonra na hÉireann imithe i méid go láidir ó Dhaonáireamh 2006, ag méadú faoi 352,500 duine nó 8%.
- Cláraíodh 74,650 breith in 2012.
- Cé go bhfuil an ráta torthúlachta trí chéile imithe i léig beagán agus é ag 2.04 faoi láthair, tá an ráta torthúlachta is airde ag Éire go fóill i measc tíortha an AE (is é 1.56 meán an AE).
- Bhí an ráta dífhostaíochta sa Stát trí chéile cothrom le beagnach 15%.
- Tá beagnach 40% den daonra incháilithe don raon seirbhíse sláinte atá ar fáil leis an gcárta leighis.
- Gach bliain bíonn 20,000 duine eile le cur san áireamh sa líon iomlán daoine atá 65 bliain d'aois nó níos sine, agus faoin mbliain 2035 beidh an daonra os cionn 65 bliain d'aois dúbailte go breis is milliún.
- Tá beagnach 28% de na daoine atá 65 bliain d'aois agus níos sine atá ina gcónaí i dtithe príobháideacha, ina n-aonar sna tithe sin
- Tugadh méadú sa chéatadán seo faoi deara i gcomhréir le méadú san aois, agus tá beagnach 37% de na daoine atá 75 bliain d'aois agus níos sine ag maireachtáil ina n-aonar agus tá an rud céanna fíor faoi 44% de na daoine atá 85 bliain d'aois agus níos sine.

## Ionchas Saoil agus Rátaí Mortlaíochta

- Tá daoine ag maireachtáil níos faide – mhéadaigh an líon daoine os cionn 65 bliain d'aois 14% ó 2006.
- Ba chóir go mbeadh fir ag súil le maireachtáil ar feadh tréimhse níos faide, ar an meán, 76.8 bliain agus mná 81.6 bliain.
- Le deich mbliana anuas tugadh méadú ar ionchas saoil faoi deara, mar gheall ar laghdúithe suntasacha ar phríomhchúiseanna báis, galair a chuireann as don chóras imshruthaithe mar shampla.
- In 2011, bhí galair a bhain leis an gcóras imshruthaithe luaithe le beagnach 33% de na básanna ar fad a cláraíodh.
- Tá na rátaí coibhneasta marthanais cúig bliana d'ailisí roghnaithe (ailse chíché, cholairiecteach agus cheirbheacs) níos ísle in Éirinn ná na meánrátaí atá luaite le tíortha san AE. Ach tá an bhearna ag cúngú go háirithe i ndáil le hailse chíché agus ailse cheirbheacs.


- Maidir leis na rátaí ailse, in Éirinn tá an ráta cothrom le 2.2% os cionn mheánráta mortlaíochta an AE agus 9% níos airde i gcomhthéacs na ngalar a bhaineann le caitheamh tobac (agus is ailse a bheidh i gceist lena lán de na galair sin).
- Bhí na rátaí báis a d'eascair as féinmharú (10.8 in aghaidh gach 100,000 in 2010) 6% níos ísle ná rátaí 2005, an bhliain ar foilsíodh Reach Out (an straitéis náisiúnta gníomhaíochta chun féinmharú a chosc).
- Tugtar méadú ar leitheadúlacht galar ainsealach faoi deara i gcomhréir le méadú aoise. Baineann suntas leis seo ó tharla luas a bheith faoin méadú atá ag teacht ar dhaonra na ngrúpaí aoise is sine.

**Figiúr 10: Daonra san Aoisghrúpa Scothaosta 2012 agus Daonra Réamh-mheasta 2015-2040 ('000)**



Foinse sonraí: Health in Ireland – Key Trends 2012 (An Roinn Sláinte)

**Figiúr 11: Básanna de réir Príomhchúiseanna, Dáileadh % 2012**



Foinse sonraí: Health in Ireland – Key Trends 2012 (An Roinn Sláinte)

## Ár Leanaí


- Is leanaí iad 25% dár ndaonra i gcomparáid le meán an AE de chuid 19%.
- Tá ár ndaonra leanaí méadaithe 13.4% ó Dhaonáireamh 2006, tá méadú 17.9% tagtha ar an líon leanaí réamhscoile (0-4 bliana d'aois) agus méadú 12% ar an líon leanaí bunscoile (5-12 bhliain d'aois).
- Is i dteaghlach aon-tuismitheora atá thart ar leanbh amháin as gach seisear leanaí ina gcónaí.
- Tá méadú 30.3% tagtha ar an líon leanaí ón Lucht Siúil ó Dhaonáireamh 2006 agus tá méadú 49.5% tagtha ar an líon leanaí ar náisiúnaigh choigríche iad.
- Tá míchumas ag nach mór 6% de dhaonra na leanaí in Éirinn.

## Fócas Ar...

Seoladh **Your Guide to Healthy Eating Using the Food Pyramid** in 2012 agus é dírithe ar gach duine ar aois cúig bliana nó níos sine dóibh. Tá na treoirínte soláimhsithe agus tá dhá leathanach ag gach seif de phirimid an bhia ag tabhairt eolais agus béime pictiúrtha le teachtaireachtaí simplí faoi roghanna bia ó lá go lá.

Is treoirínte athbheithnithe iad sin a dhíríonn isteach ar bhíanna agus ar dheochanna tipiciúla a chuimsíonn timpeall 100 calra. Díríonn siad ar an riachtanas gan níos mó ná sciar amháin a ithe in aghaidh an lae agus ar laghdú bianna agus deochanna ón tseif uachtarach. Is faoi bhia sláintiúil agus ní faoi chailliúint meáchain í an chomhairle sa leabhrán atá dírithe ar pháistí. Tá fíricí ann faoi bhíanna agus faoi dheochanna éagsúla agus faoi na difríochtaí calra atá ann idir sciartha bia. Tugtar samplaí de phlean itheacháin laethúil.

Tá an chomhairle itheacháin nua bunaithe ar an gcomhairle eolaíochta is fearr atá ar fáil agus forbraíodh é le sonraí tomhaltais Éireannaigh.



## Fócas Ar...



Seoladh **An Suirbhé faoi Iompar Sláinte i Leanaí ar Aois Scoile (HBSC)** i mí Aibreáin. Staidéar trasghearrthach is ea é a stiúradh i gcomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus é curtha gcrích ag an Ionad Taighde um Chothú Sláinte, Ollscoil na hÉireann (OÉ), Gaillimh. Reáchtálar é gach 4 bliain agus in 2010 ghlac 43 tír agus réigiún páirt.

Is í an sprioc atá ag an staidéar ná cur le tuiscint ar shláinte agus ar fholláine na hóige, ar a n-iompar sláinte agus ar a gcomhthéacs sóisialta. Ina iomláine ghlac 16,060 páiste idir 9 agus 18 mbliana d'aois ó 256 scoil ar fud Éireann páirt sa suirbhé le 67% de na scoileanna ar tugadh cuireadh dóibh agus 85% de pháistí ar tugadh cuireadh dóibh ag glacadh páirte.

### An méid a d'aimsigh an suirbhé...

- Tríd is tríd, dúirt 20% de na páistí go n-itheann siad torthaí níos minice ná uair sa ló (19% in 2006) agus dúirt 20% díobh go n-itheann siad glasraí níos minice ná uair sa ló (18% in 2006).
- Dúirt 37% de na páistí go n-itheann siad milseáin uair amháin sa lá nó níos minice (39% in 2006).
- Dúirt 21% díobh go n-ólann siad deochanna boga uair sa ló nó níos minice (26% in 2006).
- Dúirt 13% de na páistí nach mbíonn bricfeasta riamh acu i rith na seachtaine (14% in 2006).
- Dúirt 21% de na páistí go ndeachaigh siad ar scoil nó ar leaba uair éigin agus ocras orthu (17% in 2006).
- Ina iomláine dúirt 51% de na páistí mbíonn siad i mbun aclaíochta ceithre huair nó níos minice sa tseachtain (athrú an-bheag ó 2010).
- Tríd is tríd tá laghdú ó 2006 in úsáid thuairiscithe maidir le tabac, le halcól agus le cannabis i measc páistí scoile in Éirinn.

Anuas air sin, tugann an tuarascáil **State of the Nation's Children: Ireland 2012**, anailís ar tháscairí soch-dhéimeagrafacha agus fholláin an pháiste. Fiosraíonn sé ceisteanna maidir le sláinte agus oideachas an pháiste, chomh maith lena thorthaí sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochacha agus tá sé ullmhaithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i gcomhpháirtíocht leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus leis an Ionad Taighde um Chothú Sláinte ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.





# Ag Éisteacht le hÚsáideoirí ár Seirbhísí

## Réamhrá

In 2012, chuir Aonad Náisiúnta Abhcóideachta FSS roinnt tionscnamh chun cinn chun tacú le húsáideoirí ár seirbhísí:

- Tarraingíodh aird an phobail ar *Tusa agus do Sheirbhís Sláinte [You and Your Health Service, the National Healthcare Charter]*, an Chairt Náisiúnta um Chúram Sláinte, ráiteas gealltanais maidir le hionchais agus le freagrachtaí cúraim shláinte, ag an gcéad Chomhdháil um Shábháilteacht Othar i mí Feabhra.
- Reáchtáil an tAonad Náisiúnta Abhcóideachta sraith seisiún faisnéise d'fhonn cabhrú leis an bhfoireann aird a tharraingt ar an gCairt Náisiúnta um Chúram Sláinte agus tacú leis an gcairt a chur i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil. Tá sraith acmhainní cumhachtaithe forbartha le tacú le hothair ról níos rannpháirtí a bheith acu i gcinntí a dhéanamh faoina sláinte féin.
- Tá príomhghníomhaíochtaí forbartha d'fhonn tacú le rochtain uilechoiteann ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta do dhaoine faoi mhíchumas, cosúil le hoifigigh rochtana a ainmniú i bpríomhospidéal, in ionaid seirbhíse príomhúla agus pobail, agus treoirlínte a fhorbairt a bheidh mar bhonn le tacú le seirbhísí sláinte inrochtana.
- Cuireadh tús leis an obair a bhain le gréasán d'Othair ar son Sábháilteacht Othar a bhunú, bunaithe ar mhúnla na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS), múnla a bhfuil sé mar aidhm leis sábháilteacht othar a bhfuil cúram sláinte á fháil acu a fheabhsú. Lorgaíodh léirithe spéise ó úsáideoirí seirbhíse agus ón bhfoireann cúram sláinte agus reáchtáladh seisiún faisnéise.
- Leanadh ag obair ar na láithreacha píolótacha Nochtadh Oscailte (Ospidéal Ollscoil Chorcaí agus Ospidéal an Mater Misericordiae) agus cuireadh tús le cur i bhfeidhm náisiúnta an bheartais um Nochtadh Oscailte.
- Cuireadh tús le hathbhreithniú a dhéanamh ar bheartas agus nósanna imeachta *Do Sheirbhís Do Dheis Cainte [Your Service Your Say]* chun aiseolas ó na húsáideoirí seirbhíse a bhainistiú.

## Moltaí agus Gearáin – FSS

In 2012, taifeadh 5,200 moladh, ach is fiú a lua freisin nach ndéantar gach moladh a thaifeadh. Tá obair ar bun i gcónaí chun an fhoireann a spreagadh chun moltaí a thaifeadh ar bhonn réamhghníomhach sa mhéid is gur cuid thábhachtach den aiseolas ó na húsáideoirí seirbhíse atá ann, mar aon le deis sonraí a bhailiú faoi na gnéithe dearfacha de na seirbhísí atá á soláthar againn agus foghlaim ó na gnéithe dearfacha sin.

Thaifead agus scrúdaigh oifigigh ghearáin 6,813 gearán, laghdú 9% ar an líon gearán a fuarthas in 2011. As an líon iomlán gearán a fuarthas i mbliana, déileáladh le 4,664 nó 69% díobh laistigh de 30 lá oibre.

**Tábla 2: Gearáin FSS a Fuarthas agus % Ar Déileáladh Leo Laistigh de 30 Lá Oibre**

Bliain	Líon na nGearán a Fuarthas	Líon agus % Ar Déileáladh Leo Laistigh de 30 Lá Oibre
2012	6,813	4,664 (69%)
2011	7,449	5,623 (75%)
2010	8,434	6,489 (77%)

Foinse sonraí: Aonad Náisiúnta Abhcóideachta FSS

**Tábla 3: Gearáin FSS de réir Réigiúin**

Ceantar Geografach	2011	2012
Baile Átha Cliath Lár-Laighean	2,093	1,153
Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh	2,116	1,427
Deisceart	1,163	2,069
Iarthar	1,743	1,632
Seirbhísí um Athchistiú Cúraim Phríomhúil	334	532
<b>Iomlán</b>	<b>7,449</b>	<b>6,813</b>

Foinse sonraí: Aonad Náisiúnta Abhcóideachta FSS

Bhain 45% de na gearáin a fuarthas agus ar déileáladh leo in 2012 le cóireáil agus seachadadh seirbhíse. Tháinig méadú 28% ar an líon gearán a rinneadh sa chatagóir seo i gcomparáid le 2011. Bhain 12% de ghearáin le moilleanna agus agá feithimh, laghdú 67% i gcomparáid le 2011. Bhain 9% de na gearáin ar fad a fuarthas in 2012 le dearcadh/iompar foirne, agus bhain 8% de na gearáin a rinneadh le cumarsáid.



Ag an dara Comhdháil Náisiúnta faoi Shábháilteacht Othar (C-D): an Dr. Philip Crowley, Stiúrthóir Náisiúnta um Chaighdeán agus Shábháilteacht Othar; Greg Price, Stiúrthóir Abhcóideachta; an Dr. James Reilly TD, Aire Sláinte; June Boulger, Ceannaire Náisiúnta ar Rannpháirtíocht Úsáideoirí Seirbhíse; Mila Whelan, Aonad Náisiúnta Abhcóideachta.

**Tábla 4: Catagóirí de Ghearáin FSS a Fuarthas in 2012**

Catagóir	2011	2012	% Athrú	Difríocht
Moilleanna/Agáí Feithimh	2,435	805	-67%	-1,630
Seachadadh Seirbhíse/Cóireála	2,388	3,049	+28%	+661
Cumarsáid	672	560	-17%	-112
Meon/Dóigh na Foirne	653	633	-3%	-20
Áiseanna/Foirgnimh	285	325	+12%	+40
Cealú	138	107	-22%	-31
Tuairim Chliniciúil	116	159	+37%	+43
Cóiríocht/Bia Ospidéal	137	117	-15%	-20
Rialú Ionfhabhtuithe	85	56	-34%	-29
Réamhscoile	64	51	-20%	-13
Tithe Altranais/Cúram Cónaitheach do Dhaoine Scothaosta	29	21	-28%	-8
Muinín sa Chúram	26	23	-12%	-3
Gearáin Chráiteacha	21	25	+19%	+4
Tús Áite do Leanaí	16	28	+75%	+12

Foinse sonraí: Aonad Náisiúnta Abhcóideachta FSS

Tabhair faoi deara: Cuimsíonn roinnt gearán iliomad ceisteanna agus, dá réir sin, baineann siad le roinnt catagóirí éagsúla.

## Moltaí agus Gearáin – Gníomhaireachtaí agus Ospidéal Deonacha

Thaifead ospidéal agus gníomhaireachtaí deonacha 20,006 moladh. Is céim réamhghníomhach atá anseo i ndáil le haiseolas dearfach a thaifeadadh.

In 2012 fuair agus bhainistigh ospidéal agus gníomhaireachtaí deonacha 8,704 gearán, agus in 2011, taifeadadh 6,726 gearán. Is ionann an figiúr seo agus méadú 29% ar an líon gearán i gcomparáid leis an mbliain seo caite.

As an líon iomlán gearán a fuair agus a bhainistigh na hospidéal agus na gníomhaireachtaí deonacha, déileáladh le 6,450 nó 74% laistigh de 30 lá oibre.

## Tionscadal Rangaithe Gearán

In 2012, reáchtáil ocht gcinn d'Ospidéal Oilíúna Acadúla Bhaile Átha Cliath rangú gearán ar bhonn píolótach de réir ocht bprionsabal na Cairte Náisiúnta um Chúram Sláinte – Rochtain, Dínit agus Meas, Cúram Sábhailte agus Éifeachtach, Cumarsáid agus Faisnéis, Rannpháirtíocht, Priobháideacht, Ag Feabhsú Sláinte, Cuntasacht. Ar an iomlán, logáladh 3,818 gearán de réir na bprionsabal. D'fhonn tacú le bailiú sonraí baineadh úsáid as córais áitiúla teicneolaíochta faisnéise.

**Tábla 5: Treoirthionscadal um Shonraí Gearán faoin gCatagóirí Nua**

Catagóir	Líon na nGearán Logáilte Faoi Gach Catagóir
Rochtain	1,047
Dínit agus meas	237
Cúram sábhailte agus éifeachtach	1,165
Cumarsáid agus faisnéis	1,215
Rannpháirtíocht	18
Priobháideacht	42
Ag feabhsú sláinte	28
Cuntasacht	479

Foinse sonraí: Aonad Náisiúnta Abhcóideachta FSS

Tabhair faoi deara: Seo a leanas na hospidéal a ghlac páirt sa tionscadal píolótach seo – Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath, ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí, Ospidéal Beaumont, Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae, Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn, Ospidéal an Rotunda, Ospidéal San Séamas, Ospidéal Naomh Uinseann, agus Ospidéal Shráid an Teampaill. Cuimsíonn roinnt gearán iliomad ceisteanna agus, dá réir sin, baineann siad le roinnt catagóirí éagsúla.

## Gearáin faoi Chuid 2 agus 3 den Acht um Míchumas 2005

In 2012, fuarthas 179 gearán faoi Chuid 2 den Acht um Míchumas 2005 a bhain le measúnú riachtanas linbh i ndáil le seirbhísí míchumais. Fuarthas cúig ghearán faoi Chuid 3 den Acht um Míchumas 2005, rochtain ar fhoirgnimh agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

## Athbhreithnithe

Rinneadh 240 iarratas ar athbhreithniú in 2012. In 2011, rinneadh 168 iarratas ar athbhreithniú. Is ionann seo agus méadú 43% ar an líon iarratas ar athbhreithniú faighte agus scrúdaithe. Féadtar athbhreithniú a lorg faoi Chuid 9 den Acht Sláinte 2004 sa chás go bhfuil gearánach míshásta leis na moltaí a rinneadh i ndiaidh imscrúdú a dhéanamh ar a ngearán. In 2012 lorgaíodh athbhreithniú i ndáil le 3.5% de na gearáin a rinneadh.

## Líne Faisnéise Náisiúnta

Dhéileáil an Líne Faisnéise Náisiúnta le 130,796 glao in 2012. Is ionann seo agus laghdú de 3,250 glao nó 2% i gcomparáid le 2011. Dhéileáil Ionad Luimnigh um Sheirbhís do Chustaiméirí, arb ionann é agus cuid den Líne Faisnéise Náisiúnta a sholáthraíonn seirbhís siúl-isteach, le 5,540 cuairteoir agus 2,030 fiosrú poist in 2012.







# Ag Feabhsú an tSeachadta Seirbhíse



# Ag Cur Chun Cinn Sláinte agus Folláine

Cur chun cinn, cosaint agus feabhsú sláinte • díriú ar chur chun cinn na sláinte • sláinte leanaí a fheabhsú lena n-áirítear imdhíonadh agus scagthástáil • monatóireacht agus cur chun feidhme feidhmeanna sláinte comhshaoil • pleanáil agus ullmhúchán do mhóréigeandálaí

## Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha á gCur Chun Cinn

In 2012:

- Tionóladh grúpa náisiúnta idirghníomhaireachta sláinte phoiblí i ndiaidh méadú suntasach a thabhairt faoi deara sna fógraí maidir le Escherichia coli véaraicíteatocsaigineach (VTEC) (558 fógra) ar fud na hÉireann in 2012.
- Cuireadh tús le plean rialúcháin náisiúnta eitinne (TB). I rith na bliana, fógraíodh 371 cás eitinne.
- Tá 19 campas ospidéal saor ó tobac.
- Cuireadh oiliúint maidir le hidirghabhálacha gearrthréimhseacha chun éirí as an tobac ar 1,087 foireann túslíne i gcampais cúraim phríomhúil agus campais ghéarmhíochaine.
- Cuireadh críoch le Staidéar Democophes, staidéar a raibh sé mar aidhm leis leibhéil na bpríomhthruailléan comhshaoil i ndaonra na hÉireann a chinneadh.
- Rinneadh 34,921 iniúchadh pleanáilte faireachais ar ghnóthaí bia.
- Rinneadh anailís agus imscrúdú ar 2,628 sampla bia mar chuid de phlean samplála ceimiceán.
- Cuireadh 316 ceannachán tástála tobac i gcrích agus tugadh ráta comhlíontachta 84% faoi deara.
- Rinneadh sampláil sábháilteachta ceimiceán ar 544 táirge cosmaideach.
- Rinneadh 744 cigireacht phleanáilte agus 1,155 cigireacht fhrithghníomhach d'fhonn measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le riachtanais sábháilteachta táirgí cosmaideacha.
- Rinneadh measúnú ar 2,754 sampla d'uisce óil d'fhonn comhlíontacht le riachtanais maidir le fluairídú an tsoláthair uisce óil a chinneadh.
- Cuireadh na rialuithe breise oifigiúla ar fáil do 100% den líon iomlán coinsíneachtaí bia allmhairithe, atá faoi réir Rialachán 669/2009 a bhaineann le rialuithe breise.

## Fócas Ar...

### Cláir Imdhíonachta agus Scagthástála

- Glacadh 95% maidir le himdhíontaí na hóige ag 24 mhí.
- Glacadh 92% don chéad dáileog den vacsaín MMR ag 24 mhí.
- Tá 81.9% de chailíní sa 1ú bliain críochnaithe leis an 3ú dáileog de chúrsa vacsín HPV.
- Fuair 72.5% de chailíní sa 6ú bliain an 3ú dáileog de vacsín HPV.
- Bhí scagthástáil forbartha cheana féin ag 86% de na leanaí a raibh 10 mí slánaithe acu.
- Thug alra sláinte poiblí cuairt ar 84% de naíonán nuabhairthe laistigh de 48 uair a chloig tar éis scaoileadh amach as an ospidéal iad.
- Rinneadh scrúdú scagthástála ar 72,232 naíonán nuabhairthe, faoin gclár náisiúnta scagthástála spotafola nó 'tástáil phrioc na sáile', a dhéantar ar gach naíonán nuabhairthe, le haghaidh sé riocht annamha.
- Tá sé fós ina phríomh-thosaíocht a chinntiú go bhfuil rátaí glactha vacsín ag teacht le spriocanna idirnáisiúnta agus is tosaíocht leanúnach é freagairt ar bhriseadh amach galair náisiúnta (m.sh. 400 cás den triuch a tuairiscíodh in 2012).
- Cuireadh i bhfeidhm clár athbhreithnithe le haghaidh Tdap (teann-vacsín don teiteanas, don diftéire agus don triuch).

## Fócas Ar...


Tharla an 41ú bliain de Chluichí Pobail FSS inar ghlac breis agus 500,000 rannpháirtí agus 20,000 oibrí dheonacha páirt in éineacht le 1.3 milliún de lucht tacaíochta. Tá sé mar sprioc ag na cluichí maireachtáil fholláin a chur chun cinn i ngach réimse den ghnáth-shaol, le gníomhaíocht choirp agus bia folláin san áireamh, mar aon le feasacht alcóil agus scor ón tobac. Le déanaí chuir an feachtas 'Little Steps', arna réachtáil ag FSS agus Safefood, nósanna maireachtála folláine chun tosaigh trí bhreis torthaí agus glasraí a ithe, trí bhéilí folláine a ullmhú sa bhaile mar theaghlach, agus trí a bheith gníomhach go fisiciúil ar feadh 30-60 nóiméad in aghaidh an lae.



Páistí ag ceiliúradh seoladh Chluichí Phobail 2012.

- Tugadh faoi chláir spriocdhírithite um chur chun cinn na sláinte sna réimsí seo a leanas – tobac, murtall, alcól, beathú cíche agus meabhairshláinte dhearfach.
- Bhuaigh feachtas QUIT FSS dhá ghradam óir ag Gradaim na hÉifeachtachta Fógraíochta (IAPi AdFx). Tá breis is 44,000 "like" faighte ag leathanach facebook QUIT. Tá méadú 70% tugtha faoi deara sa líon daoine a chláraigh do phleananna QUIT ar líne.
- Bhuaigh FSS Gradam rRialtais dá suíomh gréasáin GetIrelandActive.ie, foinse faisnéise, comhairle agus inspreagtha do dhaoine ar mian leo a bheith níos gníomhaí.
- D'fhoilsigh Clár um Thoirchis Ghéarchéime FSS taighde nua a léiríonn go bhfuil feabhas tagtha ar oideachas gnéis agus úsáid fhrithghiniúnach i measc daoine óga.
- Seoladh an Feachtas Gníomhaíochta Antaibheathach 'Taking Antibiotics for Colds and Flu? There's no point' i mí na Samhna d'fhonn béim a leagan ar an bpointe go bhfuil ról tábhachtach ag gach duine in úsáid cheart antaibheathach a chinntiú.
- Rinneadh tuilleadh forbartha ar phleananna agus ar nósanna imeachta náisiúnta agus réigiúnacha idirghníomhaireachta i mbainistíocht éigeandála i gcomhar le gníomhaireachtaí freagartha agus ranna rialtais eile.
- Forbraíodh nósanna imeachta chun imeachtaí a mbíonn sluaite ag triall orthu a bhainistiú.

Figiúr 12: Rátaí Imdhíonachta na hÓige ag 24 mhí



Foinse sonraí: Tuarscálacha Feidhmíochta FSS

# Ag Tacú le Daoine i gCúinsí um Chúram Príomhúil

Sláinte an daonra a bhainistiú, laistigh de chúinsí um chúram príomhúil, den chuid is mó • seirbhísí cúraim phríomhúil a bhainistiú • Gréasáin agus Foirne Cúraim Phríomhúil (FCPanna) a fheabhsú • bainistíocht galar ainsealach a fhorbairt agus bealaí cúraim a chur i bhfeidhm in FCPanna • cur leis an gcúram saor in aisce um chlinic dochtúra ghinearálta (DG)

## Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha á gCur Chun Cinn

### In 2012:

- Leithdháileadh €372m le caitheamh ar sholáthar seirbhísí cúraim phríomhúil.
- Forbraíodh Múnla Leithdháilte Acmhainní chun €20m a leithdháileadh in 2013 chun cúram príomhúil a fhorbairt agus chun tacú le hearcú post túslíne.
- Sholáthair 426 FCP seirbhísí do bheagnach 3.9m duine.
- Bhí 4,710 den fhoireann ag obair ar FCPanna nó ar Ghréasáin.
- Bhí 19 Ionad Cúraim Phríomhúil críochnaithe nó oscailte roimh thús na bliana.
- Ghlac breis is 1,675 DG páirt in FCPanna.
- Cuireadh 13,126 atreorú faoi bhráid 6 Fhoireann Idirghabhála Pobail (FIP) (76% ó RÉanna nó seachaint ospidéal/scaoileadh abhaile go luath, 14% ó DGanna, 10% ón bpobal).
- Rinneadh beagnach 997,000 teagmháil le seirbhísí DG lasmuigh d'uaireanta oibre.
- Fuarthas breis is 168,719 atreorú fisiteiripe cúraim phríomhúil.
- Fuarthas breis is 68,000 atreorú teiripe shaothair cúraim phríomhúil.

## Fócas Ar...

Oscailíodh Ionad Cúraim Phríomhúil Oileán an Rí i gCathair Luimnigh i mí Dheireadh Fómhair, in éineacht le seoladh FCP. Comhtháthaíonn an t-ionad nua réimse seirbhísí cúraim phríomhúil, lena n-áirítear DGanna, altraí pobail, fisiteiripeoirí, teiripeoirí ceirde, diaitéiteach pobail agus teiripeoir urlabhra agus teanga.



An tAire Sláinte, an Dr. James Reilly T.D. ag oscailt oifigiúil Ionad Cúraim Phríomhúil Oileán an Rí agus ag seoladh an FCP.




Foirgneamh nua nuálach cúram sláinte in Inse Chór



- Soláthraíodh breis is 731,000 seirbhís oftalmach d'aoisigh agus beagnach 70,000 seirbhís oftalmach do leanaí.
- Rolladh scagthástáil éisteachta do naíonáin nuabheirthe amach i limistéir DML, DNE agus an Deiscirt agus déanfar an tseirbhís a rolladh amach san iarthar go luath in 2013.
- Táthar ag leanúint le bealaí cúraim a fhorbairt idir seirbhísí cúraim phríomhúil agus seirbhísí do leanaí agus do theaghligh, seirbhísí míchumais agus seirbhísí meabhairshláinte.
- Rinneadh an clár oiliúna d'altraí cúraim phríomhúil a athdhearadh agus beidh sé á chur i bhfeidhm i gcúig ionad aille. Bainfidh thart ar 400 altra leas as an gclár.
- Rinneadh dul chun cinn maidir le hoiliúint DG a aistriú chuig Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann (ICGP).
- Forbraíodh r-fhoghlaim do ghalar cíche i gcomhar le ICGP agus tá an áis ar fáil ar a láithreán gréasáin. Tá an oiliúint seo curtha ar bhreis is 900 DG. Déanfar an áis r-fhoghlama seo a mhéadú chun galar próstatach agus scamhóg a chur san áireamh.
- Forbraíodh áis r-fhoghlama chun éirí as an tobac do phearsanra cúraim phríomhúil.
- Caitheamh leithdháileadh €1.059m ar infreastruchtúr TFC dála ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine agus printéirí do FCPanna.
- Leanamar le córais atreoraithe leictreonacha TFC a fhorbairt laistigh de agus idir cúram príomhúil agus an eamáil géarmhíochaine.
- D'éascaigh céim a haon de Athbhreithniú Straitéiseach Neamhspleách ar Sheachadadh agus ar Bhainistíocht Sheirbhísí Fiaclóireachta FSS Príomhphoist Déidliachta a athshannadh chuig príomhréimsí.
- Cuireadh tús le hathbhreithniú neamhspleách ar sheirbhísí béil agus mascaille agus le hathbhreithniú neamhspleách ar sheirbhísí ortódontacha, athbhreithnithe a bhfuil sé mar aidhm leo na socruithe bainistíochta eagraíochta atá ann i láthair na huair a mheas.
- Liostaí feithimh ainéistéise ghinearálta fiaclóireacht phráinneach d'aoisigh faoi mhíchumas intleachta a laghdú:
  - Cuireadh tús le seirbhísí réigiúnacha a fhorbairt chun Fiaclóireacht Sainchúraim a sholáthar in ionaid fheiliúnacha (seirbhísí cúraim phríomhúil mar shampla) trí dheis a thabhairt d'Fhoireann Fiaclóireachta FSS cáilíocht a bhaint amach – Dioplóma san Fhiaclóireacht Sainchúraim – trí thairbhe a bhaint as sparánacht.
  - Cuireadh tús le Clár na Dochtúireachta Cliniciúla, clár a d'éascaigh comhordú na fiaclóireachta sainchúraim ar fud na tíre.

Figiúr 13: Atreoruithe FCP Glactha 2009-2012



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta FSS

# Ag Soláthar Scéimeanna Pobail

Thart ar 6,855 conraitheoir cúraim phríomhúil páirteach in 12 scéim cúraim phríomhúil leis an bpobal a chúiteamh • seirbhísí cúraim phríomhúil atá á soláthar ag DGanna a athrú trína chinntiú go bhfuil a socruithe seirbhíse ag tacú le hathchumrú an tsoláthair seirbhíse sláinte • raon tionscnamh sábhála costais a sheachadadh • clár suntasach nuachóirithe agus feabhais chun próiseáil cártaí leighis agus tascanna goimhara a lárú

## Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha á gCur Chun Cinn


### In 2012:

- Bhí an soláthar deiridh buiséid le haghaidh scéimeanna pobail, amhail an 31 Nollaig 2012, cothrom le €2,680m.
- Tá cárta leighis ag breis is 1.8m duine nó 40% den daonra, méadú 60% ó 2005 agus an líon is mó daoine riamh le cárta leighis a taifeadh.
- Bhí cárta cuairte DG ag 131,102 duine.
- Éilíodh luach 19.9m le hoidis na Seirbhíse Ginearálta Leighis agus bhí luach sa bhreis ar 61.8m luaite leis na nithe a éilíodh.
- Próiseáladh 918,824 éileamh breoiteachta fadtéarmaí.
- Próiseáladh éilimh ar fiú breis is 3m iad a bhain leis an scéim íocaíochta drugaí.
- Soláthraíodh 801,026 cóireáil faoin Scéim Oftalmach Pobail.
- Soláthraíodh 1,194,732 cóireáil faoin Scéim Seirbhíse Cóireála Fiaclóireachta.

Tá clár suntasach athraithe agus nuachóirithe a bhfuil lárú próiseáil cártaí leighis mar thoradh leis curtha i gcrích, clár a chiallaíonn gur féidir breis is 20,000 cárta leighis a eisiúint gach seachtain. Sular cuireadh an clár láráithe i gcrích bhí tréimhse idir 6-12 seachtain i gceist chun iarratais ar chártaí leighis a phróiseáil.


- Foilsíonn an tSeirbhís um Athchistiú Cúraim Phríomhúil (PCRS) tuascáil sheachtainiúil maidir le próiseáil cártaí leighis ar [www.medicalcard.ie](http://www.medicalcard.ie)
- Próiseáladh 96% de na hiarratais ar chártaí leighis, a bhí comhlánaithe i gceart, laistigh den aga slánúcháin 15 lá.
- Tá aisíocaíocht drugaí oinceolaíochta láráithe trí úsáid a bhaint as saineolas gnó agus as infreastruchtúr TF de chuid PCRS.
- Tá rochtain tugtha do DGanna ar uirlis tuairiscithe ar líne a chuireann ar a gcumas anailís a dhéanamh ar na hoidis atá scríofa acu féin.
- Tá Clár Ildisciplíneach Bainistíochta Cógas faoi stiúir cliniceoirí bunaithe chun ceannaireacht náisiúnta a sholáthar i ndáil le ceistanna a bhaineann le caighdeán na bpróiseas bainistíochta cógas, rochtain ar chógais agus costas cógas.
- I mí Dheireadh Fómhair 2012 i ndiaidh dian-idirbheartaíochtaí idir Irish Pharmaceutical Health Care Association, FSS agus an Roinn Sláinte, fógraíodh margat nua drugaí a bheidh mar bhonn le €400m a shábháil thréimhse trí bliana.

**Figiúr 14: Caiteachas Iomlán faoi Scéim na gCártaí Leighis (€m) agus Líon na nDaoine Faoi Chumhdach Cárta Leighis/Cárta Cuairte DG**



Foinse sonraí: Cuntais Bhainistíochta PCRS agus Anailís Staitistiúil PCRS

**Figiúr 15: Ardteicneolaíocht – Íocaíochtaí le Mórdhioltóirí (€m) agus Táillí Cúraim Othar do Chógaslanna (€m)**



Foinse sonraí: Cuntais Bhainistíochta PCRS agus Anailís Staitistiúil PCRS

# Ag Uasmhéadú Seirbhísí Ospidéil

**Modh seachadta ár seirbhísí géarmhíochaine a athchóiriú • sainseirbhísí a sholáthar • cláir chaighdeánaithe náisiúnta chliniciúla a chur i bhfeidhm • rochtain ar sheirbhísí ospidéil a fheabhsú • an bealach a chuirimid acmhainní ar fáil dár n-ospidéal a athrú • bainistíocht ospidéil a neartú agus cuntasacht a fheabhsú**

Tá brú suntasach ar bhuiséid na n-ospidéal géarmhíochaine le blianta beaga anuas agus caithfear acmhainn a bhainistiú ar aon dul le maoiniú d'fhonn inbhuanaitheacht airgeadais a chinntiú.

In 2012 tugadh tús áite do leibhéal na seirbhísí a sholáthraítear ó na hacmhainní atá ar fáil a chobhsú agus d'athchóiriú na slí a bhfuil seirbhísí ospidéal géarchéime á soláthar.

Is é bunchloch an chlár athraithe seo cláir náisiúnta cúraim chliniciúil FSS, a bhfuil tuilleadh sonraí fúthu sa tuarascáil seo, agus cuíchóiriú seirbhísí d'fhonn a chinntiú go bhfuil an úsáid is fearr agus is féidir á baint as gach suíomh ospidéil.

Ag cur leis an obair atá déanta le blianta beaga anuas, in 2012 tugadh tús áite do rochtain ar sheirbhísí ospidéil a fheabhsú trí obair na gclár náisiúnta cúraim chliniciúil agus an Aonaid Seachadta Speisialta a fheabhsú:

- Agaí feithimh othar a bhfuil cóireáil éigeandála á bhfáil acu a laghdú (trí thréachur tapa i ranna éigeandála nó iontrálacha níos tapa) nó cúram rognach nó pleanáilte (níor cheart go mbeadh aon othar ag feitheamh níos faide ná 9 mí ar ghnáthamh rognach).
- Bogadh ó chóireáil mar othar cónaitheach go cóireáil mar othar lae áit ár féidir ('othar cónaitheach go hothar lae').
- Cur le ráta na n-othar cónaitheach rognach a bhfuil an príomhghnáthamh déanta acu ar an lá iontrála.
- An meán-aga feithimh a laghdú.

Is táscaire tábhachtach maidir le héifeachtúlacht agus sástacht leis na seirbhísí atá á gcur ar fáil againn a thomhas é aiseolas a fháil ó úsáideoirí. In 2012 tugadh laghdú faoi deara sa líon gearán a taifeadh i gcatagóir na moilleanna/agaí feithimh (laghdú 67% i rith 2011).

## Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha a gCur Chun Cinn

**In 2012:**

- Leithdháileadh €3,978m do sholáthar seirbhísí ospidéil ghéarmhíochaine.

### Cúram rognach/sceidealaithe

- Fuair 603,911 duine cóir leighis mar othar cónaitheach (méadú 2.4% i gcomparáid le 2011) agus fuair 826,825 cóir leighis mar othar lae (méadú 1.7% i gcomparáid le 2011).
- Rugadh 70,520 leanbh inár n-ospidéal.
- Bhí 86 aosach ag feitheamh níos mó ná 9 mí le haghaidh máinliacht phleanáilte ag mí na Nollag (laghdú ó 4,678, laghdú 98% i gcomparáid leis an líon daoine a bhí ag feitheamh ag deireadh Eanáir 2012).
- Bhí 89 leanbh ag feitheamh níos mó ná 20 seachtain ar ghnáthamh rognach nó pleanáilte ag mí na Nollag (laghdú ó 1,712, laghdú 95% i gcomparáid leis an líon leanbh a bhí ag feitheamh ag deireadh Eanáir 2012).
- Ag deireadh na bliana, ní raibh aon othar ag feitheamh níos mó ná 28 lá, ón tráth atreoraithe, le haghaidh ionscópacht phráinneach.
- Bhí 36 othar ag feitheamh breis is 3 mhí ar ionscópacht ghastristéigeach ag deireadh mhí na Nollag (5,070 níos lú nó laghdú 99% i gcomparáid leis an líon othar a bhí ag fanacht ag deireadh Eanáir 2012).


### Cúram éigeandála/neamhsceidealaithe

- Bhí 67.5% den líon daoine a d'fhreastail ar RÉanna scaoilte abhaile nó glactha isteach laistigh de 6 uair a' chloig ón uair a chláraigh siad (spríoc 95%).
- Glacadh le 62.1% d'othair trí RÉ laistigh de 9 n-uair a' chloig ón uair a chláraigh siad (spríoc 100%).
- Cuireadh cúram éigeandála ar bhreis is 1.1m duine agus iontrálacha éigeandála a bhí i gceist le 384,641 duine.
- Tuairiscíodh gur iontrálacha éigeandála ba ea 69% de na hiontrálacha.

### Lena chois sin:


- Rinneadh 84% den mháinliacht éigeandála ar bhristeacha corróige laistigh de 48 uair a' chloig (spríoc 95%).
- Rinneadh a bpríomhghnáthamh ar 56% d'othair ar an lá iontrála (spríoc 75%).
- Rinneadh 76% de ghrúpa roghnaithe gnáthamh ar othair lae (spríoc 75%).
- Bhí 384,446 othar ag feitheamh ar chéad choinne mar othar seachtrach i mí na Nollag, agus bhí a bhformhór acu ag feitheamh níos lú ná 12 mhí.
- Bhí an meántréimhse fanachta leighis cothrom le 7.2 lá i mí na Nollag, feabhas ar an 8.1 lá a bhí i gceist in 2011 (spríoc 5.8).

**Figiúr 16: Gníomhaíocht um Othair Chónaitheacha agus Chásanna Lae 2009-2012**



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta FSS


**Figiúr 17: % Daoine Fásta ag Feitheamh níos mó ná 9 mí in 2012**



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta FSS



**Figiúr 18: % Páistí ag Feitreamh níos mó ná 20 seachtain in 2012**



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta FSS

## Roinnt buaicpointí...

- Cuireadh creat dár n-ospidéal níos lú i gcrích agus cuireadh faoi bhráid an Rialtais é. Cuirfidh sé seo, i dteannta leis an tuarascáil ar iontaobhais ospidéal, leis an treoir straitéiseach a bheidh mar bhonn le hinfreastruchtúr nua-aimseartha d'ospidéal ghéarmhíochaine agus de ghréasáin.
- Fógraíodh go mbeadh Ospidéal Nua na Leanaí Ionraithe ar champas Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath.
- Leanadh ag obair ar bhainistíocht ospidéal a neartú trí na grúpaí ospidéal nua sa Ghailimh, sa Mheán-Iarthar agus sa Lú/sa Mhí agus leis na pleananna chun grúpaí agus iontaobhais bhreise a bhunú an bhliain dár gcionn agus níos faide anonn.
- Cuireadh críoch le hatheagrú seirbhísí éigeandála i gCorcaí rud a chur ar chumas Ollscoil Otharlann an Deiscirt – Ospidéal Victoria (SIVUH) feidhmiú mar ospidéal roghnach den chuid is mó, ospidéal a bhfuil raon speisialtachaí comhlántacha máinliachta agus leighis á soláthar ann. Téann sé seo chun tairbhe go mór d'othair sa mhéid is go mbíonn rochtain leanúnach acu ar ghnáthaimh roghnacha agus nach gcuireann éigeandálaí isteach ar an tseirbhís:
  - Aistríodh seirbhísí géarmhíochaine agus máinliachta ó SIVUH chuig Ospidéal Ollscoil Chorcaí agus Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh rud a bhí mar bhonn le seirbhísí a bhí scaipthe ar fud trí shuíomh ospidéal roimhe sin a chomhdhlúthú.
  - Ní ghlacann an RÉ in SIVUH le hothair níos mó.
  - Aistríodh seirbhísí roghnacha ortaipéideacha ó Ospidéal Ortaipéideach Naomh Muire chuig SIVUH.
  - Osclaíodh Ionad Cúraim Phríomhúil na Trócaire i gCorcaigh.
- Cuireadh tús le seirbhísí nua agus feabhsaithe d'othair stróc in Ospidéal Ginearálta Chiarraí agus osclaíodh RÉ nua.
- Osclaíodh RÉ/Aonad Measúnachta Géarmhíochaine nua i Leitir Ceanainn.
- Casadh an fód d'aonad leighis nua a chosnóidh €13m ag Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair, Luimneach d'fhonn freastal ar othair a bhfuil fiobrós chisteach, ailse chíce, stróc agus riochtaí néareolaíocha eile acu.

## Fócas Ar...

Osclaíodh Ionad Cúraim Phráinnigh na Trócaire ar Champas Sláinte Naomh Muire, ag cinntiú go bhfeicfí go tapa agus go scaoilfí amach daoine gortaithe a théann ann nach dócha gur ghá dóibh dul isteach in ospidéal.

Tá forbairt an Ionad Cúraim Phráinnigh mar chuid d'atheagrú leanúnach na seirbhísí atá ar siúl in ospidéal ghéarmhíochaine i gCorcaigh agus is ball é de líonra seirbhísí éigeandála de chuid FSS an Deiscirt i gCorcaigh. Tá an t-ionad á rialú ag Ospidéal Ollscoile na Trócaire.



Sandra Daly, POF, Ospidéal Ollscoile na Trócaire ag nua-ionad Cúraim Phráinnigh na Trócaire in éineacht le (C-D): an Dr. Norman Murphy, An Linn Dubh; Pat Healy, Stiúrthóir Réigiúnach Oibríochtaí, FSS an Deiscirt; an Dr. Gerard McCarthy, Comhairleach le Leighias Éigeandála, Ospidéal Chathair Chorcaí.

## Fócas Ar...

Bloc nua ceithre urlár de chuid **Ospidéal Réigiúnach Leitir Ceanainn** a chuimsíonn Rannóg Éigeandála agus Aonad Measúnaithe Géarmhíochaine, gach ceann le barda 24 leaba acu.



- Osclófar an tAonad um Chúram Criticiúil in Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair, Luimneach, aonad a chosnóidh €35m in 2013. Cuirfidh sé leis an bhfeabhas suntasach atá déanta ar sholáthar an chúraim éigeandála, diagnóisic, máinliacht agus leighias.
- Osclaíodh Aonad Dianchúraim Nua-naíoch in Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh.
- Cuireadh tús le Clár Scagthástála Éisteachta Naíonán Nuabheirthe ag Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre sa Mhuileann gCearr agus i bPort Laoise agus tá an tseirbhís ar fáil saor in aisce do gach naíonán.

# Ag Feabhsú na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna

Cúram éigeandála réamhospidéil, cúram idirmheánach agus seirbhísí éigeandála aerleighis agus comhordaithe a sholáthar • freagairt do mhúnlaí athraitheacha seirbhíse • córas cliniciúil, comhordaithe go náisiúnta a chinntiú • tacaíocht á fáil ó theicneolaíocht feabhsaithe

## Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha á gCur Chun Cinn

### In 2012:

- Glaonna ar fhreagair feithicil iompartha othair dóibh in **níos lú ná 19 nóiméad**:
  - 1,727 glao nó 70% de ghlaonna um Stádas Cliniciúil 1 (ECHO).
  - 48,243 glao nó 67% de ghlaonna um Stádas Cliniciúil 1 (DELTA).

### Tabhair faoi deara:

- Is ionann glaonna ECHO agus glaonna chuig othair a bhfuil stad cairdiach nó riospráide ag dul dóibh.
- Is ionann glaonna DELTA agus glaonna chuig othair a bhfuil riochtaí bagrach don bheatha seachas stad cairdiach nó riospráide ag dul dóibh.

## Fócas Ar...

Bronnadh Gradam 112 ar bhall foirne na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna agus Maoirseoir Rialúcháin Will Carolan mar chuid de Cheardlann Seirbhísí Éigeandála an AE a tharla san Laitvia i mí Aibreáin. Tugadh an gradam do Will as an ról a bhí aige in eagrú aertharrhála de shaoránach Éireannach a bhí gafa ar shliabh sa Ghraonlainn an bhliain roimhe.

Bhí Will ar dhuine den fhoireann a bhí ar dualgas san Ionad Oibríochtaí Éigeandála nuair a tháinig glaoch 999 isteach tríd an Ionad Oibríochta Éigeandála i mBaile Átha Cliath. Bhí an glaoiteoir ag iarraidh cabhair a fháil trí chainéil eile le haghaidh cóireála éigeandála dá mhac a bhí sa Ghraonlainn, an tAtlantach Thuaidh, mar bhall de thuras taiscéalaíochta. Rinne Will teagmháil leis an Ionad Comhordaithe Tarrthála Muirí agus d'iarr sé orthu teagmháil a dhéanamh le comhghleacaithe idirnáisiúnta sa Ghraonlainn, sa Danmhairg nó i dtíortha comharsanachta. Cuireadh tús le próiseas tarrthála dá bharr.



Dieter Nuessler, Leas-Chathaoirleach de Bhord Comhairleach an EENA (Cumann Uimhir Éigeandála na hEorpa) ag bronnadh an Gradam 112 ar Will Carolan.

- Tá an gréasán agus an t-infreastruchtúr le tacú le cur i bhfeidhm an Chórais Chomhtháite Ceannais agus Cumarsáide i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath beagnach críochnaithe. Is ionann é seo agus cuid de chur i bhfeidhm thionscadal athchumraithe ionad rialaithe na seirbhíse náisiúnta otharcharranna.
- Tá plean forbartha chun athsholáthar trealamh a éascú d'fhonn a chinntiú go bhfuil an trealamh is déanaí, a mhéid is réasúnach, ar fáil do chúram othar. Éascóidh sé seo réamh-mheastacháin ilbhliantúla ar chaiteachas caipitiúil a dhéanamh do threalamh suntasach.
- Tá an modúl oiliúna ar a dtugtar GEARSHIONDRÓM CORÓNACH (ACS) déanta ag an bpearsanra oibríochtúil.
- Tá Prótacail Rochtana Réamhospidéil na nOspidéal Náisiúnta forbartha do phéidiatraic, cnáimhseachas, stróc agus tráma. Tá tús curtha leis na prótacail a chur i bhfeidhm i roinnt réimsí ar aon dul le cur i bhfeidhm na gclár náisiúnta cúraim chliniciúil.
- Tá obair curtha i gcrích le HIQA a bhaineann le spriocanna ambhunaithe do ghlaonna um stádas cliniciúil 1 (amanna freagartha éigeandála) agus tá obair a bhaineann le toradh cliniciúil príomhtháscairí feidhmíochta fós ar bun.

## Fócas Ar...

Fógraíodh seoladh treoirthionscadail 12 mhí i mí na Bealtaine ina dtabharfaidh an tAerchór tacaíocht aerleighis thiomnaithe do Sheirbhís Náisiúnta Otharcharranna FSS

Beidh fócas faoi leith ag an tSeirbhís Aerleighis Éigeandála **Phíolótach** ar iarthar na hÉireann le héileacaptar tiomnaithe á chur ar fáil ag an Aerchór chomh maith le foireann d'fhonn an t-árthach a éitilt agus a chothabháil, fad is a bheidh an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (SNO) freagrach as cúram othar, arna dhéanamh ag ard-pharaimhíochaineoirí an SNO.

Ceadóidh an togra seo do FSS measúnú a dhéanamh ar an méid agus ar an saghas tacaíocht aerleighis tiomnaithe atá riachtanach le haghaidh cúram éigeandála réamhospidéil in Éirinn san fhadtéarma.

# Ag Cur i bhFeidhm Cláir Náisiúnta Cúraim Chliniciúil

Tá breis is 33 clár náisiúnta cúraim chliniciúil agus tionscnamh urraithe i bhfeidhm a áiríonn an speictream cúraim sláinte, idir chosc galair agus dhianchúram. Is comhthionscnaimh iad seo idir FSS agus na comhlachtaí gairmiúla, agus tá cliniceoirí túslíne páirteach iontu freisin. Tá na cláir seo bunaithe ar chur chuige córasach, comhoibríoch agus fianaise-bhunaithe chun seirbhísí, cost-éifeachtúlacht agus rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú. Soláthraíodh maoiniú de chuid €23.4 in 2012, ag cur leis an obair ar cuireadh tús léi in 2011. Tarraingítear aird ar roinnt de na cláir chliniciúla anseo.

- Tá an **clár géarmhíochaine** á chur i bhfeidhm in 22 ospidéal agus tá sé ag cabhrú le measúnú níos tráthúla cliniceoirí ábhartha sinsearacha ar othair, rud a éascaíonn diagnóis níos tapa agus níos beaichte, cóireáil níos luaithe, torthaí níos fearr agus tréimhse fanachta níos giorra san ospidéal. Tá sé beartaithe an clár a chur i bhfeidhm i 33 ospidéal. Tá an méid ama ar gá d'othair fanacht san ospidéal laghdaithe níos mó ná 5% sa chéad bliain, rud is cúis le thart ar 50,000 lá leapa a shábháil in 2012.
- Tá an **clár míochaine éigeandála** mar bhonn le caighdeán an chúraim a sholáthraítear d'othair sna Ranna Éigeandála ar fud na tíre a fheabhsú rud a chiallaíonn go bhfuil an caighdeán céanna cúraim á fháil ag othair beag beann ar an áit agus ar an am. Seoladh tuascáil an chláir, an múnla cúraim san áireamh, go foirmiúil i Meitheamh 2012. Tá 14 Comhairleach Míochaine Éigeandála breise ceaptha, tá an córas triáise caighdeánaithe in 100% de RÉanna agus tá caighdeán náisiúnta rochtana othar bunaithe.
- Is é stróc an phríomhchúis atá le míchumas in Éirinn. Tá an **clár stróc** mar bhonn le torthaí níos fearr a chinntiú d'othair trí aonaid stróc a oscailt, aonaid reatha a chaighdeánú agus rochtain 24/7 ar thrombalú stróc (druga díbeartha téachtán) ar fud na tíre. Tá aonaid stróc bunaithe anois in 27 as an 28 ospidéal a bhfuil othair a raibh stróc acu iontu agus a bhfuil géarchúram ag teastáil uathu anois. Tá trombalú le fáil 24/7 i ngach ospidéal mhúnla 3 agus 4 agus tá rátaí méadaithe ó bhonnlíne 2.4% go 9.5% os cionn sprioc 7.5% mhí na Nollag. Tá an clár stróc curtha i bhfeidhm in 80% de na hospidéal a ghlacann le hothair ghéarstróc.

## Fócas Ar...

Bronnadh **Gradam an Taoisigh do Shármaithreas Seirbhíse Poiblí ar Scór Náisiúnta Luath-Rabhaidh (ViEWS) agus ar an Clár Oideachais Gaolmhar (COMPASS)**. Is sruth oibre é seo den Chlár Géarmhíochaine agus seasann a chur i bhfeidhm don athrú is radacaí atá feicthe le glúin anuas de chúram sláinte.

Tá scóir luath-rabhaidh forbartha d'fhonn luath-bhrath ar mheathlúchán a éascú trí chatagóirí a dhéanamh ar a dhéine atá breoiteacht an othair, ag cur ar cois athbhreithniú leighis ag pointí truícír faoi leith, fad is a fhorfhéadfaítear an cúram i slí phleanáilte. Is í Éire an chéad tír ar an domhan a d'aontaigh le scór luath-rabhaidh náisiúnta. Tugadh oiliúint do bhreis is 6,000 foireann agus tá 40 suíomh sonraithe don chur i bhfeidhm.



## Fócas Ar...

Bronnadh chomh maith **Gradam an Taoisigh do Shármaithreas Seirbhíse Poiblí** ar an Aonad Géarstróc ag Ospidéal Ginearálta Bheantraí, an chéad cheann dá leithéid i gCorcaigh ná i gCiarraí agus ar cheann de na chéad aonaid dá leithéid sa tír, ag glacadh le breis is 100 othar le géarstróc in aghaidh na bliana. Bunaíodh an sainaonad ceithre leaba in 2009 gan aon fhoireann bhreise trí atheagrú ar áiseanna a bhí san ospidéal cheana féin.

Ó bunaíodh é, tá torthaí othar imithe go mór i bhfeabhas, tá fad an fhanachta imithe i laghad agus tá rochtain níos fearr ag othair ar bhaill foirne ildisciplíneacha agus ar scanadh CT.



An Dr. Brian Carey, Geiriatraí Comhairleach, Ospidéal Ginearálta Bheantraí ag fáil a ghradaim ón Taoiseach Éanna Ó Coinnigh (Grianghraf le caoinhead ó Maxwell Photography, Baile Átha Cliath).

- Tá **clár na máinliachta roghnaí** mar bhonn le haistear an othair a fheabhsú tríd an aga feithimh do mháinliacht roghnach a laghdú i gcomhar le Cúram Sceidealaithe NTPF/ASS, trí bhealaí sainithe, próisis níos fearr agus spriocanna náisiúnta a bhaineann le tréimhse fanachta laghdaithe agus ráta cásanna lae a chur i bhfeidhm. Is léir bunaithe ar shonraí sealadacha do 2012 méadú ginearálta a bheith le tabhairt faoi deara i rátaí na gcásanna lae, feabhas 9% ar an meántréimhse fanachta agus ráta 37% do mháinliacht ar an lá do ghnáthaimh roghnaithe roghnacha máinliachta d'othair chónaitheacha. Tá múnla caighdeánaithe agus comhaontaithe cúraim forbartha. Cuireadh tús le hobair ar ghníomhaíocht othar cónaitheach máinliachta a mheaitseáil le spriocanna liostaí feithimh agus mapáil chomhdhlúite leapa a sholáthar do gach ospidéal, rud a chuirfidh le pleanáil acmhainne áitiúla. Tá an clár táirgiúil obrádlainne gníomhachtaithe ag 12 suíomh agus is éard atá mar thoradh leis coigilteas táirgiúlachta agus laghdú fardail. Is léir bunaithe ar ghníomhachtú sna chéad chúig suíomh go bhfuil príomhthairbhí sábhála costais le tabhairt faoi deara cheana féin trí úsáid feabhsaithe obrádlann.



## Fócas Ar...

In Ospidéal Beaumont, bhain córas nuálach ríomh-thaifead othair bunaithe ar an ngréasán lenar glacadh d'fhonn tacaíocht a thabhairt do na **Cláir Náisiúnta Titimís**, bhain sé amach **Gradam an Taoisigh do Shármhaitheas Seirbhíse Poiblí**. Cuireann an córas faisnéis an othair ar fáil do sholáthraithe cúram sláinte trí chéile, beag beann ar a láthair gheografach, agus ceadaíonn sé do sheirbhís chomhtháite atá níos freagraí do riachtanais othair thitimís. Féachann an tionscadal taighde seo le daoine, le próisis agus le teicneolaíocht a ailíniú ionas go n-éascófaí taifead othair leictreonach comhtháite.

### Lena chois sin:

- **Cnáimhseachas agus gíniceolaíocht:** Tá 19 clínic luath-thoirchis i bhfeidhm. Tá meaisíní nua ardsonraíochta ultrafhuaime suiteáilte i ngach seirbhís luath-thoirchis sa 19 ospidéal máithreachais ar fud na tíre.
- Tá an múnla cúraim a bhaineann le **deirmeolaíocht** curtha i bhfeidhm. Bhí ceapachán comhairleach breise mar aon le cleachtais oibre athbhreithnithe mar bhonn le méadú 45% ar ghníomhaíocht othar seachtrach.
- Tá an múnla cúraim **réamaiteolaíochta** sínithe. Tá beirt chomhairleach nua ceaptha agus tá 22 fisiteiripeoir nua matánchnámharlaigh i mbun oibre. Bhí na ceapacháin seo mar aon le cleachtais oibre athbhreithnithe mar bhonn le méadú 39% ar ghníomhaíocht othar seachtrach.
- Tá clínicí dírithe ar fisiteiripe matánchnámharlaigh do réameolaíocht agus ortaipéidic curtha i bhfeidhm i gcúig láthair dhéag.
- Is tionscnamh feabhsaithe caighdeán é an **Barda Táirgiúil** a bhfuil sé mar aidhm leis foireann túslíne a chumhachtú chun feabhsuithe a chur chun cinn tríd an mbealach a sheachadann foireann agus seirbhísí cúram a athdhearadh agus a shruthlíníú trí bhéim a leagan ar shábháilteacht othar. Tá 35 barda in ospidéal éagsúla ag glacadh páirte sa chlár seo. I measc na dtairbhí a d'fhéadfadh a bheith leis an gclár a chur i bhfeidhm tá an t-am díreach caite ar chúram othar feabhsaithe, laghdú ar thitimí, coigilteas stoc agus neamhláithreachtaí neamhbheartaithe foirne laghdaithe (thuairiscigh ospidéal amháin gur laghdaigh na rátaí saoire breoiteachta neamhdheimhnithe ó 30 seal sa mhí ar an meán go figiúirí aonair thar thréimhse naoi mí).
- Tá an múnla cúraim náisiúnta do phacáiste an **chúraim chomhtháite diaibéiteas** idir seirbhísí cúraim príomhúla agus thánaisteacha comhaontaithe. Tá limistéir do rolladh amach tosaigh an mhúnla roghnaithe. Tá tús curtha le 17 altra um chúram comhtháite diaibéitís a earcú.
- Tá an múnla náisiúnta do **chúram cos diaibéití** agus bealaí atreoraithe réigiúnacha comhaontaithe. Tá ochtar gcosla ceaptha agus tá ochtar eile fós le ceapadh. Tá an pacáiste oideachais d'altraí cleachtaidh á rolladh amach.
- Seoladh an múnla cúraim do **shainseirbhísí geiriatracha** faoin gClár do Dhaoine Scothaosta. D'oibrigh an clár seo leis an Aonad Seachadta Speisialta chun idirghabhálacha a aithint agus a chur i bhfeidhm i ndáil le daoine leochaileacha scothaosta a scaoileadh abhaile ó ospidéal géarmhíochaine.
- Tá creat inniúlachta á fhorbairt ag an gclár um **chúram maolaitheach** don fhoireann a bhfuil baint acu le cúram maolaitheach agus forbraíodh prótacal chun daoine ar mian leo bás a fháil sa bhaile a scaoileadh abhaile go tapa. Tá Curaidh um Chúram Maolaitheach do Leanaí ainmnithe i gceithre limistéar FSS.
- Tá athbhreithniú déanta ag an **gclár péidiatraiceach** ar na suímh a bhfuil an tseirbhís seo á soláthar acu faoi láthair agus tá tuarascáil de na torthaí agus de na moltaí curtha i dtoll a chéile.
- Reachtáil an **clár athshlánaithe** imeacht World Café a thug deis d'úsáideoirí na seirbhíse athshlánaithe bualadh lena chéile i dtimpeallacht dheas shóisialta agus aithne a chur ar úsáideoirí eile na seirbhísí agus aiseolas ionraic a thabhairt.
- **Asma:** Tá clár um oideachas d'aoisigh i bhfeidhm i gcúram príomhúil agus tánaisteach, le clár r-fhoghlama ar líne i bhfeidhm. Bhí ceardlanna praiticiúla á seachadadh go háitiúil ag Altraspeisialtóirí Cliniciúla i gcúram príomhúil agus tánaisteach. Is é atá mar aidhm leis an gclár ná mortlaíocht asma a laghdú 90% i ndeich mbliana agus cuairteanna RÉ a laghdú 10% thar 3 bliana.
- Táthar ag leanúint leis an **gclár um chliseadh** croí a chur i bhfeidhm. Tá an céatadán daoine diagnóisithe le Géarchliseadh Díchúitithe Croí (ADHF) atá ag fáil cóireála sna hocht n-ospidéal géarmhíochaine atá ag soláthar an chlár struchtúrtha um chliseadh croí cothrom le 92.7%, agus tá an ráta ath-iontrála 3 mhí cothrom le 7.5%. Tá sé seo bunaithe ar líon beag daoine ó tharla nach bhfuil na haonaid i bhfeidhm ach le cúpla mí anuas. Ainneoin gur cúis dóchais atá ann, tá gach seans ann go mbeidh méadú le tabhairt faoi deara i gcomhthráth le méadú ar líon na n-ionad.

## Áiríonn cláir agus tograí náisiúnta cúraim chliniciúil:

- |                                     |   |  |
|-------------------------------------|---|--|
| ■ Ainéistéis                        | ■ Deirmeolaíocht                          | ■ Míochaine Athshlánúcháin                             |
| ■ Aisghabháil agus lompar           | ■ Diaibéiteas                             | ■ Míochaine Éigeandála                                 |
| ■ Asma                              | ■ Duánach                                 | ■ Néareolaíocht  |
| ■ Bainistiú Cógais                  | ■ Éisteolaíocht                           | ■ Oftailmeolaíocht                                     |
| ■ Cliseadh Croí                     | ■ Fioibrís Chisteach                      | ■ Ortaipéidic  |
| ■ Cnáimhseachas agus Gíniceolaíocht | ■ Fuilaistriú                             | ■ Paiteolaíocht  |
| ■ Cosc HCAI                         | ■ Galar Scamhóige Toirmeascach Ainsealach | ■ Raideolaíocht  |
| ■ Cúram Criticiúil                  | ■ Géarchúram Corónach                     | ■ Réamaiteolaíocht                                     |
| ■ Cúram Maolaitheach                | ■ Géarmhíochaine                          | ■ Stróc  |
| ■ Cúram Péidiatraiceach             | ■ Ionscópacht                             | ■ Teiripe Frithmhiocróbach na nOthar Seachtrach (OPAT) |
| ■ Cúram Príomhúil                   | ■ Máinliacht Roghnach                     | ■ Titeamas   |
| ■ Daoine Scothaosta                 | ■ Meabhairshláinte                        |  |

# Ag Feabhsú Seirbhísí Ailse


Cur le seirbhísí scagthástála ailse • seirbhísí oinceolaíochta radaíochta a fhorbairt • na cláir oibre máinliachta agus míochaine oinceolaíochta a chur i bhfeidhm • córas faisnéise náisiúnta ailse a fhorbairt • tacú le bainistíocht bharrmhaith drugaí ailse • leanúint le faisnéis agus le saineolas gairmiúil na foirne a fheabhsú agus a fhorbairt

## Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha á gCur Chun Cinn

### In 2012:

- Eagraíodh coinní do 99% d'atreoruithe práinneacha cíche laistigh de choicís (spríoc 95%).
- Tugadh rátaí arda atreoruithe faoi deara i rith na bliana ag go leor de na clinicí mear-rochtana. Cuireadh 43,805 atreorú nua faoi bhráid clinicí cíche, scamhóg agus próstatach.
- Tairgeadh coinne do 89% de dhaoine laistigh de 10 lá oibre ag clinicí mear-rochtana scamhóg (spríoc 95%).
- Fuarthas 9,303 atreorú leictreonach ailse d'ailse chíche, phróstatach agus scamhóg (spríoc 20% comhlíonta faoi lár na bliana).
- Cuireadh tús leis an gclár BowelScreen i mí na Samhna.
- Rinneadh scagthástáil ar 128,870 bean mar chuid de chlár BreastCheck.
- Rinneadh smearadh amháin, ar a laghad, ar 323,961 bean mar chuid de chlár CervicalCheck.
- Bhunaigh CervicalCheck córas atreoraithe leictreonaigh do sheirbhísí colpascópachta agus cuireadh tús le tástáil iarchóireála HPV i mí na Bealtaine agus é mar aidhm tástáil nach gá ar mhná a laghdú.
- Cuireadh bailchríoch leis na hullmhúcháin a bhain le tús a chur leis an gclár Scagthástála um Reitineapaite Dhiaibéiteach.
- Coimisiúnaíodh dhá luasaire líneacha den chéad scoth i mBaile Átha Cliath. Tá 11 luasaire líne i bhfeidhm anois mar chuid de Ghréasán Oinceolaíochta Radaíochta Naomh Lúcas.
- Ba í 2012 an chéad bhliain ar bailíodh príomhtháscairí feidhmíochta ina leith d'fho-thacar othar a bhfuil radaiteiripe ag teastáil uathu – chuir 82% de na hothair seo tús lena gcóireáil laistigh de 15 lá ó dearbhaíodh iad a bheith réidh le glacadh le cóireáil (spríoc 90%).
- Faomhadh maoiniú a sholáthar do Ipilimumab agus Abiraterone faoi phróiseas Tosaíochtaí Ghrúpa Drugaí FSS.
- Mhéadaigh caiteachas ar dhruaí oinceolaíochta 18% (don deich ndruga is mó tóir) i gcomparáid le 2011. Tá cógaiseoir ceaptha le hathbheithniú a dhéanamh ar chostais úsáide drugaí, prótacail náisiúnta agus córais TFC cógaisíochta a fhorbairt.

**Figiúr 19: Freastal ar Chlinicí Mhear-Rochtana Scamhóg**



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta FSS


## Fócas Ar...

**BowelScreen:** Thosaigh clár náisiúnta scagthástála colaireictí go déanach in 2012. Cuireann an clár roimhe básmhairacht de dheasca ailse cholaireicteacha a laghdú i measc na bhfear agus na mban idir 55 agus 74 bliana d'aois. Cuirfeadh i bhfeidhm é ar bhonn céimnithe, ag tosú le daoine idir 60 agus 69 mbliana d'aois. Is í an ailse cholaireicteach an dara ceann is coitianta dá ndiagnósítear, le breis is 2,000 cás in aghaidh na bliana agus is í an dara ailse is marfaí. Tá tuilleadh eolais faoin gclár ar fáil ag [www.bowelscreen.ie](http://www.bowelscreen.ie)



- Leanadh leis an bpleanáil do chomhdhlúthú saineolais sna hionaid ainmnithe ailse d'ailse phróstatach agus do mháinliacht reicteach. Aistriodh an mháinliacht phaincréasach ó Ospidéal Ollscoile na Trócaire go hOspidéal Ollscoil Chorcaí i mí Iúil.
- Thosaigh Deirmeolaí Comhairleach ag obair in Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair, Luimneach. Ceapfar deirmeolaí comhairleach do Co. Phort Láirge go luath in 2013.
- Leanadh le samplaí barrfeabhais a thabhairt faoi deara i gcaitheamh na bliana. Bhuail Foireann Oinceolaíochta Pobail NCCP Gradam Oinceolaíochta mór le rá sa Ríocht Aontaithe – Barrfeabhas sa Chúram Oinceolaíochta – i mí na Samhna mar gheall ar an mbéim a bhí á leagan ar shábháilteacht othar i Leitir Ceanainn, mar aon le gradam r-Rialtais Tras-Ghníomhaireachta d'atreoruithe leictreonacha DG agus an Gradam Crystal Clear don leabhrán d'othair faoin gclín mear-rochtana scamhóg.

**Figiúr 20: Freastal ar Sheirbhís Ailse Chíche Siomptómach**



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta FSS

# Ag Tacú le Daoine Scothaosta

Ag tacú le daoine scothaosta a bheith neamhspleách ina gcuid tithe féin chomh fada agus is féidir • bealaí cúraim a fheabhsú do dhaoine scothaosta de réir mar a fhaigheann siad rochtain ar sheirbhísí • tacaíochtaí pobalbhunaithe a sholáthar cosúil le seirbhísí cúnamh baile, pacáistí cúram baile, cúram lae agus faoisimh • roghanna cúraim idirmheánaigh a fhorbairt agus soláthar agus caihdeán an chúraim chónaithe a bharrfheabhsú

## Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha á gCur Chun Cinn

In 2012:

- Leithdháileadh €403m ar sholáthar seirbhísí do dhaoine scothaosta.
- Próiseáladh 100% d'iarratais chomhlánaithe chuig Scéim Tacaíocht na dTithe Altranais (NHSS) taobh istigh de cheithre seachtaine.
- Fuair 22,871 duine tacaíocht faoin scéim.
- B'ionann an costas iomlán a bhain le cúram cónaithe fadtéarmach agus €972.4m.
- Bhí riaradh na scéime NHSS láraithe go hiomlán sa Tulach Mhór, agus chuaigh na córais airgeadais beo i mí Aibreáin.
- Bhí 11,023 duine ag fáil pacáiste cúram baile.
- Cuireadh próiseas soláthair cuimsitheach i gcrích chun Pacáistí Cúram Baile feabhsaithe a sholáthar agus ceapadh ceathrar soláthraithe seirbhíse i ngach limistéar LHO i mí Iúil.

## Fócas Ar...

Tacaíonn straitéisí, polasaithe agus tuarascálacha an rialtais do riachtanas **Uirlis Mheasúnaithe Aonair (SAT)** a aimseoidh riachtanais othar/cliant agus a chinnteoidh rochtain chothrom ar sheirbhísí. Tá sí bunaithe ar an aitheantas go bhfuil riachtanais fhairste, idir shláinte agus shóisialta, ag a lán daoine scothaosta agus go gcaithfidh gníomhaireachtaí in Éirinn obair le chéile d'fhonn blaghadh a laghdú ionas go mbeadh measúnú, pleanáil cúraim agus cinnteoireacht polasaithe éifeachtach, comhoiriúnaithe, ag tabhairt an luach is mó ar airgead agus ag teacht le caihdeáin idirnáisiúnta.


Bunaíodh grúpa oibre ildisciplíneach ilghníomhaireachta SAT in 2010, le SAT a phiocadh, a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach agus a mholadh, agus chuir siad crích lena chuid oibre in 2012. San áireamh bhí léirmheas, fadliostáil agus gearrliostáil uirlisí bailí agus roghnú agus cur i bhfeidhm ar bhonn píolótach an SAT ag deich suíomh ionas oiriúnacht an chórais a bhí molta a mheasúnú. Fuair cás gnó faomhadh ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun tús a chur le córas a sholáthar. Tosóidh an cur i bhfeidhm in 2013, ag cumasú torthaí feabhsaithe do dhaoine scothaosta agus claochlú níos leithne ar sheirbhísí.



An chéad ghrúpa traenála píolótach SAT le Nancy Curtin-Telegdi ó Ollscoil Waterloo, Ceanada. San áireamh tá Doug Beaton agus Linda McDermott-Scales, Foireann an Tionscadail Phiólótaigh, chomh maith le foireann ó Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath; Ospidéal Ghort na Silíní, Baile Átha Cliath; Seirbhísí Altranais Cúram Pobail Bhaile Átha Cliath Thiar; Teach Altranais Ghort Mhuire, Baile Átha Cliath; Teach Altranais Ghleann Álainn, Baile Átha Cliath; Ospidéal Naomh Pádraig, Tiobraid Árann; Teach Altranais Greenhills, Tiobraid Árann agus Ospidéal Ginearálta Thíobraid Árann Theas.


- Seachadadh 9.88m uair a' chloig de chúnamh baile (4% níos lú ná an sprioc).
- Úsáideadh 7,331 leaba poiblí lenar soláthraíodh meascán de sheirbhísí fadchónaithe, athshlánaíthe/measúnaithe, téarnaimh, maolaitheach agus faoisimh in 129 aonad cónaithe poiblí.
- Osclaíodh dhá Aonad Altranais Pobail athsholáthair nua i dTrá Lí, Co. Chiarraí agus Cluain Lir sa Mhuileann gCearr.
- Ba leapacha poiblí a bhí i 25% de na leapacha fadchónaithe agus gearrchónaithe.
- Cláraíodh gach aonad fadchónaithe poiblí le HIQA faoin spriocdháta 1 Iúil 2012. Mairfidh an clárú ar feadh na chéad 3 bliana eile.
- Leanadh den chlár cuíchóirithe/athchumraithe do leapacha fadchónaithe agus dúnadh 594 leaba. Cuireadh Staidéar Inmharthanachta i gcrích maidir le gach aonad fadchónaithe poiblí don tréimhse 2013 go 2015.
- Tugadh freagra taobh istigh de cheithre seachtaine ar 99% de chásanna mí-úsáide i measc daoine scothaosta a cuireadh ar aghaidh. Bhí méadú 6% ar chásanna mí-úsáide daoine scothaosta a tarchuireadh (2,374 tarchur) i gcomparáid le 2011 agus mí-úsáid shíceolaíoch ar an gcatagóir ba choitianta (32%).
- Mar chuid d'iarrachtaí leanúnacha FSS feasacht a ardú maidir le mí-úsáid daoine scothaosta, tionóladh comhdháil chomhoibrítheach i mBaile Átha Cliath an 15 Meitheamh, Lá Domhanda um Mí-úsáid i gcoinne Daoine Scothaosta áit ar seoladh tuarascáil Older People's Experiences of Mistreatment and Abuse.

**Figiúr 21: Líon Daoine ag Fáil Pacáiste Cúram Baile**



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta FSS

**Figiúr 22: Líon Daoine ag Fáil Uaireanta Cúnamh Baile (ag eisiamh soláthar ó HCPanna)**



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta FSS

# Ag Feabhsú Seirbhísí Meabhairshláinte

Seirbhísí meabhairshláinte a nuachóiriú trí Fis don Athrú • foirne meabhairshláinte pobail do dhaoine fásta, agus do leanaí agus d'ógánaigh a fheabhsú • rochtain ar theiripí siceolaíocha i gcúram príomhúil a fheabhsú agus an straitéis náisiúnta do ghníomhaíocht faoi chosc féinmharaithe Lámh Chuidithe a chur i bhfeidhm

## Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha á gCur Chun Cinn

### In 2012:

- Leithdháileadh €711m ar sholáthar seirbhísí meabhairshláinte.
- Bhí €35m breise ar fáil in 2012 rud a rabhtas in ann 404 post a leithdháileadh leis d'fhonn foirne ginearálta meabhairshláinte pobail do dhaoine fásta agus leanaí agus ógánaigh a fheabhsú.
- Leithdháileadh 10 bpost agus €5m ón infheistíocht €35m in 2012 d'fhonn rochtain ar sheirbhísí comhairleoireachta agus sícíteiripe i gcúram príomhúil a mhéadú.
- Tá 16,664 leanbh ag baint leasa as seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus d'ógánaigh.
- Bhí méadú 10% ar líon na gcásanna ar fhéach na seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus d'ógánaigh orthu sa bhliain go Meán Fómhair 2012.
- Bhí 63 Foireann Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (58 pobalbhunaithe, trí Idirchaidreamh agus dhá Lá) i bhfeidhm.
- Méadú 17% i líon na dtarchur chuig seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus d'ógánaigh.
- Glacadh 75% (321) isteach chuig aonaid othar cónaitheach do leanaí agus d'ógánaigh agus glacadh 106 duine isteach chuig aonaid daoine fásta in ionaid cheadaithe.
- Foilsíodh Treirdhoiciméid maidir le *Advancing Community Mental Health Services in Ireland*. Cabhróidh siad sin le foirne limistéir bainistíochta meabhairshláinte ceannaireacht, treoir agus tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí go háitiúil ó thaobh na n-athruithe ar chumrú seirbhísí áitiúla a bhainistiú, ar aon dul le beartas náisiúnta agus ionchais athraithe úsáideoirí seirbhíse, cúramóirí agus teaghligh.
- Seoladh páipéar treorach maidir le *Advancing the Shared Care Approach between Primary Care and Specialist Mental Health Services* d'fhonn tacú le comhtháthú seirbhíse níos fearr.
- Toisc gur dúnadh Ospidéal Naomh Mícheál, i gCluain Meala i mí Iúil 2012 aistríodh na géarsheirbhísí d'othair chónaithe le haghaidh Tiobraid Árann Theas chuig an Rannóg Síciatracha, Ospidéal Naomh Lúcas, Cill Chainnigh agus aistríodh na seirbhísí do Thiobraid Árann Thuaidh go hInis, céim mhór eile inar bogadh ó ospidéal shíciatracha thraidisiúnta.

**Tábla 6: Géarsheirbhísí Meabhairshláinte d'Othair Chónaitheacha Fásta 2010 – Meán Fómhair 2012**

	2010	2011	2012
Líon iomlán na n-iontrálacha	14,474	13,938	13,584
Ath-iontrálacha (mar % den iomlán)	69%	68%	67%
Iontrálacha neamhdheonacha	1,355	1,512	1,674
Fad airmheánach an fhanachta	10.9	10.5	10.4

Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta FSS

## Fócas Ar...


Cuireann an tsaoráid nua do leanaí agus d'ógánaigh ag Ospidéal Ghort na Silíní cóiríocht ar fáil do roinnt Foirne Meabhairshláinte Pobail do Leanaí agus d'Ógánaigh ó mhí Dheireadh Fómhair 2012 i leith agus tá oscailt an Ospidéil Lae nua beartaithe do 2013.



©Ros Kavanagh

## Fócas Ar...

Comhordaíonn an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc an cur i bhfeidhm **Lámh Chuidithe [Reach Out]**, an straitéis náisiúnta um ghníomhú ar fhéinmharú a chosc.



### Áiríonn buaicphointí 2012:

- Óstáil fóraim idirnáisiúnta ar Lá Idirnáisiúnta um Féinmharú a Chosc.
- Forbairt de Threoirínte Náisiúnta d'Iar-Bhunscoileanna um Mheabhairshláinte agus Féinmharú a Chosc i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Oiliúint ar bhreis is 3,500 duine in ASIST (Oiliúint Scileanna Feidhmiúla Idirghabhála Féinmharaithe) agus 5,000 maidir le safeTALK (oiliúint maidir le hairdeall ar fhéinmharú).



# Ag Tacú le Daoine atá faoi Mhíchumas

Samhail chuimsithe agus pobalbhunaithe cúraim a chur i bhfeidhm do dhaoine faoi mhíchumas • rochtain chothrom agus bealaí níos soiléire a sholáthar chuig seirbhísí cónaithe, lae, faoisimh agus/nó athshlánaithe do dhaoine fásta de réir mar is cuí • seirbhísí do leanaí agus daoine óga a athchumrú agus foirne comhtháite, bunaithe go tíreolaíoch a bhunú • éifeachtúlachtaí a mhéadú i soláthar seirbhíse • cáilíocht a bhrú chun cinn agus caighdeán dea-chleachtais a chomhlíonadh

## Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha á gCur Chun Cinn

### In 2012:

- Leithdháileadh €1,554m ar sholáthar seirbhísí míchumais.
- Bhain 4,166 duine leas as Seirbhísí um Chúntóir Pearsanta/Tacaíochta Baile.
- Bhain 3,035 duine leas as oiliúint athshlánaithe.
- Bhain 15,839 duine leas as cineálacha eile gníomhaíochta lae.
- Tugadh seirbhísí lae éagsúla do 675 duine óg a d'fhág an scoil in 2012. Rinneadh é sin gan aon mhaoiniú déimeagrafach breise.
- Bunaíodh grúpa forfheidhmithe náisiúnta, ina raibh na páirtithe leasmhara go léir, d'fhonn moltaí na tuarascála *Time to Move on from Congregated Settings* a chur chun cinn.
- Fuarthas 3,505 iarratas le haghaidh measúnuithe faoin *Acht um Míchumas 2005*.
- Rinneadh beagnach aon trian de na hiarratais ar fad thar ceann leanaí 5 bliana d'aois nó níos sine agus dá bhrí sin iad in aois scoile.
- In iarracht ár mbonn beartais a neartú, d'fhoilsíomar na tuarascálacha seo a leanas i mí Feabhra:
  - New Directions – Personal Support Services for Adults with Disabilities*
  - National Review of Autism Services, agus*
  - Respite/Residential Care with Host Families in Community Settings.*

## Fócas Ar...


Tá an **Tionscadal Next Steps**, arna chomhordú ag Cónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Deonacha agus tacaíthe ag FSS, dírithe ar chur i bhfeidhm tograí ionas go bhforchéimneofaí an t-athrú chuig tacaíochtaí níos indibhidiúla. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar chás-staidéir a fhéachann le slite nua a chruthú chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine indibhidiúla.



Anseo thuas, tá cás-staidéar á chur i láthair ag féinabhcóide, John Collins (ar chlé). Sa phictiúr freisin tá Mary O'Donohue (ball foirne), Alan Blythe (ceann foirne) agus Lesley Ann Kavanagh (bainisteoir seirbhísí) – Seirbhísí Bhráithre na Carthanachta an Oirdheiscirt.

- D'fhoilsigh an Roinn Sláinte an tuarascáil *Value for Money and Policy Review of Disability Services in Ireland* i mí Iúil. Moltar san athbhreithniú go ndéanfaí athstruchtúru suntasach ar an gclár seirbhísí míchumais.
- Rinneadh obair mhór mar ullmhúchán do thabhairt isteach Chaighdeán HIQA do Sheirbhísí Cónaithe in 2013.
- Rinneadh iniúchadh fadréimseach ar na bearta cosanta cliant atá i bhfeidhm i measc 74 soláthraí seirbhíse san earnáil dheonach.
- Cuireadh tús le hobair mar ullmhúchán do na Treoirínte Tús Áite do Leanaí a bheith á gcur ar bhonn reachtúil in 2013. Áiríodh leis sin bunú Coiste Míchumais Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí agus forbraíodh beartais agus nósanna imeachta cosanta agus leasa leanaí a bhaineann go sonrach le míchumas, lena n-áirítear foireann uirlisí agus seicliosta comhlíontachta.
- Agus seirbhísí míchumais leanaí á gcur chun cinn, osclaíodh go hoifigiúil an 13 Meitheamh Ionad Seirbhísí Teiripe Thiobraid Árann Theas FSS atá lonnaithe ar thailte Ospidéal Naomh Lúcas, Cluain Meala. Soláthraítear bunáit amháin ann le haghaidh seirbhísí ildisciplíneacha do leanaí, rud lena bhfeabhsaítear comhtháthú seirbhíse agus rochtain do theaghligh.

**Figiúr 23: Líon Daoine, de réir Aoise, ag Déanamh Iarratas ar Mheasúnú in 2012 faoin Acht um Míchumas 2005**



Foinse sonraí: Aonad Faisnéise Míchumais

# Ag Cosaint Ár Leanaí agus Ár nDaoine Óga

Cúram agus cosaint leanaí agus a dteaghligh a chinntiú mar atá leagtha amach sa reachtaíocht • clár cuimsitheach athraithe a chur i bhfeidhm • ullmhú do bhunú na Gníomhaireachta um Thacaíocht Leanaí agus Teaghligh • nósanna imeachta agus athchóirithe cosanta leanaí a chur i bhfeidhm atá riachtanach chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar do leanaí i gcúram • cleachtas comhroinnte ildisciplíneach éifeachtach a chur chun cinn agus rannpháirtíocht éifeachtúil an phobail


## Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha á gCur Chun Cinn

In 2012:

- Leithdháileadh €544m chun seirbhísí a sholáthar do leanaí agus do theaghligh, méadú €21m ar an mbliain roimhe sin.
- Bhí 6,332 leanbh i gcúram ag deireadh na bliana.
- Bhí 375 leanbh i gcúram cónaithe, agus 36 faoi 12 bhliain d'aois.
- Bhí 92% (5,821) de na leanaí a bhí i gcúram ag 4,269 cúramóir altramaí, agus ba ghaolta leis na leanaí a bhí i 28% díobh.
- Bhí oibrí sóisialta ag 92% de leanaí i gcúram (sprioc 100%).
- Bhí plean cúraim scríofa ag 88% de leanaí i gcúram (sprioc 100%).
- Rinneadh 19,044 tarchur maidir le mí-úsáid leanaí.
- Tá 4,761 seirbhísí luathbhlianta fógartha, agus rinneadh iniúchadh ar 55% díobh (bliantúil nó an chéad iniúchadh). Glacadh cúig ionchúiseamh le linn na bliana, tar éis cigireachta.
- Fuarthas 243 gearán, agus rinneadh imscrúdú ar 96% díobh sin.


- Bunaíodh struchtúir nua bainistíochta don tseirbhís díreach sular cuireadh i bhfeidhm an foilseachán *Report of the Task Force on the Children and Family Support Agency*, a foilsíodh i mí Iúil.
- Forbraíodh roinnt beartas náisiúnta sna réimsí cúram altramaí, iarchúraim, easpa dídine i measc na n-óg agus cúram cónaithe.
- Cuireadh roinnt clár oiliúna ar fáil, mar shampla Comhoiliúint maidir le Tús Áite do Leanaí do FSS agus don Gharda Síochána.
- Ritheadh reifreann sa bhfómhar maidir le cearta leanaí d'fhonn cearta leanaí, a gcuid leasa agus a sábháilteacht agus a gcosaint a aithint agus a dheimhniú.
- Samhlaítear go réachtálfar tuilleadh reachtaíochta, lena n-áirítear Tús Áite do Leanaí a chur ar bhonn reachtúil, agus oibleagáidí reachtúla eile a éireoidh as an athrú ar an mbunreacht.

**Figiúr 24: Líon na Leanaí i gCúram de réir Cineál Cúraim, 2012**



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta FSS


## Fócas Ar...



I mí Iúil foilsíodh **Caighdeán Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí** de chuid HIQA, ionas go dtreiseofaí agus go bhfeabhsófaí seirbhísí cosanta leanaí ó bhonn aníos. Baineann na caighdeán seo le Seirbhísí Leanaí agus Teaghligh FSS agus le gníomhaireacht ar bith a mbeadh an dualgas dlíthiúil uirthi amach anseo sábháilteacht agus leas leanaí a chur chun cinn in Éirinn.

Déanann na caighdeán cur síos ar cad ba chóir do FSS a dhéanamh ionas go gcinnteofaí agus go dtabharfaí aire do leas leanaí nach bhfuil cúram ná cosaint mar ba chóir á fháil acu. Cabhróidh na caighdeán féachaint an bhfuil feabhsú riachtanach maidir le caighdeán agus sábháilteacht an chúraim a fhaigheann leanaí sa chóras cosanta leanaí. Lena chois sin, forbraíodh treoir ar na caighdeán d'fhoireann FSS.

**Figiúr 25: % na Leanaí i gCúram ag a bhfuil Oibrí Sóisialta Leithdháilte ina leith**



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta FSS

# Ag Feabhsú Soláthar an Chúraim Mhaolaithigh

A chinntiú gur féidir le hothair a bhfuil riochtaí a chiorraíonn a saol ag dul dóibh, agus a dteaghlach, rochtain a fháil ar leibhéal seirbhíse cúraim mhaolaithigh atá ábhartha dá riachtanas • seirbhísí speisialtacha agus ginearálta do dhaoine fásta • cúram maolaitheach pédiatraiceach a fhorbairt • measúnú, próisis tarchurtha agus bealaí cúraim a chaighdeánú • rannpháirtíocht úsáideoirí seirbhísí agus teaghlach a neartú


## Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha á gCur Chun Cinn

### In 2012:

- Leithdháileadh €73m ar sholáthar seirbhísí cúraim mhaolaithigh.
- Glacadh isteach 2,808 duine chuig cúram maolaitheach in aonad d'othair chónaithe le linn na bliana. Bhí méadú 4.4% ar líon na n-othar nua a fuair cóir leighis i gcomparáid le 2011.
- Glacadh isteach 93% d'othair i bhfoisceacht seacht lá dóibh a bheith curtha ar aghaidh.
- Fuair 2,978 duine rochtain ar sheirbhísí speisialaithe cúraim mhaolaithigh pobail ar an meán gach mí, laghdú 1.8% ar 2011.
- Chonacthas 83% de na daoine i bhfoisceacht seacht lá ó cuireadh ar aghaidh chuig an tseirbhís iad, méadú 4% ar 2011.
- Forbraíodh íos-thacair shonraí maidir le seirbhísí méalaithe agus leanaí le haghaidh forchéimniú iomlán in 2013.
- Tá bealaí cliniciúla agus treoirilínte beagnach tugtha chun críche i réimsí cosúil le bainistíocht cógas, cumarsáid, agus near-scaoileadh amach.
- Táthar tar éis Céim 1 d'athbhreithniú náisiúnta de leapacha tacaíochta an chúraim mhaolaithigh a thabhairt chun críche.
- Cuireadh measúnú riachtanais náisiúnta i gcrích maidir le cúram maolaitheach do leanaí a bhfuil riochtaí a chiorraíonn a saol ag dul dóibh.
- Sheol an Foras Uile-Éireann maidir le Cúram Ospíse agus Maolaitheach (AIHPC) líonraí struchtúracha atá dírithe ar thaighde agus ar oideachas.
- Tá FSS, Foras Ospíse na hÉireann agus Ospidéal Mhuire na Leanaí ag obair i gcomhpháirtíocht chun clár oideachais a sholáthar maidir le leanaí a bhfuil riochtaí a chiorraíonn a saol ag dul dóibh.
- I mí Dheireadh Fómhair, sheol an tAire Sláinte foilseachán dar teideal *Review of Seven Year Strategic Plan for the Development of Specialist Palliative Care Services in the Mid-West Region 2004-2011* inar léiríodh go raibh 24 as an 34 moladh bainte amach, cuireadh sé cinn acu ar bun agus ní theastaíonn tuilleadh airde ach ó ceithre cinn acu.

### Figiúr 26: Agaí Feithimh le haghaidh Cúraim Mhaolaithigh

- Leaba um chúram maolaitheach speisialta othair chónaithe laistigh de 7 lá
- Leaba um chúram maolaitheach speisialta othair chónaithe laistigh de 1 mhí
- Seirbhísí um chúram maolaitheach speisialta sa phobal laistigh de 7 lá
- Seirbhísí um chúram maolaitheach speisialta sa phobal laistigh de 1 mhí



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta FSS

- Tionóladh roinnt comhdhálacha le linn na bliana d'fhonn iniúchadh a dhéanamh ar dhea-chleachtas lena n-áirítear *Getting to Grips with Palliative Care – A Multidisciplinary Approach* a bhí ar siúl don fhoireann sa réigiún Lár Tíre.

Tábla 7: Líon na nOthar ag Fáil Cóireála Cúraim Mhaolaithigh

	2010	2011	2012
Meánlíon míosúil ag fáil cóireála i sainaonaid speisialaithe cúraim mhaolaithigh na n-othar cónaitheach	328	350	356
Meánlíon míosúil ag fáil cóireála speisialaithe cúraim mhaolaithigh sa phobal (cúram baile)	2,837	3,023	2,978
Meánlíon míosúil ag fáil seirbhísí speisialaithe cúraim mhaolaithigh lae	283	321	323
Meánlíon míosúil ag fáil cúraim i leapacha tacaíochta tiomnaithe an chúraim mhaolaithigh (ospidéal phobail)	120	166	150
An % d'othair nua le galar neamh-urchóideach acu ag fáil cúraim mhaolaithigh speisialaithe sa phobal (cúram baile)	17%	20%	24%

Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta FSS

## Fócas Ar...

Is comh-thogra idir FSS agus Foras Ospíse na hÉireann é an **Clár Altra For-Rochtana do Leanáí** d'fhonn tacaíocht chúram baile a thabhairt do leanaí le riocht a chiorraíonn saol duine, agus dá muintir. Bhí ceathrar altraí i láthair in 2012, agus ceapfar ceathrar eile in 2013. I mí na Bealtaine, bhuail an tAire Sláinte, an Dr. James Reilly le haltraí Liane Murphy, Port Láirge; Bevan Ritchie, Sráid an Teampaill; Hilary Noonan, Luimneach; agus Irene O'Brien, Droichead Átha. Sa phictiúr chomh maith tá an Dr. Mary Devins, Pédiatraí Comhairleach le Sainspéis i Leigheas Maolaitheach.



# Ag Dul i nGleic le hEisiamh Sóisialta

Dul i ngleic le héagthroime sláinte trí sholáthar seirbhíse spriocdhírthe • straitéisí agus beartais náisiúnta um chuimsiú sóisialta a chur i bhfeidhm ar fud raon réimsí lena n-áirítear drugaí, mí-úsáid substaintí, heipitíteas, SEIF, easpa dídine, sláinte idirchultúrtha, sláinte an lucht siúil • a chinntiú go bhfuil meicníochtaí cumhachtaithe ann agus go mbeidh rannpháirtíocht níos mó ag grúpaí imeallaithe

## Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha á gCur Chun Cinn

### In 2012:

- Leithdháileadh €115m ar sholáthar seirbhísí cuimsithe sóisialta.
- Fuair 9,419 cliant cóir leighis i gcothabháil meatadóin ag deireadh mhí na Nollag. Astu sin, bhí 8,923 nó 95% ag fáil cóir leighis lasmuigh de phríosúin agus 496 cliant nó 5% ag fáil cóir leighis meatadóin i bpríosúin.
- Cuireadh tús le cóir leighis 1,260 mí-úsáideoir substaintí a bhí os cionn 18 mbliana déag i bhfoisceacht mí amháin tar éis measúnaithe agus 105 i bhfoisceacht coicise tar éis measúnaithe.
- Glacadh le 8,632 duine a bhí gan dídean isteach i mbrúna/saoráidí cóiríochta éigeandála do dhaoine gan dídean agus bhí cárta leighis ag 61% dóibh nuair a glacadh isteach iad.
- Earcaíodh 57 cógaslann chun an clár malartaithe snáthaidí a sholáthar:
  - Cuireadh 10,668 malartú i gcrích.
  - Ar an meán bhí 366 duine aonair ag baint úsáide as an tseirbhís in aghaidh na míosa.
  - Dáileadh 121,290 steallaire.
  - Ráta aiscurtha 39% le haghaidh pacáí úsáidte.
  - Tarchuireadh 1,098 cliant, astu sin:
    - ♦ tarchuireadh 436 chuig clinici
    - ♦ tarchuireadh 371 le haghaidh tástála víreas fuil-iompartha, agus
    - ♦ tarchuireadh 291 le haghaidh vacsaínithe Heip B.
- Tarchuireadh 3,185 le haghaidh scagthástála sláinte an Lucht Siúil.
- Fuair Líne Chabhreach Drugaí, Alcóil agus VEID de chuid FSS drugshiv@hse.ie raon éagsúil fiosrúcháin ó 2,719 teagmhálaí (115 díobh seo a bhí trí mheán rphoist).

Ina theannta sin, cuireadh raon tionscnamh chun cinn trínar cinntíodh gur féidir le daoine i ngrúpaí socheacnamaíochais isle nó iadsan a gcuireann eisiamh sóisialta isteach orthu rochtain a bheith acu ar sheirbhísí nuair a theastaíonn siad uathu:

- Tá anailís a rinneadh ar chur i bhfeidhm na Creatlaí Náisiúnta Athshláinaithe Drugaí (2010) sna 10 láithreán phiolótacha ar fud na hÉireann faoi lánseol.
- Chuir grúpa ina gcuimsítear Coláiste Síciatrach na hÉireann, Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann, Cumann Cógaiseoirí na hÉireann agus Bainisteoirí Seirbhís Andúile FSS dréacht-treoirínte amach le gairid maidir le tástáil drugaí le haghaidh athbhreithnithe agus tuairimí.
- Táthar ag cur breis córas faisnéise agus feasachta gréasán bhunaithe i bhfeidhm lena n-áirítear seoladh an Fheachtais Fhor-rochtana Ar Líne ag [www.drugs.ie](http://www.drugs.ie)
- Tá obair ag dul ar aghaidh le gach páirtí leasmhar maidir le cur i bhfeidhm *The Way Home – A Strategy to Address Adult Homelessness in Ireland*.

## Fócas Ar...

Seoladh Straitéis Náisiúnta FSS um Heipitíteas C 2011-2014 i mí Mheán Fómhair agus cuireann sé creatlach ar fáil le haghaidh freagartha comhoiriúnaithe comhtháite do Heipitíteas C in Éirinn.


Leagann an Straitéis Náisiúnta um Heipitíteas C amach plan soiléir le hamlínite chun tarchur Heipitítis C a laghdú agus chun feabhas a chur ar chúram na n-othar atá ionfhabhtaithe le Heipitíteas C in Éirinn.

Tá roinnt moltaí cheana féin faoi lán seoil.



- Bhí os cionn 120 altra agus gairmí sláinte agus cúram sóisialta gaolmhar rannpháirteach sna cláir oiliúna aon lá amháin maidir le 'A Guiding Framework for Education and Training in Screening and Brief Intervention for Problem Alcohol Use'.
- Rinneadh forbairt ar threoirínte cumarsáide i gComhairlíúcháin Cleachtais Ghinearálta Traschultúrtha.
- Rinneadh Suirbhé Sláinte Trasinscne agus tá na torthaí á n-ullmhú lena scaipeadh.
- Seoladh tuarascáil maidir le Tionscnamh Oiliúna d'Fhoireann a thugann cúram d'othair leispiacha, aeracha, déghnéasacha (LGB).


**Figiúr 27: Éagsúlacht i Líon na nOthar ag Fáil Cóireála Meatadóin 2012 v 2011**



Foinse sonraí: Stiúrthóireacht um Chuimsiú Sóisialta







# Aguisíní



# Aguisín 1: Feidhmíocht i gcoinne Príomh-Spriocanna an Phlean Náisiúnta Seirbhíse 2012

Príomhtháscaire Feidhmíochta		Iarbhír 2011	Spríoc 2012	Iarbhír 2012
Cáilíocht	<b>Ionfhabhtuithe Bainteach leis an gCúram Sláinte</b>			
	Ráta ionfhabhtuithe MRSA i sruth na fola in ospidéil ghéarmhíochaine in aghaidh 1,000 lá leapa a úsáideadh	—	< 0.067	0.058
	Ráta de chásanna nua buinní a bhain le Clostridium Difficile in ospidéil ghéarmhíochaine in aghaidh 10,000 lá leapa a úsáideadh	PI Nua 2012	< 3.0	2.3
	<b>Athiontráil</b>			
	% d'athiontrálacha éigeandála mar gheall ar riochtaí géarmhíochaine chuig an ospidéal céanna taobh istigh de 28 lá ó scaoiltear amach iad	PI Nua 2012	9.6%	11.1%
	<b>Am chuig Obráid</b>			
	% d'obráidí éigeandála as briseadh cromáin a rinneadh taobh istigh de 48 uair an chloig (LOS réamh-obráide: 0, 1 nó 2)	PI Nua 2012	95%	84%
	<b>Géarshiondróm Corónach</b>			
	% d'othair STEMI (gan fritasc do theiripe atréleata) a fhaigheann PPCI	PI Nua 2012	50%	73%
	<b>Cosaint Sláinte</b>			
	% de leanaí atá 24 mhí d'aois a fuair trí dháileog den vacsaín 6 in 1	PI Nua 2012	95%	95%
	% de leanaí atá 24 mhí d'aois a fuair an vacsaín MMR	91.9%	95%	92%
	% de chailíní na chéad bliana a fuair an tríú dáileog den vacsaín HPV faoi mhí Lúnasa 2012	PI Nua 2012	80%	81.9%
<b>Sláinte Leanaí</b>				
% de naíonáin nuabheirthe ar thug altra sláinte poiblí (PHN) cuair orthu taobh istigh de 48 uair a' chloig ó scaoileadh amach as an ospidéal iad	83.6%	95%	84%	
% de leanaí atá 10 mí d'aois sa tréimhse tuairiscithe agus a ndearnadh scaghtástáil sláinte maidir le forbairt leanaí orthu in am sular shroich siad 10 mí d'aois	82.2%	95%	85.7%	
<b>Cosaint agus Leas Leanaí</b>				
% de leanaí i gcúram a raibh oibrí sóisialta sannta dóibh ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.	92.6%	100%	91.9%	
% de leanaí i gcúram a bhfuil plean cúraim scríofa acu faoi láthair, arna shainiú ag na Rialacháin um Chúram Leanaí 1995, ag deireadh na tréimhse tuairiscithe	90.4%	100%	87.6%	
<b>Cúram Príomhúil</b>				
Líon na Líonraí Cúram Sláinte agus Sóisialta atá á bhforbairt	PI Nua 2012	79	Líonra a fhorbrófar in 2013	
Rochtain agus Gníomhaíocht	<b>Cúram Neamhsceidealaithe</b>			
	% de gach duine a d'fhreastail ag Rannóg Éigeandála (RÉ) a scaoiltear amach nó a ghlactar isteach taobh istigh de sé uair a' chloig ó chláraítear iad	67.5%	95%	67.5%
	% na n-othar a ghlactar isteach trí RÉ taobh istigh de naoi uair a' chloig ó chláraítear iad	PI Nua 2012	100%	62.1%
<b>Aga Feithimh Roghnach</b>				
% de dhaoine fásta atá ag feitheamh níos faide ná naoi mí le haghaidh gnás roghnach	Tuairisciú nua 2012	0%	0.3% (othar cónaitheach) 0.2% (cás lae)	

Príomhtháscaire Feidhmíochta	Iarbhír 2011	Spríoc 2012	Iarbhír 2012
% de leanaí atá ag feitheamh níos faide ná 20 seachtain le haghaidh gnás roghnach	Tuairisciú nua 2012	0%	4.2% (othar cónaitheach) 1.2% (cás lae)
<b>Seirbhísí Gastrastéigeacha/Ionscópachta ar an Drólann</b>			
Líon na ndaoine atá ag feitheamh níos faide ná ceithre seachtaine le haghaidh ionscópacht phráinneach ar an drólann	4	0	0
% de dhaoine atá ag feitheamh níos faide ná trí mhí tar éis iad a tharchur le haghaidh gach scóp gastrastéigeach	PI Nua 2012	≤ 5%	0.5%
<b>Meánaga Fanachta</b>			
Fad fanachta ag othair leighis ar an meán	PI Nua 2012	5.8	7.2
<b>Scaoileadh Amach Moillithe</b>			
Laghdú ar laethanta leapa a chailltear trí mhoill ar scaoileadh amach	PI Nua 2012	Laghdaigh faoi 10%	Laghdú 5.5%
<b>Seirbhísí Ailse</b>			
% na n-othar ag freastal ar an gclinic mear-rochtana i gcomhair ailse scamhóg a d'fhreastail nó ar tairgeadh coinne dóibh taobh istigh de 10 lá oibre ó cuireadh ar aghaidh iad	90%	95%	89%
% na n-othar ag freastal ar an gclinic mear-rochtana i gcomhair ailse phróstataigh a d'fhreastail nó ar tairgeadh coinne dóibh taobh istigh de 20 lá oibre ó cuireadh ar aghaidh iad	PI Nua 2012	90%	50%
% na n-othar a bhí ag fáil cóireála radaiteiripe d'ailse chíce, próstataigh, scamhóg nó reicteach a chuir tús le cóireáil taobh istigh de 15 lá oibre ó mheas an t-oinceolaí radaiteiripe go raibh siad réidh le cóireáil a fháil	PI Nua 2012	90%	78.9%
<b>Meabhairshláinte Leanaí agus Ógánach</b>			
% ar liosta feithimh don chéad choinne a bhí ag feithimh níos faide ná 12 mhí	12%	0%	15%
<b>Seirbhísí Míchumais</b>			
Líon na n-uaireanta cúntóirí pearsanta (PA)/tacaíochta baile a d'úsáid daoine a raibh míchumas fisiceach agus/nó céadfach ag dul dóibh	PI athbhreithnithe, ní féidir comparáid a dhéanamh	1.68m	2.14m
<b>Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta</b>			
% d'iarratais iomlána ar NHSS (Fair Deal) a próiseáladh taobh istigh de cheithre seachtaine	—	100%	100%
Líon na ndaoine a fhaigheann maoiniú faoin NHSS i gcúram cónaithe fadtéarmach ag deireadh na míosa tuairiscithe	—	23,611	22,871
Líon na ndaoine a bhí ag fáil Pacáiste Cúram Baile	10,968	10,870	11,023
% na dtarchur mí-úsáide daoine scothaosta a fuair an chéad fhreagra ó oibríthe cásanna leithleacha sinsearacha taobh istigh de cheithre seachtaine	97.5%	100%	99%
<b>Cúram Maolaitheach</b>			
% de leapacha speisialtóra a soláthraíodh d'othair chónaithe taobh istigh de seacht lá	94%	91%	93%
% de chúram cónaithe fadtéarmach ag baile, ospidéal nach ospidéal géarmhíochaine í arna seachadadh ag foirne pobail taobh istigh de seacht lá	79%	79%	83%
<b>Cuimsiú Sóisialta</b>			
Sláinte an Lucht Siúil – Líon na gcliant a bhain leas as cláir ardaithe feasachta sláinte/scagthástála (scrúdú cíche, tástáil ar smearadh as an gceirbheacs, scagthástáil sláinte d'fhir, tástáil brú fola) tríd na hAonaid Sláinte don Lucht Siúil/Tionscadail Cúram Sláinte Príomhúil	PI Nua 2012	1,650	3,185

## Aguisín 2: Tionscadail Chaipitil

### Tionscadail Chaipitil um Ghéarchúram agus Chúram Réamhospidéil (curtha i láthair de réir Réigiúin)

#### CÉIM AN TIONSCADAIL – PLEANÁIL

##### Baile Átha Cliath Lár-Laighean

- **AMNCH, Tamhlacht, Baile Átha Cliath** – Athchumraíocht agus uasghrádú ar an Rannóg Éigeandála do dhaoine fásta agus pédiatraiceach d'fhonn breis spáis cubhachailí a sholáthar, breis cóiríochta i gcomhair athbheochana, mear-rochtain agus triáiseáil bhreise

##### Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh

- **Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha, Co. Lú** – Céim 2 – Bloc barda a thógáil chun freastal ar 50 leaba athsholáthair (seomraí singile); Soláthar rannóg obrádlainne nua (4 obrádlann)

##### An Deisceart

- **Ospidéal Ortaipéideach Mhuire, Corcaigh** – Uasghrádú ar an mbarda reatha in Ospidéal Ortaipéideach Mhuire (SMOH) d'fhonn athlonnú Ospidéal Ollscoile na Trócaire (MUH) OPD go SMOH a éascú
- **Ollscoil Otharlann an Deiscirt/Ospidéal Victoria, Corcaigh** – Athlonnú Rannóg Othar Seachtrach oftailmeolaíochta (OPD) chuig Ollscoil Otharlann an Deiscirt/Ospidéal Victoria (SIVUH); soláthar saoráide modúlaí
- **Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh** – Uasghrádú ar an gcóras soláthair agus dáileacháin leictreachais chun caighdeáin reatha a chomhlíonadh

##### An tIarthar

- **Ospidéal Ginearálta Ros Comáin** – Seomra ionscópachta a sholáthar le haghaidh gnásanna leighis lae; Uasghrádú ar rannóg seirbhísí steiriúla an ospidéil (HSSD)
- **Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh** – Bloc clínicíúil nua chun cóiríocht athsholáthair barda a sholáthar ag teacht le caighdeáin reatha; Bloc 50 leaba sa chéad chéim de

##### Eile

- **Ospidéal Náisiúnta Nua na Leanaí** – Forbairt ar Ospidéal Náisiúnta Leanaí nua
- **Lárionad Rialaithe Náisiúnta Otharcharranna** – Ionad Ríomhaireachta Chorcaí: Soláthar Lárionad Náisiúnta Ceannais agus Comhordaithe comhtháite ar shuíomh Ospidéal Naomh Fionnbarra, Corcaigh (saoráid comhcheangailte gardaí/rialtais áitiúil/FSS)
- **Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath** – Ionad barrfeabhais don aosú
- **NIMIS** – Ospidéal Ortaipéideach na Ceapaí, Ospidéal an Choim, Baile Átha Cliath; an tOspidéal Náisiúnta Athshlánaithe, Dún Laoghaire, Baile Átha Cliath; Ospidéal Cholm Cille, Baile Uí Lachnáin, Co. Bhaile Átha Cliath; Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise; Ospidéal Ortaipéideach Chromadh, Co. Luimnigh; Ospidéal Réigiúnach Máithreachais Luimnigh; Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair (MWRHanna) Luimneach, Inis agus an tAonach; Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas, Cluain Meala; Ospidéal Ghinearálta Loch Garman, Chiarraí, Mhala agus Bheantraí; SIVUH, Corcaigh

#### CÉIM AN TIONSCADAIL – LEANÚNACHAS TÓGÁLA IN 2012

##### Baile Átha Cliath Lár-Laighean

- **An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais, Baile Átha Cliath** – Obrádlanna éigeandála agus cóiríocht ghaolmhar
- **Ospidéal Naomh Colm Cille, Baile Uí Lachnáin, Co. Bhaile Átha Cliath** – Uasghrádú agus athchóiriú ar sheomraí ionscópachta

##### Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh

- **Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae, Baile Átha Cliath** – Athfhorbairt ar Ospidéal an Mater do Dhaoine Fásta: Céim 3 – oibreacha deiridh i gcrích (2 obrádlann agus cuid den bhealach isteach ar an gCuarbhothar Thuaidh)
- **Ospidéal Shráid an Teampaill, Baile Átha Cliath** – Oibreacha eatramhacha lena n-áirítear seomra leictreacardagraim (ECG), aonad na n-othar isteach, saoráid um ionchlannáin chochla/éisteolaíochta, clínic mear-rochtana sa RÉ, uasghrádú ionscópachta agus raideolaíochta; Uasghrádú ar an mbarda “maol” agus ar an aonad néareolaíochta chun caighdeáin reatha maidir le rialú ionfhabhtuithe agus caighdeáin thógála a chomhlíonadh
- **Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhainséir, Baile Átha Cliath** – Suiteáil MRI

##### An Deisceart

- **Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge** – Síneadh ar an Rannóg Éigeandála: soláthar saoráidí athbheochana breise agus seirbhísí coimhdeacha le hIonad Dianchúraim nua do naíonáin nuabheirthe os cionn an RÉ
- **Ospidéal Ginearálta Mhala, Co. Chorcaí** – Aonad gnásanna lae/seomra ionscópachta
- **Ospidéal Ginearálta Loch Garman** – Seomra nua breithe agus obrádlann cnáimhseachais, RÉ agus an príomhchumar
- **Ospidéal Naomh Lúcas, Cill Chainnigh** – Athfhorbairt (céim 1) chun RÉ nua a chuimsiú, aonad measúnaithe leighis (MAU) agus aonad seirbhísí lae (lena n-áirítear ionscópacht)
- **Ospidéal Ollscoil Chorcaí** – Uasghrádú agus athchóiriú ar obrádlanna cairdiach reatha (a folmhaíodh amach in 2011) chun obrádlann amháin tráma agus éigeandála a chruthú; Síneadh ar an rannóg raideolaíochta reatha chun CT athsholáthair agus CT breise amháin a chur isteach ann; Athchumraíocht ar chúram eisothair OPD pédiatraiceach reatha chun saoráidí aonraithe breise a sholáthar sa barda cóngarach agus OPD pédiatraiceach nua a sholáthar os cionn an ghéaraonaid measúnaithe leighis
- **Ospidéal Ollscoile na Trócaire/Ospidéal Ollscoile Victoria na hOtharlainne Theas, Corcaigh** – Uasghrádú (céimithe) ar chóiríocht reatha d'othair chónaithe
- **Ospidéal Ortaipéideach Mhuire, Corcaigh** – Uasghrádú ar an mbarda reatha chun athlonnú OPD MUH a éascú



## Tionscadail Chaipitil um Ghéarchúram agus Chúram Réamhospidéal (curtha i láthair de réir Réigiúin)

### CÉIM AN TIONSCADAIL – LEANÚNACHAS TÓGÁLA IN 2012

#### An tIarlthar

- **Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair, Luimneach** – Blaosc agus croí RÉ a thógáil cóngarach don bhloc cúraim chriticiúil; bloc do Shiomptóim Chíche, deirmeolaíocht, géarstróc agus fiobrós chisteach a thógáil d'othair chónaithe agus d'othair sheachtracha
- **Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair, an tAonach, Co. Thiobraid Árann** – 2 obrádlann nua a sholáthar cóngarach don rannóg obrádlainne reatha agus uasghrádú ar an spás atá ann cheana
- **Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo, Caisleán an Bharraigh** – Athchóiriú agus uasghrádú ar aonad na nduán ansin chun cloí le caighdeán reatha agus leis an straitéis náisiúnta duán

#### Eile

- **Clár Athsholáthair Otharcharranna**
- **Lárionad Ceannais agus Glaonna Náisiúnta Otharcharranna**
- **Córais Braite agus Aláraim Dóiteáin** – Soláthar córais braite, aláraim dóiteáin ar fud na n-ospidéal agus córais soilse éigeandála chuig an gCaighdeán Éireannach (IS) 3218 agus IS3217
- **Clár Athsholáthair Trealamh** – Clár athsholáthair trealamh leighis agus diagnóiseach
- **Measúnuithe Riosca ar Shábháilteacht Dóiteáin** – Thart ar 180 measúnú ar raon áitreabh de chuid FSS

### CÉIM AN TIONSCADAIL – TÓGÁIL COMHLÍONTA IN 2012

#### Baile Átha Cliath Lár-Laignean

- **Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath** – Foirgneamh cliniciúil nua (céim 2) lena n-áirítear bardaí, aonad fiobrós chisteach agus aonad deirmeolaíochta; Breis cubhachailí cothabhála sa RÉ d'fhonn seirbhísí a aistriú ó Ospidéal Colm Cille agus forbairt ar aonad mionghortuithe in Ospidéal Naomh Colm Cille
- **Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath** – Ionad haemaifilia/heipiteolaíochta
- **Ospidéal an Choim, Baile Átha Cliath** – Uasghrádú ar an obrádlann éigeandála agus ar an seomra breithe
- **Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre Phort Laoise (MRH)** – Uasghrádú ar an rannóg raideolaíochta, ultrafhuaime, fisiteiripe agus cóiríocht ghaolmhar

#### Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh

- **Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae, Baile Átha Cliath** – Athfhorbairt ar Ospidéal an Mater do Dhaoine Fásta: Céim 1 – OPD, lónadóireacht, rannóga seirbhísí teicniúla; Céim 2 – RÉ, carrchlós, obrádlanna, ICU, raideolaíocht agus bardaí; Uasghrádú ar an gcóras stórála agus dáileacháin uisce reatha
- **Ospidéal Shráid an Teampaill, Baile Átha Cliath** – Uasghrádú agus athchóiriú ar 6/7 Sráid Fhredric Thuaidh d'fhonn athlonnú na scoile altranais agus seirbhísí tacaíochta a éascú chun tuilleadh spáis chliniciúil a chruthú san ospidéal

#### An Deisceart

- **Ospidéal Ginearálta Chiarraí, Trá Lí** – RÉ nua
- **Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh** – Síneadh leis an rannóg raideolaíochta reatha chun CT athsholáthair agus CT breise a chur isteach ann (maoinithe ag Foras Ospidéal MUH)
- **Ospidéal Ollscoil Chorcaí** – Athchóiriú ar an áit ina bhfuil an barda reatha (aistrithe chuig an aonad duán cairdiach) chun aonad measúnaithe máinliachta a sholáthar
- **Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge** – Síneadh ar RÉ lena n-áirítear an t-aonad nuabheirthe

#### An tIarlthar

- **Ospidéal Ginearálta Inse** – Athfhorbairt ar Ospidéal Ginearálta Inis (céim 1)
- **Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair, Luimneach** – Uasghrádú agus athrú ar Barda 1B chun MAU a sholáthar; Bloc cúraim chriticiúil nua chun 12 ICU, 14 HDU agus 16 aonad cúraim chriticiúil (CCUanna)
- **Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh** – Uasghrádú agus athchóiriú ar an rannóg nuabheirthe atá ann
- **Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall** – Bloc nua leighis lena n-áirítear RÉ, 19 bhá; aonad géarchúraim measúnaithe leighis (MAU), 11 bhá agus 3 x 24 barda leapa
- **Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo, Caisleán an Bharraigh** – Uasghrádú/athsholáthar ar chóras braite dóiteáin
- **Ospidéal Ginearálta Shligigh** – Suiteáil trealamh raideolaíochta athsholáthair agus Córas nua PACS (soláthraithe trí NIMIS)
- **Stáisiún Nua Otharcharranna** – Durlas, Co. Thiobraid Árann; an tAonach, Co. Thiobraid Árann, Tuaim, Co. na Gaillimhe; Acaill/An Mhala Raithní, Co. Mhaigh Eo

#### Eile

- **Tionscadail Cháilíochta agus Chúraim Chliniciúil** – Soláthar trealamh ultrafhuaime i ngach ospidéal máithreachais; Soláthar leapacha monatóireachta titimis speisialtóra in Beaumont (4) agus CUH (2) – clár titimis
- **NIMIS** – Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhainséir, Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn, Baile Átha Cliath; Ospidéal Naomh Lúcas, Ráth Garbh, Co. Bhaile Átha Cliath; Ospidéal Ghinearálta Mhaigh Eo, Shligigh agus an Náis; Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe; Ospidéal Naomh Lúcas, Cill Chainnigh

## Tionscadail Chaipitil Neamh-Ghéarmíochaine (curtha i láthair de réir grúpa cúraim)

### CÉIM AN TIONSCADAIL – PLEANÁIL

#### Meabhairshláinte

- **An tOspidéal Lárnach Mearbhaill, Baile Átha Cliath** – Céim 1: Ospidéal Náisiúnta Fóirínseach (80 Leaba athsholáthair agus 40 leaba breise); míchumas intleachtúil (ID), aonad athshlánaithe dianchúraim (ICRU) agus ICRU Leanaí agus Ógánach – 10 Leaba i ngach ceann, (mar atá beartaithe in *Fis don Athrú*)
- **Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh** – Soláthar aonad géarchúraim meabhairshláinte athsholáthair d'fhonn forbairt saoraíde oinceolaíochta radaíochta a fhorbairt ar champas
- **Teach Nazareth, Sligeach** – Athchóiriú – athlonnú seirbhísí forbartha leanaí, ionad lae meabhairshláinte, foireann cúraim phríomhúil agus seirbhísí pobail eile
- **Ospidéal Naomh Eoin, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman** – Soláthar aonad tithíochta géarchéime 10 leaba d'fhonn folmhú Ospidéal Naomh Senan a éascú

#### Míchumas

- **An tOspidéal Náisiúnta Athshlánaithe, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath** – Athfhorbairt/athsholáthar ar shaoraíd reatha i bhforbairt chéimithe – bloc barda athsholáthair

#### Leanaí agus Teaghlaigh

- **Aonaid Chónaithe Cúraim Speisialta um Chúram Leanaí** – Soláthar saoraídí cúraim speisialta agus ard-thacaíocht cónaithe do leanaí agus d'ógánaigh i nGleann Álainn, Co. Chorcaí

#### Cúram Príomhúil

- **Ionaid Cúraim Phríomhúil:** Dún Laoghaire (Baile Átha Cliath Theas), Cnoc an tSamhraidh, Gráinseach Ghormáin (Baile Átha Cliath Thuaidh lár na cathrach), Fionnghlas (Baile Átha Cliath Thuaidh), an Chorr Dhubh (Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh), an Chúlóg (Baile Átha Cliath Thuaidh); an Baile Nua agus an Clochán Liath (Co. Dhún na nGall); Baile Mhuineacháin; an Inse/Baile an Bhiaitaigh (Co. na Mí); Sligeach; Meathas Troim (Co. an Longfoirt); Baile Locha Riach (Co. na Gaillimhe); Ráth Droma (Co. Chill Mhantáin); Baile Haicéid/An Tulach/Ráth Bhíle (Co. Cheatharlach); Inis Córthaidh (Co. Loch Garman); Bealach Conglais (Co. Chill Mhantáin); SMOH (Cathair Chorcaí Thiar Thuaidh)

### CÉIM AN TIONSCADAIL – LEANÚNACHAS TÓGÁLA IN 2012

#### Daoine Scothaosta

- **Béal an Átha Móir, Co. Liatroma** – Aonad Altranas Pobail (CNU) ar campas FSS, (20 leaba)
- **Neidín, Co. Chiarraí** – Athsholáthar ospidéal pobail
- **Buiríos Uí Chéin, Co. Thiobraid Árann** – Soláthar ospidéal lae/lárionad lae don aosach ar an láithreán (clochar) atá ann.
- **Ospidéal Pobail Bhealach Conglais** – Uasghrádú agus athchóiriú d'fhonn cloí go hiomlán le treoirlínte HIQA
- **Ospidéal Naomh Uinseann, Baile Átha Í, Co. Chill Dara** – Uasghrádú agus athchóiriú ar aonaid Muire, an Teaghlaigh Naofa agus Naomh Muire d'fhonn cloí le caighdeán HIQA; oibreacha sábháilteachta dóiteáin; aonad 20 leaba a chruthú (sonrach do néaltrú) in Aonad Naomh Anne
- **An Caol, Acaill, Maigh Eo** – Ionad cúram lae
- **Uasghrádú ar shaoraídí cónaithe nach géarshaoraídí iad chun caighdeán HIQA a chomhlíonadh** lena n-áirítear Cúan Ros, Aonaid Pobail Seanchara (Baile Átha Cliath); Aonad Pobail Lusca (Co. Bhaile Átha Cliath) agus Ospidéal Naomh Oilibhéar Pluincéid, Dún Dealgan

#### Meabhairshláinte

- **Ospidéal Ollscoil Chorcaí** – Soláthar aonad géarchúraim meabhairshláinte athsholáthair d'fhonn forbairt saoraíde oinceolaíochta radaíochta a fhorbairt ar champas
- **Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha** – Soláthar aonad géarchúraim meabhairshláinte nua
- **Ospidéal Ginearálta Chiarraí** – Athchóiriú agus uasghrádú – aonad géarchúraim meabhairshláinte
- **Cromghlinn, Baile Átha Cliath** – Forbairt ar ionad cúraim príomhúil eatramhaigh, ospidéal meabhairshláinte lae agus brú meabhairshláinte 17 leaba
- **Baile Dhún na nGall** – Athchóiriú ar Rowanfield House chun aonad meabhairshláinte pobail a sholáthar.
- **Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath** – aonad síciatrach 44 leaba chun géar-sheirbhísí síciatracha a athlonnú ó Ospidéal Naomh Íde, Port Reachrann
- **MWRH Luimnigh** – Athchóiriú agus síneadh ar an aonad géarchúraim meabhairshláinte ar thalamh an ospidéal
- **Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge** – Uasghrádú ar aonad géarchúraim meabhairshláinte
- **Ionad Lae Ghort Glas, Inis, Co. an Chláir** – Athchóiriú
- **Ospidéal Naomh Íde, Port Reachrann, Co. Bhaile Átha Cliath** – Cóiríocht chónaithe a sholáthar
- **Ospidéal Lomáin, an Muileann gCearr, Co. na hIarmhí** – Athsholáthar ar bharda Naomh Edna chun aonad iompraíochta speisialta 20 leaba a sholáthar agus suas le 24 leaba athsholáthair
- **Gráinseach Ghormáin, Baile Átha Cliath** – Cóiríocht athsholáthair maidir leis na seirbhísí go léir ar an suíomh reatha lena n-áirítear cóiríocht do chónaitheoirí agus ospidéal lae
- **Grove House, Cill Droichid, Co. Chill Dara** – Athchóiriú/uasghrádú

#### Míchumas

- **An tOspidéal Náisiúnta Athshlánaithe, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath** – Oibreacha sábháilteachta dóiteáin
- **Ionad Cúraim Angle Day, An Clochán Liath, Dún na nGall** – Athchóiriú/uasghrádú
- **Baile Mhic Cearúil, Billistown agus Tigh Munna, Co. na hIarmhí** – Athchóiriú ar thithe chun cóiríocht iomchuí a sholáthar do dhaoine a bhfuil míchumais intleachtúla ag dul dóibh in Ospidéal Lomáin
- **Seirbhísí Michumais Intleachtúla Naomh Peadar, Baile na gCros, Co. na hIarmhí** – Uasghrádú ar aonaid chónaithe

## Tionscadail Chaipitil Neamh-Ghéarmíochaine (curtha i láthair de réir grúpa cúraim)

### CÉIM AN TIONSCADAIL – LEANÚNACHAS TÓGÁLA IN 2012

#### Cúram Maolaitheach

- **Scéim Deontas Deartha agus Dínite** – Mionoibreacha i dtimpeallachtaí ospidéil géarmíochaine agus nach ospidéil géarmíochaine iad lena bhfeabhsófar cúram deireadh saoil (cómhaoinithe ag Clár na nOspidéal a Thacaíonn leis an Ospís)

#### Sláinte Pobail

- **Bealach Féich-Srath an Urláir** – Athchóiriú ar urlár na talún Ospidéal Pobail Naomh Seosamh, Srath an Urláir mar cheanncheathrú an limistéir áitiúil ionas go mbeidh sé éasca roinnt léasanna reatha a scor (céim 1)
- **Ospidéal Naomh Conal, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall** – Athchóiriú – uasghrádú creatlaí (céim 2)

#### Cúram Príomhúil

- **Ionaid Cúraim Phríomhúil:** Sráid Bhagóid (Baile Átha Cliath), Cill na Manach/Tigh Motháin, (Baile Átha Cliath Theas), Baile Bhainséir (Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh), Seanchill (Co. Bhaile Átha Cliath); Cill Bheagáin agus Baile Átha Luain (Co. na hIarmhí); Béal an Átha Móir agus Cluainín (Co. Liatroma); Cill Dhéagláin (Co. na Mí); an Scoil agus Carraig Thuathail (Co. Chorcaí); an Droichead Nua agus Claonadh (Co. Chill Dara); Baile Átha an Rí agus an Caisleán Gearr/Baile an Phoill (Co. na Gaillimhe); an Margadh/Garraí Eoin/Pennywell (Cathair Luimnigh)

### CÉIM AN TIONSCADAIL – TÓGÁIL CURTHA I GCRÍCH IN 2012

#### Daoine Scothaosta

- **Aonad Mhuire, an Muileann gCearr, Co. na hIarmhí** – Ospidéal pobail 100 leaba chun freastal ar leapacha athsholáthair ón aonad reatha
- **Inse Chór, Baile Átha Cliath** – CNU 50 leaba

#### Meabhairshláinte

- **Gort na Silíní, Baile Formaid, Baile Átha Cliath** – Ospidéal lae do leanaí agus d'ógánaigh chun cóiríocht a sholáthar do 4 fhoireann cúraim
- **Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann** – Brú ardtacaíochta; Ospidéal lae agus cóiríocht don fhoireann earnála; aonad cónaithe 40 leaba a sholáthar ar an láithreán atá ann chun freastal ar othair reatha Ospidéal Naomh Lúcas
- **Loch Garman** – CNU 50 leaba chun freastal ar othair Ospidéal Naomh Senan
- **Ospidéal Naomh Eoin, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman** – Havenview, áit chónaithe ina bhfuil 14 spás chun cóiríocht a sholáthar chun áit a chur ar fáil d'othair Ospidéal Naomh Senan; Brú meabhairshláinte ardtacaíochta ina bhfuil 13 spás (Mill View) chun áit a chur ar fáil d'othair ospidéal Naomh Senan
- **Ospidéal Naomh Lomáin, an Muileann gCearr** – Athfhorbairt – soláthar brúnna ag Bóthar Lomáin, Cluain Dolcáin, Baile Formaid agus Droichead na hInse.
- **Aonad Mhuire, an Muileann gCearr, Co. na hIarmhí** – Ospidéal pobail 100 leaba chun freastal ar 50 leaba athsholáthair ó ospidéal Lomáin, d'othair a bhfuil riachtanais cúraim leanúnacha acu
- **Ospidéal Naomh Uinseann, Fionnradharc, Baile Átha Cliath** – Sé leaba breise san aonad d'ógánaigh
- **Baile Formaid, Baile Átha Cliath** – Ionad cúraim príomhúil lena n-áirítear cóiríocht le haghaidh seirbhísí meabhairshláinte
- **Bóthar Grosvenor, Baile Átha Cliath** – Uasghrádú brú
- **Ospidéal Ginearálta Chiarraí, Trá Lí** – Aonad dianfhaire

#### Míchumas

- **Aonad Lae Oakridge, Iníonacha na Carthanachta, Baile Bhainséir, Co. Bhaile Átha Cliath** – Luath-idirghabháil agus aonad measúnaithe

#### Leanaí agus Teaghlaigh

- **Aonad Cónaithe Cúram Leanaí, an Curraichín, Corcaigh** – Teach a cheannach agus a athchóiriú chun teacht in ionad na saoráide i Rushbrook, An Cóbh
- **Teach Coovagh, Luimneach** – Athchóiriú

#### Sláinte Pobail

- **Ospidéal na Mí** – Athchóiriú ar chuid den ospidéal chun freastal ar sheirbhísí fiacloireachta atá i gcóiríocht ar cíos i limistéar ó theas den chathair faoi láthair
- **Bru Chaoimhín, Baile Átha Cliath** – Athchóiriú ar aonad 3 chun freastal ar sheirbhísí atá i gcóiríocht ar cíos i limistéar ó theas den chathair faoi láthair

#### Cúram Príomhúil

- **Ionaid Cúraim Phríomhúil:** Baile an Teampaill, (Baile Átha Cliath); Pimlico/Cúirt San Tomás (Iár na cathrach Baile Átha Cliath Theas); Inse Chór, Baile Formaid (Baile Átha Cliath Thiar); an Longfort; Cill Dhéagláin (Co. na Mí); Dún an Rí (Co. an Chabháin); Neidín (Co. Chiarraí); Oileán an Rí (Luimneach); na Gleannta (Co. Dhún na nGall); Fearann na Manach, an Caisleán Riabhach (Co. Ros Comáin); an Cabhán

# Aguisín 3: Tuarascáil Bhliantúil um Éifeachtúlacht Fuinnimh

## Réamhrá

San aguisín seo, leagtar amach seasamh FSS maidir lena cuid úsáide fuinnimh agus gníomhartha a nglactar de láimh chun an t-ídiú sin a laghdú, mar fhreagairt do reachtaíocht (I.R. 542 de 2009) lena n-éilítear ar eagraíochtaí na hearnála poiblí tuairisc a thabhairt ar bhonn bliantúil.

## Forbheathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2012

Tá FSS ar úsáideoir mór fuinnimh agus dá réir, aithníonn sí an dualgas atá uirthi a bheith ina ceannródaí maidir le tionscnaimh laghdaithe fuinnimh a thabhairt isteach. Cé go bhfuil trealamh a úsáideann go leor fuinnimh freagrach i bpáirt as méaduithe bliantúla in úsáid fuinnimh, baineann an bonnlíne maidir le solas, teas agus fuarú le tuairim agus 70% d'úsáid fuinnimh agus is ansin a chaithefear coigilt a dhéanamh.

In 2012, d'úsáid FSS 1.29 TWh fuinnimh:

- 558 GWh leictreachais
- 730 GWh de bhreoslaí iontaise
- 8.0 GWh de bhreoslaí in-athnuaite.

Léirítear leis sin os cionn 2500 MRPNanna agus suas le 800 GPRNanna mar aon le roinnt láithreán ina bhfuil córais fuinneamh in-athnuaite i bhfeidhm iontu. Meastar na figiúirí sin bunaithe ar an eolas reatha atá againn ar an úsáid fuinnimh foriomlán san eagraíocht. Mar sin féin, in 2012 thugamar faoi anailís fhorleathan ar ár n-ídiú fuinnimh d'fhonn cur ar a gcumas tuairisc a thabhairt d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) faoi cheanglais monatóireachta agus tuairiscithe IR 542, 2009. Déanfaimid tuilleadh scagtha ar ár gcórais monatóireachta fuinnimh in 2013.

## Gníomhartha Curtha i gCrích in 2012

Mar chuid de na chéad rannpháirtithe i gClár Comhpháirtíochta na hEarnála Poiblí de chuid an SEAI, d'oibríomar go dlúth leis an SEAI i gcuid mhaith réimsí, go háirithe maidir le coincheap na Cuideachta Seirbhísí Fuinnimh a fhorbairt (ESCO) maidir leis an earnáil phoiblí tríd is tríd.

Tugadh isteach critéir monatóireachta agus tuairiscithe fuinnimh níos géire faoi IR 542 in 2012. Iarrtar leis seo go n-eiseodh FSS agus gach comhlacht poiblí, na sonraí méadair agus fuinnimh iomchuí don SEAI d'fhonn cur ar a gcumas na próifílí maidir le húsáid fuinnimh a fháil díreach ó na soláthraithe fuinnimh agus ó na seoladóirí. Ansin deimhneoidh an SEAI ar bhonn neamhspleách comhlíonadh FSS leis na ceanglais monatóireachta agus tuairiscithe atá sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP). Chuireamar an chéim sin den phróiseas i gcrích, agus d'eisíomar os cionn 1,600 pointe méadraithe leictreachais, beagnach 600 pointe méadraithe gáis náisiúnta agus sonraí teirmeacha faoin spriodhata agus chuige sin, tá FSS comhlíontach go hiomlán.

Cuireadh raon tionscadal caomhnaithe fuinnimh i gcrích ar fud eastát FSS lena n-áirítear:

- Suiteáil tiomáintí luais inathraithe
- Uasghrádú ar chórais choire
- Feabhsúcháin ar an gcóras teasa
- Suiteáil córas téite gréine
- Uasghráduithe ar shoilse
- Uasghráduithe ar chreatlach foirgnimh
- Feabhsúcháin ar chóras aeraithe
- Córas téite geoiteirmigh

Táimid i mbun measúnaithe faoi láthair ar fheidhmiú na gcóras sin d'fhonn iad a chur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne i dtograí fuinnimh agus in uasghráduithe saoráidí amach anseo.

Aithníonn FSS an tábhacht atá lena ról ó thaobh foirgnimh nua agus cinn reatha a dhearadh agus a fhorbairt agus tá sí meáite ar na caighdeáin A3 is airde a bhaint amach uair ar bith is féidir é.

I dtreo dheireadh 2012 aontaíodh go mbeadh struchtúr bainistíochta fuinnimh náisiúnta, arna stiúradh ón lár ar an gcleachtas ab fhearr agus chuige sin bunaíodh an Oifig Fuinnimh Sláinte, le hionadaithe ó Eastáit FSS, Airgeadas agus Soláthar. Is é príomhról na hoifige cuspóirí na Straitéise Fuinnimh a bhaint amach go gníomhach. Mar chuspóir lárnach den straitéis sin tá monatóireacht agus tuairiscíú ar úsáid fuinnimh. Forluíonn sé sin freisin le hoibleagáidí dlíthiúla FSS ar tuairiscíodh orthu roimhe seo. Is é an chéad tosaíocht an bunachar sonraí a dheimhniú i gcás gach láithreán FSS maidir le húsáid leictreachais, gáis nádúrtha agus gach úsáid fuinnimh teirmigh. Leis na sonraí bonnlíne sin beidh FSS in ann monatóireacht ghéar a dhéanamh ar a húsáideoirí móra fuinnimh agus sin a dhéanamh i bhfíor-am agus a gcuid gníomhaíochta agus treochtaí a rianú, rud lena bhfeabhsófar go mór ár gcumas spáráil fuinnimh thábhachtach a fheabhsú.

## Gníomhartha Beartaithe don bhliain 2013

Leanfaimid ag obair chun an próiseas ESCO a fhorbairt agus, mar bhall den Ghrúpa Gníomhaíochta Náisiúnta ESCO (NEAG), chun an clár straitéiseach maidir le laghdú fuinnimh a sheachadadh trí leas a bhaint as ESCO.

Is fada an lá fios againn go dteastaíonn clár bainistíochta fuinnimh a bheadh á stiúradh go himmheánach. Cuireadh Plean Gníomhaíochta um Bhainistíocht Fuinnimh an SEAI (MAP) ar bun go píolótach i Réigiún Thoir Thuaidh Bhaile Átha Cliath agus tá spáráil mhór fuinnimh déanta dá bharr. Leis an tsraith deiridh ceardlann oiliúna rinneadh ionadaíocht ar 20 láithreán, lena n-áirítear roinnt ionadaíochta ó Ospidéal Oiliúna Limistéar Bhaile Átha Cliath (DATHanna), atá i measc na n-ospidéal géarmhíochaine is mó sa stát. Forchéimneofar leis an gclár an struchtúr fuinnimh MAP ar fud eastát FSS go léir, ag tosú go luath in 2013.







# Rialachas Airgeadais



# Athbhreithniú Airgeadais agus Oibriúcháin

Déanann an t-athbhreithniú airgeadais agus oibriúcháin seo cur síos ar phríomhthorthaí airgeadais na bliana 2012, mar aon le príomhthiománaithe um fheidhmíocht FSS, san am atá caite agus amach anseo araon.

## Forbhreathnú

Tar éis maoiniú breise a sholáthar trí mheán Meastacháin Forlíontach, sheachaid FSS Vóta cothromaithe in 2012. Is riachtanas reachtúil é de chuid an Oifigigh Chuntasaíochta nach ndéantar róchaitheachas an Vóta. I gcleachtas, bíonn sé nach mór dodhéanta cóimheá airgid bheacht a bhaint amach i gcás glanchaitheachas Vóta de €12.498 billiún agus tá sé dosheachanta dá réir go dtabharfar farasbarr beag ar ais don Státchiste, i gcomhréir le bainistíocht stuama. B'ionann an farasbarr a bhí le géilleadh maidir le 2012 agus €22.834m, (2011: €15.781m), nó níos lú ná 0.1% (2011: 0.1%) den Vóta glan iomlán ag FSS.

Léirigh an soláthar buiséid don bhliain 2012 dúshlán mór do FSS ag tráth athchóirithe suntasaigh den chóras sláinte poiblí. Tá an sprioc laghdaithe costais iomlán ináirithe de €750m mar a leagtar amach i bPlean Seirbhíse Náisiúnta FSS na bliana 2012 ann tar éis dhá bhliain gan fasach i stair na seirbhíse sláinte ina raibh laghduithe iomlána buiséid de €1.75bn ag FSS. Ag tús na bliana 2012, bhí laghdú de bhreis is 8,700 tagtha ar an líon foirne ó leibhéil bhuaice fostaíocht na bliana 2007.

Bhí dúshlán mhóra airgeadais os comhair na hearnála sláinte in 2012. Bhí na spriocanna buiséid a leagadh síos do FSS thar a bheith dian agus níor baineadh amach iad go léir. Bhain dúshlán mhóra le tionchar na scor faoin "tréimhse chairde", ag glacadh leis gur fhág 4,700 duine an earnáil idir deireadh 2011 agus mí Feabhra 2012. Cé gur rolladh amach pleananna chun costais a shrianadh ar fud na hearnála sláinte, mar thoradh ar chaiteachas a bheith ag dul i méid go leanúnach agus an brú a bhí ar an tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS), ó thús na bliana, bhíothas ag tuar go mbeadh easnamh ann do FSS in 2012.

Vótáil an Rialtas chun Meastachán Forlíontach de chuid €360m a thabhairt do FSS ag deireadh 2012 inar áiríodh coigilteas de chuid €70 milliún a aithníodh i Vóta na Roinne Sláinte agus i bhfáltais Státchiste aonuaire de €45 milliún ón gCeardchumann um Chosaint Leighis, arna leithdháileadh ag an Aire Sláinte, rud a rannchuidigh i dtreo cheanglas FSS. Dá bhrí sin ba é an glanchostas a bhain leis an Meastachán Forlíontach don Státchiste ná €245 milliún, ag léiriú 1.8% de bhuiséad na hearnála sláinte le haghaidh 2012. Ní mór féachaint ar an Meastachán Forlíontach sin i gcomhthéacs na ndúshlán a bhí os comhair FSS le linn na bliana. Bhí Plean Seirbhíse Náisiúnta 2012 (NSP 2012) bunaithe ar laghduithe costais €750 milliún a bhaint amach chun freastal ar an gcostas a bhain leis an uasmhéid seirbhíse agus ab fhéidir a sheachadadh agus gealltanais sa Chlár don Rialtas. Aithníodh raon beart coigilte sna Meastacháin chun cur ar chumas FSS na cuspóirí sin a chomhlíonadh i gcur chun feidhme an phlean. Léiríonn an spriocseanamh i FSS na deacrachtaí bunúsacha caiteachais in earnáil na n-ospidéal géarmhíochaine, i seirbhíse leasa agus cosanta leanaí agus sna scéimeanna bunaithe ar éileamh i seirbhíse pobail agus ospidéal araon.

## Ag Athchóiriú ár Seirbhísí Sláinte

Gealltar sa Chlár don Rialtas an t-athchóiriú is bunúsaí fós ar ár seirbhísí sláinte i stair an Stáit. I mí na Samhna 2012, d'fhoilsigh an tAire Sláinte *Future Health – A Strategic Framework for Reform of the Health Service 2012-2015*, an creat um athchóiriú sláinte. Tugtar cuntas sa chreat seo, bunaithe ar ghealltanais a thug an Rialtas sa Chlár don Rialtas, ar na príomh-athchóirithe cúram sláinte a thabharfar isteach sna blianta amach romhainn mar bhloic thógála lárnacha chun Árachas Sláinte Uilechoiteann a thabhairt isteach in 2016. Léirítear sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta 2013 (NSP 2013) an chéad bhliain iomlán cur chun feidhme ag Future Health agus dá bhrí sin cuirfeadh i bhfeidhm é de réir mar a bheifear ag déanamh dul chun cinn ar athchóirithe struchtúracha i FSS agus sna seirbhísí sláinte. Áirítear leis sin athruithe ar an mbealach a dhéanfar seirbhísí ospidéal, lena n-áirítear ospidéal bheaga, a mhaoiniú agus a bhainistiú, dí-chomhbhailiú seirbhísí cúraim leanaí ó FSS agus bunú Gníomhaireachta um Thacaíocht Leanáí agus Teaghlaigh, struchtúr nua Stiúrthóireachta a bhunú, Gníomhaireacht um Shábháilteacht Othar a bhunú agus a chinntiú go mbeidh ár seirbhísí cúraim shóisialta lena n-áirítear Meabhairshláinte, Míchumas agus Cúram Príomhúil oiriúnach dá bhfeidhm. Féachtar in Future Health le tacú le bealaí nuálacha maidir le cúram a sheachadadh agus go háirithe bealaí cúraim chomhtháite. Ní mór é sin ar fad a bhaint amach faoi na srianta fioscacha is déine a chonacthas le blianta fada agus aird ar threochtaí sláinte agus ar thiománaithe athraithe amhail:

- Athrú déimeagrafach agus sochaíoch
- Teicneolaíochtaí míochaine nua, faisnéisíocht sláinte agus teilleigheas
- Ionchais agus éilimh mhéadaithe
- Costais thar cuimse an tsoláthair sláinte

Tá aghaidh á thabhairt againn ar an dúshlán déach i leith costais a laghdú fad atá torthaí á bhfeabhsú againn dár n-othair ag an am céanna. Leanaimid ar aghaidh le múnlaí cúraim a thabhairt isteach ar fud na seirbhísí/na ngrúpaí cúraim go léir a chuireann cóir leighis ar othair ar an leibhéal castachta is ísle agus a sholáthraíonn seirbhísí ar an gcostais aonaid is lú is féidir, faoi stiúir ár gceannairí cliniciúla faoi Chláir Náisiúnta Chliniciúla FSS.

Cé go mbeidh sé dodhéanta tionchar ar sholáthar seirbhíse líne tosaigh a sheachaint i rith 2013, mar thoradh a bheag nó a mhór ar an líon foirne atá laghdaithe go suntasach, tá sláinte na n-othar ríthábhachtach i gcónaí. Déanfar dul chun cinn in 2013 ar chlár nuachóirithe an lucht oibre, ina rachfar i ngleic le réimsí amhail meascán scileanna, tinreamh foirne agus patrúin uainchláir laistigh de chomhthéacs Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí (PSA) 2010-2014. Déanfar iarracht tabhairt faoi chlár seirbhísí comhroinnte a bheidh uailmhianach agus nuálach trí ardáin seirbhíse comhroinnte a úsáid. Direofar níos mó in 2013 ar a chinntiú go mbeidh bainisteoirí freagrach as na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil.

Áirítear i measc tosaíochtaí na bliana 2013:

- An t-uasleibhéal seirbhísí sábháilte agus is féidir a sheachadadh leis an maoiniú laghdaithe agus leis na leibhéil fostaíochta atá againn. Leis sin caithfeadh tús áite a thabhairt do roinnt seirbhísí thar chinn eile chun freastal ar na riachtanais is práinní.
- Laghduithe costais a sheachadadh a bheidh ag teastáil le haghaidh Vóta cothromaithe in 2013.
- Príomhghnéithe den chlár athchóirithe sláinte a chur i bhfeidhm.

Tábla 8: Príomheolas Airgeadais 2012 – Cuntasaíocht Vóta

	Meastachán 2012 €'000	Toradh Vóta 2012 €'000	Faoi/ (Os cionn) %	Faoi/ (Os cionn) €'000
Ollchaiteachas Ioncaim	13,680,455	13,646,294	0.25%	34,161
Ollchaiteachas Caipitil	354,000	341,150	3.63%	12,850
<b>Ollchaiteachas Vóta Iomlán</b>	<b>14,034,455</b>	<b>13,987,444</b>	<b>0.33%</b>	<b>47,011</b>
Fáltais a Bhailigh FSS	1,113,917	1,097,261	1.50%	16,656
Fáltais Eile (Ioncam)	391,605	387,605	1.02%	4,000
Fáltais Eile (Caipiteal)	8,000	4,479	44.01%	3,521
<b>Leithreasáí-i-gCabhair Iomlán</b>	<b>1,513,522</b>	<b>1,489,345</b>	<b>1.60%</b>	<b>24,177</b>
<b>Glanchaiteachas Iomlán</b>	<b>12,520,933</b>	<b>12,498,099</b>	<b>0.18%</b>	<b>22,834</b>

Foinse sonraí: Airgeadas Corparáideach FSS

## An Timpeallacht Ghnó agus Seachtrach

Cuireadh roinnt athchóirithe ar bun le linn 2012 d'fhonn an córas bainistíochta airgeadais a neartú agus d'fhonn dul i ngleic leis na saincheisteanna airgeadais atá fós ag dul ar aghaidh i FSS. Choimisiúnaigh an Roinn Sláinte athbhreithniú ar chórais bainistíochta airgeadais i Seirbhís Sláinte na hÉireann (athbhreithniú Ogden). Bhí sé mar aidhm fhoriomlán ag an athbhreithniú féachaint ar staid reatha an chórais bainistíochta airgeadais atá i bhfeidhm san earnáil sláinte in Éirinn i gcomhthéacs an róchaiteachais thromchúisigh atá réamh-mheasta, na timpeallachta airgeadais dúshlánaí a bheidh ann go ceann i bhfad agus na n-athchóirithe radacach a shamhlaítear i gClár an Rialtais. Rinneadh roinnt moltaí san athbhreithniú maidir leis an bpróiseas bainistíochta airgeadais a neartú i FSS le tagairt áirithe do bhainistiú na céime trasdula a bhfuil an earnáil sláinte ag dul tríd faoi láthair. Ina dhiaidh sin, fostaíodh PA Consulting chun bearta práinne a dhréachtú a bheidh le cur i bhfeidhm d'fhonn cumas agus próisis bainistíochta airgeadais FSS a neartú, agus aird ar na torthaí agus ar na moltaí in athbhreithniú Ogden. Tá FSS ag obair go dlúth anois le PA Consulting agus leis an Roinn Sláinte maidir le clár feabhsúcháin airgeadais do FSS.

Cé go bhfuil na hathchóirithe atá samhlaithe cuimsitheach agus in ann athrú a dhéanamh, ní mór dúinn rochtain agus cáilíocht a chothú le linn an phróisis athchóirithe. Ar an gcúis sin, moltar in Future Health go gcuirfí athrú i bhfeidhm céim ar chéim, bunaithe ar dhea-fhianaise. Tógfar breis gníomhartha mionsonraithe ar bhunús an chreata straitéisigh seo de réir mar a rachaidh an próiseas athchóirithe ar aghaidh. Soláthrófar an bunús le haghaidh chuid mhaith de na gníomhartha sin, le Páipéar Bán ar Árachas Sláinte Uilechoiteann, a fhoilseofar in 2013.

Mar gheall ar chomh casta leis, beidh fíorghá le rialachas agus le socruithe bainistíochta stóisithe d'fhonn cur i bhfeidhm an chláir athchóirithe a stiúradh, a bhainistiú agus a fhaire. Chuige sin, bunaíodh Oifig Bainistíochta Cláir (PMO) sa Roinn Sláinte chun gníomhú mar fheidhm chomhordaithe lárnach, uileghabhálach i gcomhair athchóirithe sláinte. Tá an PMO freagrach as a chinntiú go dtagann gach ceann de na snáithe oibre éagsúla le chéile chun na cuspóirí athchóirithe iomlána a bhaint amach, go ngactar léargas straitéiseach

maidir le tráthchlár agus seicheamhú shnáithe oibre agus cumarsáid, agus gníomhaíochtaí monatóireachta agus rialaithe an chláir. Tá an PMO ag obair i gcomhar le FSS agus le príomhgheallsealbhóirí eile sa chóras sláinte lena chinntiú go gcuirfear an clár i bhfeidhm go rathúil, agus go comhoibríteach.

## Feidhmíocht in 2012

Thaifead FSS easnamh de €135.130m sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain 2012 (2011: farasbarr de €98.426m). Tá nádúr teicniúil le heilimint mhór den easnamh seo agus is féidir é a lua leis na difríochtaí idir na boinn éagsúla chuntasaíochta faoi fhabhrúithe agus rialacha cuntasaíochta airgid thirim. Déantar cuntas ar an Ioncam agus Caiteachas sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla ar bhonn na bhfabhrúithe, cé go ndéantar cuntas ar an Vóta ar bhonn cuntasaíochta 'airgid thirim', de réir mar a éilíonn rialacha cuntasaíochta an Rialtais. Is ionann an glanmhaoiniú bliantúil ón Státchiste arna thuairisciú sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus sna Cuntais Leithreasáí agus glan-iontaoibh FSS don Státchiste chun maoiniú a dhéanamh ar fíochtaí a rinneadh, rud atá difriúil ó chaiteachas tabhaithe sa tréimhse tuairiscithe. Mar thoradh, ní léiríonn na hiarmhéideanna sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais gnáth-farasbairr nó gnáth-easnamh, ós rud é gur féidir iad a lua go príomha leis an difríocht idir caiteachas fabhrúithe agus maoiniú bunaithe ar airgead tirim.


B'ionann an maoiniú do thionscadail chaipitil in 2012 agus €342.305m (2011: €345.424m), ar caitheadh €209.089m de sin ar thionscadail chaipitil FSS agus €98.357m ar dheontais chaipitil do sholáthraithe seirbhíse. Dá réir sin, tuairiscíodh farasbarr de chuid €34.859m don bhliain 2012 (2011: €27.746m) sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Tá liosta de na soláthraithe seirbhíse seo agus méideanna na ndeontas caipitil faoi seach leagtha amach in Aguisín 2 leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

Tháinig méadú ar chostais neamhphá den chéad uair ó 2008 a bhain le fás i gcostais drugaí in PCRS, in íocaíochtaí le DGanna, le cógaiseoirí agus le fiacloirí, i gcostais chliniciúla máinliachta agus míochaine agus i ndiagnóisic.

**Tábla 9: Príomheolas Airgeadais 2012-2011 – Bonn Fabhrúithe**

	2012 €'000	2011 €'000	Athrú %	Athrú €'000
Ioncam	13,679,134	13,686,620	(0.05%)	(7,486)
Glan (Easnamh)/Farasbarr Oibriúcháin: Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim	(135,130)	98,426	(237.29%)	(233,556)
Caiteachas Ioncaim				
Pá agus Pinsin	5,023,780	5,051,788	(0.55%)	(28,008)
Neamhphá (FSS amháin)	5,326,272	5,086,702	4.71%	239,570
Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha	3,464,212	3,449,704	0.42%	14,508
Caiteachas Caipitiúil	307,446	317,678	(3.22%)	(10,232)
Ceangaltais Chaipitil	774,614	797,080	(2.82%)	(22,466)
Glan-Farasbarr ar Vóta le Géilleadh don Stáitchiste	22,834	15,781	44.69%	7,053

Foinse sonraí: Airgeadas Corparáideach FSS

**Figiúr 28: Ollchaitheachas de réir Seirbhíse 2012**

Foinse sonraí: Airgeadas Corparáideach FSS

Tá príomhréimsí caiteachais 2012 leagtha amach i bhFigiúr 28. Mar atá le feiceáil, caitheadh €5.037m (37%) ar sheirbhísí ospidéal, €4.600m (33%) ar sheirbhísí pobail, €3.026m (22%) ar chúram príomhúil agus scéimeanna cártaí leighis agus an chuid eile (8%) ar sheirbhísí lárnacha nó tacaíochta. Caitheadh €307m eile ar infreastruchtúr caipitil an chórais sláinte a chothú agus a fhorbairt. Chonacthas méadú i mbliain airgeadais 2012 ar chaiteachas ar sheirbhísí ospidéal géarmhíochaine, os cionn an méid a réamh-mheasadh ó thús sa NSP 2012. Cé go dtugann bearta srianta costais a cuireadh i bhfeidhm le linn na bliana le fios go raibh caiteachas laghdaithe i gceist, méadaíodh gníomhaíochtaí agus dá bhrí sin theastaigh breis maoinithe. Fágann brú déimeagrafach atá tarlaithe de bharr daonra atá ag dul in aois go bhfuil níos mó daoine ag dul isteach i rannóg timpistí agus éigeandála agus níos mó daoine á gcur isteach san ospidéal. Tháinig méadú freisin ar líon na mbreitheanna; níos mó ná 75,000 in 2012, sin méadú 2.1% ar 2011.

Leagadh síos spriocanna rochtana i bplean seirbhíse náisiúnta 2012 chun caitheamh le cásanna othar cónaithe agus lae agus ina measc nár cheart go mbeadh aon duine fásta ag fanacht níos faide ná naoi mí i gcomhair dáta ar ghnás othar cónaithe nó lae agus nár cheart d'aon leanbh fanacht níos faide ná 20 seachtaine chun dáta a fháil i gcomhair ghnás othar cónaithe nó cás lae. Níor cheart go mbeadh ar aon othar fanacht níos faide ná 13 seachtaine nó trí mhí i gcomhair gnáth-ghnás ghastraeistéigeach, GI, ionscópachta. Tá feabhsúcháin mhóra ar rochtain ar chúram sceidealta, is é sin, máinliacht rognach le haghaidh cásanna othar cónaitheach nó lae, ó bunaíodh an tAonad Seachadta Speisialta (ASS) sa Roinn Sláinte. Trí oibriú leis an Aonad Seachadta Speisialta agus trína chinntiú go gcuirfí múnlaí nua cúraim i bhfeidhm trí na cláir náisiúnta um chúram cliniciúil, atá ag

brostú athmhúnlú samhlacha traidisiúnta cúraim agus seachadta seirbhíse, baineadh amach laghdú 98% sa liosta feithimh do dhaoine fásta a bhí ag feitheamh níos faide ná 9 mí ar mháinliacht i gcomparáid le bliain ó shin. Ina theannta sin, socraíodh sprioc nach mbeadh gá d'aon leanbh fanacht níos faide ná 20 seachtaine i gcomhair gnás pleanáilte – baineadh amach laghdú 95% freisin ar líon na leanaí a bhí ag feitheamh i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Anuas air sin, ag deireadh na bliana, ní raibh aon othar ag fanacht níos faide ná 28 lá ó cuireadh ar aghaidh iad le haghaidh ionscópacht phráinneach ar an drólann. Bhí laghdú 99% ar líon na n-othar a bhí ag feitheamh os cionn 3 mhí le haghaidh ionscópacht ghastraeistéigeach gan ach 36 othar ag feitheamh ag deireadh na bliana.

Sula ndeachaigh an 'tréimhse chairde' in éag i mí Feabhra 2012, faoina raibh sochair scoir bunaithe ar leibhéal tuarastail a bhí i bhfeidhm sular thug an Rialtas giorruithe pá isteach le roinnt blianta anuas, d'fhág 4,700 ball foirne an córas sláinte rud a d'fhág go raibh méadú in íocaíochtaí aoisliúntais cnapshuime 2012. Ba ionann agus €152m glanchostas na n-íocaíochtaí cnapshuime maidir leis na cásanna scoir sin. Ina theannta sin, bhí sé mar iarmhairt na scor gur tháinig méadú ar chostais a bhain le ragobair agus ar chostais gníomhaireachtaí. Cuireadh maoiniú de chuid €162m ag obair ón Meastachán Forlontach chun dul i ngleic le heasnamh 2012 i seirbhísí ospidéal géarmhíochaine. Laghdófar go mór an úsáid a bhainfeadh as gníomhaireachtaí agus as ragobair má bhíonn deireadh rathúil leis na caibidlíochtaí, faoi stiúir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, maidir le Comhaontú nua na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 (Páirc an Chrócaigh).

Maidir leis an tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS), is iad na príomh-thiomántóirí an méadú ar líon na ndaoine a bhfuil cártaí leighis agus cuairte chuig DGanna acu, agus lean éilimh ar drugaí agus ar leigheas ardteicniúil ag dul i méid freisin. Tharla an farasbarr de chártaí leighis agus cártaí cuairte DG le hais mar a réamh-mheasadh i bplean seirbhíse FSS ar dhá phríomhchúis – glanadh an riaráiste in iarratais ó 2011 ag tús 2012 agus bhí líon na n-iarratas ar chártaí nua níos airde ná mar a samhláíodh a bheadh sé. Bhí 1,984,979 duine incháilithe le haghaidh cárta leighis/cárta cuairte DG ag deireadh 2012. B'ionann é sin agus méadú 165,259 ón 1 Eanáir 2012 nó méadú 9.1%. Léiríonn an méadú sna scéimeanna seo an timpeallacht eacnamaíoch dúshlánach.

D'fhonn dul i ngleic le heasnamh 2012 sa PCRS, theastaigh leithdháileadh buiséid bhreise de chuid €234m. Ar ndóigh is léir go bhfuil sé sin ag brath ar éileamh, díreach mar atá an méadú

ar fhreastal ag rannóga éigeandála agus ar ghlacadh isteach san ospidéal. Is éard is cúis leo seo ná méadú inár ndaonra. Idir 2006 agus 2011, mhéadaigh an daonra 8.2%. Mhéadaigh an líon daoine os cionn 65 bliana faoi 14% agus mhéadaigh an líon daoine os cionn 85 bliana faoi 22%. Táscaire dearfach é seo, ach tá impleachtaí aige dár gcuid seirbhísí sláinte.

In 2012, bhí deireadh sásúil le cainteanna leis an Irish Pharmaceutical Healthcare Association (IPHA) agus thángthas ar mhargadh nua ollmhór maidir le costas drugaí sa Stát, agus deis ann coigilteas sa bhreis ar €400m a dhéanamh thar na trí bliana seo romhainn. D'fhág an margadh nua a rinneadh, in éineacht leis an gcomhaontú IPHA a rinneadh níos luaithe sa bhliain, go raibh coigilteas €16m déanta ar dhruaí sa bhliain agus bainfeadh coigilteas mór eile amach sna trí bliana seo amach romhainn. Chosain drugaí nua thart ar €15m in 2012. I measc na samplaí tá an druga i gcomhair ailse, Ipilimumab, agus na drugaí i gcomhair Heipitíteas C, Boceprevir agus Teleprevir. Meastar go nginfeadh coigilteas suas le €116m comhlán mar gheall ar an margadh in 2013.

## Ag Feabhsú na Bainistíochta Feidhmíochta

Is príomhthosaíocht é de réir mar a leantar d'athchóiriú an chórais sláinte a chinntiú go dtuairiscítear agus go mbainistítear go gníomhach feidhmíocht airgeadais agus seirbhíse agus go ndéanfar é sin ar bhonn tráthúil. Ag tógáil ar an obair a rinneadh le roinnt blianta anuas, cinnteofar le creat cuntasachta 2013 go ndéanfar feidhmíocht a thomhas i gcoinne pleananna comhaontaithe lena n-áirítear tiomantais seachadta airgeadais agus seirbhíse i dtéarmaí spriocanna rochtana, cáilíocht agus toirteanna seirbhíse. Déanfar monatóireacht ar na pleananna sin trí raon méadrachtaí scórchárta. Beidh bainisteoirí seirbhíse freagrach as feidhmíocht agus tabharfar aghaidh ar thearcfeidhmíocht. Leagtar amach i bplean forfheidhmiúcháin NSP2013 a thacaíonn leis an doiciméad seo seirbhísí sóisialta sláinte agus pearsanta a bheidh le seachadadh ag grúpa/clár cúraim. Tá liosta tosaíochtaí, príomhghníomhaíochtaí agus bearta i ngach caibidil ina soláthrófar faisnéis maidir le dul chun cinn ar feadh na bliana. Nascfaidh sé sin pleananna réigiúnacha gnó le pleananna áitiúla áit a n-ainmnítear sainspriocanna áitiúla. Déanfar rianú i dtuarascálacha feidhmíochta ar sheachadadh i gcoinne pleananna agus tacóidh CompStat le bainistíocht feidhmíochta ag leibhéal an aonaid sheachadta seirbhíse áitiúil de réir mar atá sé leabaithe i gcónaí sa chóras oibriúcháin, d'ospidéal agus seirbhísí pobail. Leasófar gach formáid tuairiscithe chun tacú leis an struchtúr agus leis na ról nua eagraíochtúla. Déanfar bainistiú ar ghníomhaireachtaí maoinithe trí Chomhaontuithe Seirbhíse feabhsaithe ina n-áireofar naisc níos mó le tosaíochtaí náisiúnta agus trédhearcacht níos mó maidir le forchostais chorparáideacha agus tuarastail shinsearacha.

## Príomh-threochtaí ar dóigh go mbeidh tionchar acu ar fheidhmíocht sa todhchaí

Is é €13,404.1m an t-oll-Mheastachán vótáilte reatha do FSS in 2013. Is méadú glan de chuid €71.5m (0.54%) é sin. Áirítear leis an méadú glan sin caiteachas nua agus brúnna dosheachanta de €748m agus coigilteas de €721m.

Is é an laghdú a iarrtar ar FSS a bhaint amach in 2013 ná €721m rud a chiallaíonn gurb é an laghdú iomlán ar bhuiséid FSS ó 2008 ná €3.3bn (22%). Tá laghdú de bhreis is 11,265 Coibhéis Lánaimseartha (10%) ar leibhéil foirne ó bhuaic leibhéil fostaíochta i mí Mheán Fómhair 2007. Go dtí seo, baineadh amach laghduithe i gcostais trí phá agus líon na foirne a laghdú chomh maith le coigilteas a dhéanamh sa chostas a bhaineann le scéimeanna drugaí pobail agus le soláthar. Ní mór tuilleadh coigilteas a dhéanamh i ngach ceann de na ceanteidil sin i mbliana. I measc na ndúshlán airgeadais a dtéann FSS i ngleic leo i gcomhthéacs

an phlean seo tá siad seo a leanas:

- Tá easnamh réamh-mheasta isteach ag ospidéal de €271m chomh maith le brúnna costais eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn in 2013.
- Tá dúshlán ag Scéimeanna Cúraim Phríomhúil laghduithe costais €383m a dhéanamh.
- Níl aon easnamh réamh-mheasta isteach ag Seirbhísí Pobail ach cosúil leis na hospidéal caitheadh siad dul i ngleic le haon bhrúnna breise a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na bliana.

Tá roinnt forálacha sa Mheastachán mar atá sé curtha ar fáil do FSS. Iarrtar ar FSS spriocanna laghdaithe caiteachais a ghearradh le haghaidh 2013. Is spriocanna suntasacha iad sin go háirithe san earnáil ghéarmhíochaine ach laghdófar buiséad gach grúpa cúraim freisin leis na bearta a bheidh ábhartha don ghrúpa sin, lena n-áirítear iad sin a bhaineann leis an gCreat Rialaithe Fostaíochta (ECF), le coigiltí a bhaineann le pá agus le coigiltí i gcúrsaí soláthair. Dá gcuirfeadh FSS díreach an meastachán i bhfeidhm, ansin bheadh dúshlán airgeadais thar cuimse ar an earnáil ospidéal ag glacadh lena easnamh isteach agus na dúshlán costais in 2013. Ag eascairt as sin tá FSS ag glacadh gníomhartha breise chun dul i ngleic leis an easnamh seo atá tugtha ar aghaidh agus cuireann sí buiséid ar fáil d'ospidéal chun tacú le leibhéal gníomhaíochta 2012 agus leis na méaduithe ar chostais i ngeall ar fhorbairt déimeagrafacha, teicneolaíochta agus cliniciúla. Is é cuspóir an chreata airgeadais a thacaíonn leis an bPlean Seirbhíse Náisiúnta ná a chinntiú go mbeidh buiséid ag gach réimse a bheifear in ann a bhaint amach agus ag an am céanna go mbeifear in ann na laghduithe a bhaint amach laistigh den mheastachán d'fhonn géarchéim airgeadais lár-bliana a sheachaint agus d'fhonn Vóta cothromaithe a sheachadadh. Tá dualgas cinnte ar Bhord FSS dul i ngleic leis seo agus dá bhrí sin caitheadh roghanna a dhéanamh agus na leithdháiltí buiséid á gcinneadh le haghaidh 2013 d'fhonn buiséid inbhuanaithe a chinntiú go háirithe in earnáil na n-ospidéal atá ag streachailt le cóimheá airgid a bhaint amach le blianta beaga anuas. Tá na leithdháiltí bunaithe ar an gcaiteachas réamh-mheasta seachas ar bhuiséid stairiúla. Sa chur chuige a glacadh sa NSP 2013 tugtar tús áite d'ospidéal a athbhunú i dtéarmaí buiséadaithe, buiséid seirbhísí pobail a chothú agus breis éifeachtúlachtaí costais a thiomáint i scéimeanna cúraim príomhúil. Ceann de na príomhrioscaí atá roimh FSS in 2013 ná go bhfuil cuid mhaith den chaiteachas breise lena n-áirítear maoiniú na n-easnamh isteach ag brath ar choigiltí a dhéanamh. Tá an baol ann mura mbainfeadh amach na coigiltí agus i gcás go dtabhófar na costais nua go mbeidh easnamh ann a bheidh ag dul i méid. Déanfar an caiteachas lánroghnach ar fad a íoslághdú. Dirítear an tuarascáil a foilsíodh le déanaí ón bhFaireachlann Eorpach um Chórais agus Bheartais Sláinte i dtreo an dúshlán a bhaineann le laghdú mór a bhaint amach i gcaiteachas i mbliain amháin. Bainneann na bearta den chuid is mó le laghduithe ar phá agus ar chaiteachas ar scéimeanna cúraim príomhúil agus leis sin caitheadh fócas bainistíochta mór a sheachadadh in 2013. Tugtar €390.9m sa Mheastachán chun dul i ngleic le heasnamh isteach agus €90m chun easnamh dhéimeagrafacha a chlúdach.

Tá roinnt rioscaí ag baint le seachadadh rathúil NSP2013 lena n-áirítear:

- Dul i ngleic le héileamh méadaithe 2013 ar sheirbhísí thar leibhéil phleanáilte;
- An cumas teacht ar chomhaontú maidir le leibhéil seirbhíse/spriocanna bunaithe ar leibhéil foirne agus ar mhaoiniú nach féidir a thuar;
- An cumas a bheith in acmhainn na leibhéil foirne atá ann a chothú;
- Gan aon sásraí a bheith ann chun foireann a chailleadh;
- Coigiltí is gá a bhaint amach i scéimeanna cúraim príomhúil;



- Rialacháin agus reachtaíocht a sheachadadh chun tacú le coigiltí an phlean seirbhíse;
- Gan a bheith in ann ciste teagmhasach leordhóthanach a sholáthar gan tionchar a bheith aige ar sheirbhísí;
- An tionchar a bheadh ag cumas neamhleor féideartha Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais;
- Freagrachtaí reachtúla a thabhairt le chéile;
- Spriocasnamh i mbailiú agus i nginiúint ioncaim, leasú ar sprioc ioncaim sa Vóta; agus
- Cumas an chórais na laghduithe caiteachais atá leagtha amach sa mheastachán a chur ar fáil.

D'oibrigh an Roinn Sláinte agus FSS go dlúth leis na príomhárachóirí sláinte chun aontú ar chóras sreabhach airgid agus íocaíocht bhrostithe, rud a sholáthair buntáiste ó thaobh sreabhach airgid in 2012. Ag aon pointe ama amháin, beidh roinnt ioncaim gan íoc as cóir leighis a chur ar othair phríobháideacha in ospidéal phoiblí ach toisc gur laghdaíodh an t-achar a thógann sé an t-ioncam gan íoc a fháil ar ais bhí buntáiste sreabhach airgid ann do FSS. Baineadh é sin amach in 2012 tríd an gcomhaontú maidir le hioncam a bhailiú a cuireadh i gcrích leis na trí phríomhárachóir.

Leis an gcomhaontú seo maidir le hioncam a bhailiú laghdaíodh an leibhéal iomlán ioncaim a bhí fós le híoc ag árachóirí le FSS toisc go ndearna árachóirí íocaíochtaí brostithe bunaithe ar 70% de luach measta na n-éileamh nach raibh tuairiscithe fós leis na hárachóirí. Íocfar an iarmhéid 30% nuair a bheidh éileamh iomlán cóimheasta bailíochtaithe faighte ó FSS. Bainean an íocaíocht leis an gcoireáil atá tugtha cheana féin in ospidéal phoiblí ach nach bhfuil éileamh curtha ar aghaidh maidir leis fós agus dá bhrí sin ní réamh-íocaíocht atá i gceist.

Faoin gcomhaontú seo fuair FSS buntáiste sreabhach airgid aonuaire de €104m in 2012, rud a laghdaigh an leibhéal ioncaim a bhí le híoc le FSS agus dá bhrí sin a laghdaigh an t-easnamh a bhí réamh-mheasta le haghaidh deireadh na bliana faoi shuim chomhfhreagrach. Is íocaíocht aonuaire é an t-airgead maidir le hothair phríobháideacha a fuair cóireáil cheana féin in ospidéal atá maoinithe go poiblí, ach nach bhfuair árachóirí na héilimh mhionsonraithe go dtí seo.

## Príomh-Theachtairachtaí um Fheidhmíocht Airgeadais

- Sholáthair FSS Vóta cothromaithe in 2012 le farasbarr beag le tabhairt ar ais don Státchiste.
- Léiríonn torthaí na bliana 2012 caiteachas iomlán de chuid €13.814bn (2011: 13.588bn) le haghaidh seachadadh agus conraitheoireacht seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta. Vótáil an Rialtas ar son Meastacháin Forlíontaigh €360m do FSS ag deireadh na bliana chun dul i ngleic le brúnna san earnáil ospidéal ghéarmhíochaine agus i scéimeanna cártaí leighis agus drugaí pobail.
- I mí na Nollag bhí an Earnáil Sláinte 481 coibhéisí lánaimseartha (CL) faoin uasteorainn a bhí leagtha síos do dheireadh 2012 de 101,987 CL.

San earnáil reachtúil:

- Lean costais phá ag laghdú (€120m nó 3% sa bhliain) tráth a raibh gníomhaíocht seirbhíse mhéadaithe ann. Rinneadh laghduithe i ngach catagóir foirne seachas míochaine agus fiacloireacht, idir 7% i bpá na foirne tacaíochta go dtí méadú 1% i seirbhísí míochaine agus fiacloireachta (a bhain le hearcaíocht sainchomhairleoirí ar tugadh tosaíocht dó).
- Tháinig méadú ar chostais neamhphá den chéad uair ó 2008 a bhain le fás i gcostais drugaí in PCRS, in íocaíochtaí le DGanna,

cógaiseoirí agus fiacloirí, i gcostais chliniciúla as seirbhísí míochaine agus máinliachta agus i ndiagnóisic.

- Lean costais oibriúcháin eile ag laghdú le linn 2012, laghdú 3% nó os cionn €7m, lena n-áirítear laghdú €2m i gcostais glantacháin agus tháinig laghdú d'os cionn €10m ar chostais tacaíochta eile cosúil le cothabháil, taisteal agus cothabháil, árachas, baincéireacht, agus oideachas agus oiliúint.
- Ghlac FSS gníomh chun athbheithniú a dhéanamh ar na pleannanna chun buiséad cothrom a bhaint amach i gcomhthéacs NSP 2013 agus áiríodh leo sin athchothromú ar bhuiséid d'ospidéal ghéarmhíochaine, rud lena rabhthas in ann dáileadh níos cothroime a dhéanamh ar chistí agus lena cinníodh cobhsaíocht airgeadais ag dul ar aghaidh.

## Príomh-Theachtairachtaí Seirbhíse

### Agá Feithimh agus Rochtain

- Bhí 86 duine fásá ag feitheamh níos faide ná 9 mí ar ghnás roghnach ag deireadh mhí na Nollag 2012. Tá an figiúr sin laghdaithe ó 4,678 ag deireadh Eanáir 2012, laghdú 98%.
- Bhí 89 leanbh ag feitheamh níos faide ná 20 seachtaine ar ghnás roghnach ag deireadh mhí na Nollag 2012. Tá an figiúr sin laghdaithe ó 1,712 ag deireadh Eanáir 2012, laghdú 95%.
- Bhí 36 othar ag feitheamh os cionn trí mhí ar ionscópacht GI ag deireadh mhí na Nollag 2012, laghdú 5,079 nó 99% d'othair a bhí ag feitheamh ó dheireadh Eanáir 2012.
- Fuair 99% de na daoine a ndearnadh triáiseáil ar a dtarchur d'ailse chéice mar chinn a raibh práinn leo ag an ionad ailse coinne taobh istigh de 2 seachtaine in 2012, i gcoinne sprioc 95%.

### Gníomhaíocht ospidéal

- Glacadh isteach 384,641 duine mar éigeandálaí inár n-ospidéal ghéarmhíochaine ina soláthraítear seirbhís Cúram Éigeandála le linn 2012. Sin 11,997 nó 3.2% níos mó ná in 2011. Ar an iomlán tuairiscíodh 69.1% de na daoine a glacadh isteach mar chásanna 'éigeandála'.
- Fuair 603,911 othar cónaithe cóireáil in ospidéal ghéarmhíochaine agus speisialtachta a mhaoinítear go poiblí le linn 2012. Sin 13,905, 2.4% níos mó ná in 2011.
- Fuair 826,825 cás lae cóireáil in ospidéal ghéarmhíochaine agus speisialtachta a mhaoinítear go poiblí le linn 2012. Sin 13,981, 1.7% níos mó ná in 2011.

### Daoine scothaosta

- Seirbhísí tacaíochta baile: Bhain 11,023 duine leas as pacáistí cúram baile in 2012. Fuair 45,705 duine cúntóir baile rud arbh ionann é agus 9.88 milliún uair a' chloig sa bhliain.
- Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais: Fuarthas os cionn 10,225 iarratas thar 2012 agus fuair 8,023 cliant nua tacaíocht. I mí na Nollag 2012, bhí tacaíocht ag 22,871 áit chónaithe poiblí agus príobháideach fadtéarmach faoin Scéim NHSS.

### Meabhairshláinte

- Tháinig méadú ar an éileamh a bhí ar an tSeirbhís CAMH Pobail, le 8,777 Leanbh agus Ógánach nua (lena n-áirítear cásanna a bhí tarchurtha arís) ag fáil tairisceana ar a gcéad choinne agus feicthe le linn na bliana, 12% os cionn na sprice.
- Taispeántar sna figiúirí is déanaí ar rátaí glactha chuig aonaid mheabhairshláinte d'othair chónaithe laghdú ar fud na gcatagóirí uile i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2011. Laghdaigh an glacadh isteach foriomlán ó 80.9 go dtí 72.8 in aghaidh 100,000 den daonra.



## Míchumas

- Uaireanta Tacaíochta Baile/PA: Bhain 4,166 duine a bhfuil míchumas fisiceach agus/nó céadfach ag dul dóibh leas as Uaireanta Tacaíochta Baile (lena n-áirítear uaireanta Cúntóra Pearsanta) in 2012. Cuireadh 2.14 milliún uair a' chloig ar an iomlán ar fáil.

## Scéimeanna agus seirbhísí um chúram príomhúil

- Ag deireadh mhí na Nollag, pléadh 10,610 othar ag Cruinnithe d'Fhoirme Cliniciúla agus bhí plean cúraim ildisciplíneach i bhfeidhm. Taispeántar ag deireadh na bliana 2012 go bhfuil 426 Foireann um Chúram Príomhúil i bhfeidhm anois. Is ionann seo agus méadú de 23 fhoireann ó mhí Eanáir 2012.
- Bhí Cárta Leighis nó Cárta Cuairte DG ag 1,984,979 duine ag deireadh 2012 suas ó 1,819,720 ag deireadh 2011, méadú 9.1%.

## Ag Neartú Socruithe Rialachais leis an Earnáil Neamhrechtúil

Sholáthair FSS maoiniú de chuid €3.45bn do ghníomhaireachtaí neamhrechtúla chun seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar.

- Ospidéal Deonacha Ghéarmhíochaine €1.77bn (51%)
- Gníomhaireachtaí Neamh-Ghéarmhíochaine €1.68bn (49%)

Ar an iomlán, cuireadh maoiniú ar fáil do 2,680 gníomhaireacht, le breis is 4,381 socruithe maoinithe ar leith i bhfeidhm. Fuair deich ngníomhaireacht os cionn 50% den mhaoiniú agus fuair 112 gníomhaireacht os cionn 90% den mhaoiniú. Bhí Comhaontú Seirbhíse/Comhaontú um Chúnamh Deontais ag 89% de ghníomhaireachtaí ag deireadh 2012, sin beagnach 94% den mhaoiniú (spríoc 100%).

## Slánaíocht an Stáit agus an Scéim Slánaíochta Cliniciúla


Ag 1 Eanáir 2010, tarmilgeadh bainistíocht na n-éileamh díobhála pearsanta neamhchliniciúla agus damáiste maoinne tríú páirtí de chuid FSS don Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA), faoin Ordú um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Údarás Stáit), 2009. Cumhdaítear gníomhartha faillitheacha nó earráidí seirbhíseach agus/nó gníomhairí de chuid FSS a bhíonn mar chúis le díobháil phearsanta agus dochar maoinne tríú páirtí a bhí faoi ghnátharachas go dtí seo faoi pholasaithe árachais dliteanais, cumhdaítear iad anois faoi shlánaíocht an Stáit.

Bunaíodh an Scéim Slánaíochta Cliniciúla (CIS) in 2002 chun na socruithe slánaíochta leighis a bhí ann roimhe sin a réasúnú, tríd an bhfreagracht a aistriú chuig an Stát as éilimh faillí cliniciúla a bhainistiú, chomh maith leis na rioscaí gaolmhara faoin scéim seo, arna bainistiú ag an SCA, glacann an Stát freagracht iomlán as slánaíocht agus bainistíocht na n-éileamh faillí cliniciúla go léir, lena n-áirítear na cinn siúd a bhaineann le cúrsaí breithe. Maoinítear na scéimeanna Slánaíochta Stáit agus CIS ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear'. B'ionann iocaíochtaí i leith Slánaíochta an Stáit agus éilimh CIS i rith 2012 agus €75.668m (2011: €81.204m). Ar 31 Nollaig 2012, ba é an dliteanas measta a bhí tabhaithe go dtí sin faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla agus slánaíocht an Stáit ná €996m (2011: €866m). I gcomhréir le treoracha an Aire Sláinte, níl aon fhoráil déanta le haghaidh an dliteanais seo sna ráitis airgeadais.

## Conclúid

Déanfar athrú mór struchtúrach ar an gcóras sláinte in 2013. Sa chomhthéacs sin tá sé riachtanach a bheith cinnte faoi cé atá freagrach as seirbhísí agus as caiteachas in 2013. Leagtar amach sa léaráid thíos struchtúr eagraíochtúil FSS ag tús 2013. Aithnítear go dtiocfaidh athrú air sin le linn na bliana. Ní mór do lucht buiséid reatha atá freagrach díriú go láidir ar sheachadadh seirbhíse agus ar rialú caiteachais. Tá feidhm ag Cód Rialachais FSS agus ag rialacháin airgeadais, soláthair agus AD FSS ar fud na heagraíochta go léir agus leagtar amach iontu an t-iompar lena bhfuiltear ag súil. Is príomhchuspóir é i gcónaí an Cód a chomhlíonadh. Beidh próiseas deimhnithe rialaithe FSS fós i bhfeidhm in 2013 agus cuirfear in oiriúint é chun freastal ar na socruithe struchtúracha atá ag teacht chun cinn. Beidh freagracht do Bhord FSS agus dá Choistí Riosca agus Iniúchta fós mar chomhpháirteanna lárnacha den timpeallacht rialuithe.

Mar a tugadh le fios, tá dúshlán mór ó thaobh buiséid de roimh FSS in 2013. Déanfar gach iarracht chun an tionchar a bheidh aige sin ar sholáthar díreach seirbhíse a íoslaghdú trí éifeachtúlachtaí a lorg i réimsí nach mbeidh tionchar acu ar sheirbhísí agus léiríonn na spríocanna seirbhíse atáthar a leagan síos é sin. Tá an tionchar a bheidh aige ar an bhfoireann a bheidh ar fáil chun seirbhísí túsline a sholáthar rithábhachtach agus is é sin an rud is mó a mbeidh tionchar díreach aige ar na leibhéil seirbhíse in 2013. Tá FSS ar a dícheall ag athrú an bhealaigh ina ndéanaimid go leor dár seirbhísí a sheachadadh, ag cur múnlaí nua cúraim i bhfeidhm i gcuid mhaith réimsí rud a thabharfaidh deis dúinn tuilleadh a bhaint as ár mbuiséad laghdaithe.



# Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Réamhrá

Is é Bord FSS údarás rialaithe FSS, atá ar an eagraíocht is mó sa Stát, agus atá cuntasach don Aire Sláinte. Bhí caiteachas ioncaim de chuid €13.814bn ag FSS in 2012, le breis is 101,500 comhalta foirne ar choibhéis lánaimseartha ag seachadadh seirbhísí ar fud na tíre (thart ar aon trian díobh a oibríonn do ghníomhaireachtaí seachadta seirbhíse gaolmhara).

Tá freagracht ar an mBord as feidhmíocht feidhmeanna FSS, mar atá forordaithe faoi Ailt 7 agus 12 den *Acht Sláinte, 2004*. Cuimsíonn sé seo réimse leathan feidhmeanna agus dualgas suntasach, lena n-áirítear freagracht as athbhreithniú, faomhadh agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn Phleananna Corparáideacha, Seirbhíse agus Caipitil FSS. Faomhann an Bord caiteachas suntasach freisin, chomh maith lena chinntiú go bhfuil rialuithe airgeadais agus córais bhainistíochta rioscaí i bhfeidhm atá láidir agus cuntasach. Lena chois sin, soláthraíonn comhaltaí Boird ionchur breisluacha do straitéis FSS, feidhmíonn siad mar chatalaíoch le haghaidh athrú agus dúshláin, chomh maith le comhairle agus tacaíocht a sholáthar don Leas-Phríomhoifigeach Feidhmíocháin (Leas POF) agus lucht bainistíochta.

## Comhaltaí

I gcomhréir le hAilt 11 den Acht Sláinte, 2004 cuimsíonn an Bord 11 comhalta, an Cathaoirleach agus deichniúr gnáthchomhaltaí á gceapadh ag an Aire Sláinte agus Leas-POF FSS, ar chomhalta Boird é de bhua an phoist sin.

Cuireadh tús le céim nua i seirbhísí sláinte na hÉireann i mí Aibreáin 2011, le tús á chur le pleananna chun athrú suntasach a chur i gcrích sa chaidreamh idir FSS agus an tAire Sláinte/ an Roinn Sláinte Cuimsíonn an Bord nua lucht sinsearacha ón Roinn Sláinte agus ó FSS, lena n-áirítear cliniceoirí.

Tá na comhaltaí Boird, amhail ag 31ú Nollaig 2012, liostaithe ar leathanach 5.

## Coistí an Bhoird

Déanann an *tAcht Sláinte, 2004*, foráil do bhunú coistí ag an mBord chun cúnaimh agus comhairle a sholáthar don Bhord maidir le cur i gcrích a chuid feidhmeanna.

Is é an Bord a chineann ballraíocht agus téarmaí tagartha gach coiste. Tá trí choiste seasta ag an mBord faoi láthair: an Coiste Iníochóireachta, an Coiste Luacha Saothair agus Eagraíochtúil agus an Coiste Riosca.

## An Coiste Iníochóireachta

Cuimsíonn an Coiste Iníochóireachta triúr comhaltaí Boird neamhspleách agus beirt chomhaltaí seachtracha, duine acu ar é an Cathaoirleach iad. Ní comhalta de Bhord FSS é Cathaoirleach an Choiste Iníochóireachta ach tuairiscíonn sé don Bhord i ndáil leis na ceisteanna suntasacha uile a phléann an Coiste.

In 2012 chuimsigh an Coiste Iníochóireachta an tUas. Tom O'Higgins (Cathaoirleach), an tUas. Paul Barron, Laverne McGuinness Uasal, an tUas. Brian Gilroy, Mary Dooley Uasal agus an Dr. Gardine Doyle.

I gcomhréir le Cód Rialachais FSS tugann an Coiste Iníochóireachta cúnaimh don Bhord lena chuid dualgas a chomhlíonadh trí athbhreithniú neamhspleách agus oibiachtúil

a sholáthar ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais agus na beartais chuntasaíochta arna nglacadh ag an mBord, le béim ar leith éifeachtacht chóras um rialú inmheánach airgeadais FSS. Freastalaíonn an Stiúrthóir Náisiúnta Airgeadais agus an Stiúrthóir Náisiúnta Iníochta Inmheánaigh ar chruinnithe an Choiste, leis an POF agus comhaltaí eile den Fhoireann Bhainistíochta ag freastal ar chruinnithe nuair is gá.

Freastalaíonn na hiniúcháirí seachtracha (Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste) ar chruinnithe de réir mar is gá agus tá rochtain dhíreach acu ar Chathaoirleach an Choiste i gcónaí. I gcaitheamh na bliana dar críoch 31ú Nollaig 2012, d'fhreastail na hiniúcháirí seachtracha ar chúig chruinniú de chuid an Choiste Iníochóireachta. Buaileann an Coiste le hiniúcháirí seachtracha FSS chun torthaí an iniúchta bhliantúil (na hiniúchtaí idirthréimhseacha agus deiridh araon) ar ráitis airgeadais bhliantúla FSS a phleanáil agus a athbhreithniú. Faigheann an Coiste tuairiscí ráithiúla ón Stiúrthóir Náisiúnta Iníochta Inmheánaigh agus tuairiscí ón lucht bainistíochta ar ghnéithe eile de rialú airgeadais, bainistíocht rioscaí airgeadais agus luach ar airgead ó am go chéile.

## Coiste Luacha Saothair agus Eagraíochtúil

Tá Cathaoirleach an Bhoird mar chathaoirleach ar an gCoiste Luacha Saothair agus Eagraíochtúil, agus cuimsítear ann an Leas-POF agus beirt chomhaltaí Boird eile. In 2012 chuimsigh ballraíocht an Choiste an Dr. Ambrose McLoughlin (Cathaoirleach), an tUas. Cathal Magee (an tUas. Tony O'Brien ag teacht ina áit i mí Lúnasa), Frances Spillane Uasal agus an tUas. Jim Breslin. Feidhmíonn an Coiste Luacha Saothair agus Eagraíochtúil faoi théarmaí tagartha comhaontaithe agus tá sé freagrach as moltaí a dhéanamh leis an mBord i ndáil le cúrsaí luacha saothair agus eagraíochtúla FSS.

## Coiste Riosca

Cuimsíonn an Coiste Riosca ceathrar chomhaltaí Boird, triúr chomhaltaí neamhspleácha, duine acu ar é an Cathaoirleach é, agus triúr chomhaltaí le lucht bainistíochta sinsearaí FSS. Ní comhalta de Bhord FSS é Cathaoirleach an Choiste Riosca ach tuairiscíonn sé don Bhord i ndáil leis na ceisteanna suntasacha uile a phléann an Coiste.

In 2012 chuimsigh ballraíocht an Choiste Riosca an Dr. Paula Kilbane (Cathaoirleach), Bairbre Nic Aonghusa Uasal, an Dr. Tony Holohan, an Dr. Barry White, an Dr. Philip Crowley, Margaret Murphy Uasal, an tUas. Paul Harrison, Avilene Casey Uasal, an tUas Dermot Monaghan agus an tUas. Joe Lavelle.

Feidhmíonn an Coiste Riosca faoi théarmaí tagartha comhaontaithe agus díríonn sé go príomha ar chabhrú leis an mBord a chuid dualgas a chomhlíonadh, trí athbhreithniú neamhspleách agus oibiachtúil a sholáthar ar rioscaí neamh-airgeadais. Bhreithnigh an Coiste ar thuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí freisin maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha neamh-airgeadais agus ar thuarascálacha an Údarais um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), lena n-áirítear cur i bhfeidhm moltaí HIQA.

Go dtí seo, bunaíodh feidhm bainistíochta rioscaí FSS laistigh den Stiúrthóireacht Cáilíochta agus Sábháilteacht Othar agus tá sí ag forbairt. Tá idirchaidreamh iomlán idir Choistí Iníochóireachta agus Riosca an Bhoird riachtanach le haghaidh feidhmíú cuí an dá Choiste Boird idirghaolmhara seo. Éascaítear idirchaidreamh trí chruinnithe den dá choiste agus teagmháil leanúnach idir Chathaoirleach an dá Choiste.

## Coistí Eile

Féadfaidh an Bord, ó am go chéile, a leithéid de Choistí Boird a bhunú atá riachtanach chun cuidiú leis i bhfeidhmiú a chuid dualgas.

## Tacaíocht do na Coistí

Cuireann Rúnaí an Bhoird, an tUas. Dara Purcell, tacaíocht ar fáil don Bhord agus dá choistí. Bíonn Stiúirthóirí Náisiúnta agus foireann shinsearach eile ag freastal agus ag tuairisciú, de réir mar is gá, do Choistí an Bhoird.

## Cruinnithe an Bhoird agus a Choistí

I gcomhréir le Sceideal 2 den Acht Sláinte, 2004, ní mór don Bhord líon nach lú ná aon chruinniú amháin a thionól i ngach aon cheann de 11 mhí den bhliain. Bhuail an Bord le chéile 15 huairé i rith 2012 agus bhí 11 chruinniú mhíosúla Boird agus cúig chruinniú breise acu chomh maith. Bhuail an Coiste Iniúcháireachta le chéile sé huairé, bhuail an Coiste Luach Saothair agus Eagraíochta le chéile trí huairé agus bhuail an Coiste Riosca le chéile sé huairé. Déantar an tinreamh ag cruinnithe an Bhoird agus a Choistí a thaifeadadh i dtáblaí 10 agus 11.

**Tábla 10: Tinreamh ag Cruinnithe an Bhoird**

Cruinnithe Boird Sceidealaithe FSS (11)		Cruinnithe Boird Breise FSS (4)	
A. McLoughlin <sup>1</sup>	8/8	A. McLoughlin <sup>1</sup>	4/4
T. O'Brien <sup>4</sup>	8/9	T. O'Brien <sup>4</sup>	4/4
T. Holohan <sup>5</sup>	7/11	T. Holohan <sup>5</sup>	4/4
P. Barron <sup>5</sup>	10/11	P. Barron <sup>5</sup>	3/4
B. Nic Aongusa <sup>5</sup>	10/11	B. Nic Aongusa <sup>5</sup>	4/4
B. White <sup>5</sup>	11/11	B. White <sup>5</sup>	3/4
P. Crowley <sup>5</sup>	9/11	P. Crowley <sup>5</sup>	3/4
L. McGuinness <sup>5</sup>	11/11	L. McGuinness <sup>5</sup>	4/4
F. Spillane <sup>4</sup>	8/9	F. Spillane <sup>4</sup>	4/4
J. Breslin <sup>4</sup>	9/9	J. Breslin <sup>4</sup>	4/4
G. Fitzpatrick <sup>8</sup>	1/1	C. Magee <sup>3</sup>	2/2
M. Scanlan <sup>2</sup>	3/3	B. Gilroy <sup>6</sup>	1/2
C. Magee <sup>3</sup>	7/7		
B. Gilroy <sup>6</sup>	6/10		
M. Connor <sup>7</sup>	0/2		

Líon na gcruinnithe ar freastalaidh orthu/líon na gcruinnithe sceidealaithe le linn tionachta comhaltaí

Nóta 1: Ceapadh A. McLoughlin chuig an mBord ar 26/04/12

Nóta 2: M. Scanlan Comhalta Boird 01/01/12 – 25/04/12

Nóta 3: C. Magee Comhalta Boird 01/01/12 – 19/08/12

Nóta 4: Comhaltaí Boird ceaptha chuig an mBord ar 09/03/12

Nóta 5: Comhaltaí Boird Eanáir-Nollaig 2012

Nóta 6: B. Gilroy Comhalta Boird 01/01/12 – 08/11/12

Nóta 7: M. Connor Comhalta Boird 01/01/12 – 08/03/12

Nóta 8: Ceapadh G. Fitzpatrick chuig an mBord ar 13/12/12

**Tábla 11: Tinreamh ag Cruinnithe Choistí an Bhoird**

An Coiste Iniúcháireachta		Coiste Luacha Saothair agus Eagraíochtúil		Coiste Riosca	
T. O'Higgins	5/6	C. Magee <sup>9</sup>	1/1	P. Kilbane	5/5
P. Barron	3/6	A. McLoughlin	1/1	A. Casey	4/5
M. Dooley	3/3	F. Spillane	1/1	P. Crowley	5/5
G. Doyle	4/4	J. Breslin	1/1	P. Harrison	3/5
B. Gilroy	2/5			T. Holohan	1/5
L. McGuinness	5/6			J. Lavelle	2/3
				D. Monaghan	5/5
				M. Murphy	3/5
				B. NicAongusa	3/5
				B. White	2/5

Líon na gcruinnithe ar freastalaidh orthu/líon na gcruinnithe sceidealaithe le linn tionachta comhaltaí

Nóta 9: Bhí C. Magee ina chomhalta go dtí 19/08/12. Ina áit tháinig T. O'Brien ó 20/08/12

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird i ndáil leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla

Tá na comhaltaí Boird freagrach as na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Éilíonn Alt 36 den Acht Sláinte, 2004 ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú ina leithéid d'fhoirm a d'fhéadfadh an tAire Sláinte a ordú agus i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta arna sainiú ag an Aire.

In ullmhú na ráiteas airgeadais bliantúil, éilítear ar chomhaltaí Boird:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás gur míchuí glacadh leis go leanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na comhaltaí Boird freagrach as a chinntiú go gcoinnítear taifid chuntasaíochta ina nochtar staid airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go réasúnta cruinn ag am ar bith. Tá na comhaltaí Boird freagrach chomh maith as sócmhainní Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a chosaint agus dá réir sin as bearta réasúnta a ghlacadh de lámh chun calaíoch agus neamhréireanna eile a chosc agus a bhrath.

## Sínithe thar ceann FSS



**An Dr. Ambrose McLoughlin**  
**Cathaoirleach**

21 Bealtaine 2013

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais seo an staid ina bhfuiltear sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012.

## Freagracht as ucht an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Bunaíodh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) de réir ordú ón Aire ar an 1 Eanáir 2005 i gcomhréir le forálacha an Achta Sláinte 2004. Ní mór do FSS cloí le treoracha eisithe ag an Aire Sláinte faoin Acht.

Is é Bord FSS an comhlacht rialachais a bhfuil údarás aige feidhmeanna FSS a chur i gcrích. D'fhéadfadh an Bord cuid dá fheidhmeanna a tharmligean chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF). Féadann an Bord coistí a bhunú chun cúnamh agus comhairle a sholáthar maidir le feidhmíocht a chuid feidhmeanna. Tá roinnt Coistí bunaithe ag an mBord lena n-áirítear Coiste Iniúcháireachta agus Coiste Riosca ar a bhfuil comhaltaí Boird agus ainmníthigh sheachtracha.

Tá an Bord freagrach as forbairt shuntasach straitéiseach agus cinntí maidir le caiteachas. Tá freagracht maidir le ceisteanna oibríochta cineachta, faoi réir teorainneacha údarais, chuig an mbainistíocht feidhmiúcháin.

I measc fheidhmeanna an POF tá beartas an Bhoird a chur i bhfeidhm, maoirseacht agus bainistíocht feidhmíochta, bainistíocht córas éifeachtach um rialú agus feidhmíocht a tuairisciú, de réir mar is cuí. Is é an POF an Oifigeach Cuntasáiochta atá ag FSS. Chomh maith leis sin, ní mór dó eolas a sholáthar don Bhoird (lena n-áirítear faisnéis airgeadais) maidir le feidhmíocht a chuid feidhmeanna mar POF, de réir mar a éilíonn an Bord.

Tá an Bord, i gcomhar leis an POF, freagrach as córas um rialú inmheánach airgeadais FSS agus as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht. Tá comhaltaí den fhoireann bainistíochta ag gach leibhéal de chuid FSS freagrach as feidhmíocht agus cothabháil rialuithe inmheánacha a bhfeidhmeanna faoi seach. Tá leabú an chórais um rialú inmheánach deartha d'fhonn a chinntiú go bhfuil FSS in ann freagairt do rioscaí gnó agus go ndéileálann an leibhéal chuí bainistíochta le mórcheisteanna rialaithe, má bhíonn a leithéid i gceist. Tá córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a laghdú seachas deireadh a chur leis. Ní féidir lena leithéid sin de chóras ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú absalóideach, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtairfeadh go cuí, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

## Bunús an Ráitis

Tá an ráiteas seo á dhéanamh agamsa, mar Chathaoirleach an Bhoird, de réir Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit na Roinne Airgeadais. Agus an Ráiteas seo ar Rialú Inmheánach Airgeadais á dhéanamh, bhraith an Bord ar an Ráiteas déanta ag an Leas POF mar Oifigeach Cuntasáiochta i gCuntas Leithghabhála 2012.

## Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Caitheann FSS cistí poiblí ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar do phobal na hÉireann. Tá na dualgas a bhaineann le caiteachas tabhaithe ag FSS dian i dtéarmaí cuntasachta trédhearcachta d'fhonn a freagracht maidir le maoiniú ar luach €12.5 billiún ón Státchiste in 2012 a chomhlíonadh. Sonraítear na dualgas seo san Acht Sláinte 2004 agus i Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí na Roinne Airgeadais.

Is córas dinimiciúil é an córas um rialú inmheánach airgeadais. Déantar an córas a fhorbairt, a chothú agus a mhionatú go leanúnach mar fhreagairt ar na riachtanais a bheidh ag an eagraíocht amach anseo. Cruthaíonn an timpeallacht córais i FSS dúshláin bhreise d'oibriú éifeachtach an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Is iomaí córas airgeadais cineachta deighilte atá ann, córais nach bhfuil oiriúnach dá bhfeidhm. Níl na córais airgeadais in ann an leibhéal mionanailise den chaiteachas Vóta a theastaíonn de réir rialacha Cuntasáiochta an Rialtais a sholáthar. Braitheann FSS ar réiteach eatramhach tuairiscithe d'fhonn tacú le tuairisciú airgeadais ar leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear tuarascálacha bainistíochta míosúla, na Ráitis Airgeadais Bliantúla agus an Cuntas Leithghabhála. Iompórtáil an córas seo sonraí ó 12,000 costionad sa mhéid ó chórais oidhreacht FSS agus tá an córas seo á athrú de láimh d'fhonn tacú le tuairisciú náisiúnta. Ó tharla nach bhfuil córas náisiúnta amháin ann tá sé riachtanach obair shuntasach a dhéanamh de láimh d'fhonn a chinntiú go bhfuil na mórleabhair áitiúla agus an córas náisiúnta sioncrónaithe agus réitithe. Tá an cur chuige tuairiscithe seo ag éirí níos dúshlánaí i bhfianaise athruithe ar an struchtúr eagraíochta, aosú an chórais agus roinnt príomhchomhaltaí foirne airgeadais a bheith i ndiaidh na heagraíochta a fhágáil. Leanadh le forbairt incriminteach an chórais in 2012 d'fhonn próiseáil idirbheart airgeadais seirbhíse comhroinnte a chomhdúlú agus pointe próiseála aonair a chur i bhfeidhm don Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (Fair Deal), trí úsáid a bhaint as ceadúnais reatha córais. Is é an réiteach atá ann ná infheistíocht a dhéanamh i ndaoine agus i gcórais d'fhonn riachtanais nua sa timpeallacht sláinte a chomhlíonadh, cur leis an mórleabhar comhtháite náisiúnta d'fhonn tacú le struchtúir shláinte nua agus forbairt próiseas 'i ngiorracht tuairiscithe', próiseas ar féidir é a úsáid chun sonraí a sheachadadh laistigh de sheachtain ó dheireadh na míosa.

Tá FSS i mbun díospóireachta leis an Roinn Sláinte i ndáil leis na tograí seo agus é mar aidhm teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige i ndáil le forbairt córas ar bhonn gearrthréimhseach agus meántréimhseach.

Ghlac an Bord le Plean Seirbhíse Náisiúnta 2012 i mí na Nollag 2011, agus d'fhaomh an tAire Sláinte an Plean seo ar an 13 Eanáir 2012 laistigh den fráma ama reachtúil. I rith 2012, rinneadh monatóireacht agus measúnú ar fheidhmíocht agus ar bhuiséid i gcomparáid le cuspóirí an phlean seirbhíse.

## Rialú Inmheánach Airgeadais Éifeachtúil

Anseo thíos tá cur síos ar na príomhphróisis atá i bhfeidhm ar fud FSS chun rialú inmheánach airgeadais éifeachtúil a sholáthar:

### Córais um Rialú Inmheánach

- Tá **creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta** i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgas, córas tarmligin agus cuntasachta agus córas chun caiteachas a údarú. Tá Creat um Rialachas Corparáideach agus Airgeadais FSS le fáil ar [www.hse.ie](http://www.hse.ie) agus is ansin freisin atá na beartais, nósanna imeachta agus treoirlínte tacaíochta ar fad le fáil. D'fhaomh an tAire Sláinte an Creat de réir Alt 35 den Acht Sláinte 2004 agus tá léargas le fáil ann ar cheanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Éilítear ar an bhfoireann uile lán-eolas a bheith acu ar a gcuid freagrachtaí atá leagtha amach go soiléir i gcuid II den Chreat agus go ndéantar an ghéillíocht go léir a thagarmharcáil i gcoinne seo.
- Tá **córas buiséid cinneachta** i bhfeidhm le bainisteoirí sinsearach atá freagrach as feidhmiú laistigh de



theorainneacha cuntasachta sainithe agus cuntas maidir le hathruithe suntasacha buiséid a thuairisciú don POF.

- Is cuid lárnach den chóras um rialú inmheánach iad **Rialacháin Airgeadais Náisiúnta FSS** agus ba í an aidhm a bhí ann agus iad á n-ullmhú ná léargas a thabhairt ar dhea-chleachtas reatha. Tá aird faoi leith dírithe ar a chinntiú go bhfuil na Rialacháin Airgeadais comhsheasmhach le ceanglais reachtúla, ciorcláin na Roinne Airgeadais agus treoirlínte na hearnála poiblí. Gné éigeantach ar fud na heagraíochta é Rialacháin Airgeadais Náisiúnta a chomhlíonadh. Is próiseas dinimiciúil agus leanúnach é forbairt agus cothabháil shraith Rialachán Airgeadais Náisiúnta FSS, agus tá rialacháin nua agus nuashonruithe ar rialacháin reatha á n-eisiúint ar bhonn tréimhsiúil mar fhreagairt do riachtanais nua nó riachtanais atá ag teacht chun cinn. Cé go bhfuil caighdeán náisiúnta sonraithe do bheartais agus do rialacháin, is bunaithe ar chórais den chuid is mó atá próisis inmheánacha, agus is gné dhosheachanta iad athruithe sa phróiseas go dtí go mbeidh córas airgeadais amháin i bhfeidhm ag FSS san eagraíocht trí chéile.
- Tuigean FSS go mbaineann tábhacht le **bainistíocht riosca** mar phróiseas riachtanach i seachadadh seirbhíis sábháilte ar ardchaighdeán. Is ionann bainistíocht riosca ag leibhéal oibríochtuil agus feidhm bainistíochta líne. Tá dualgas ar gach Stiúrthóireacht cur síos ar dhéanamh ar shocruithe cuntasachta chun riosca a bhainistiú ag gach leibhéal laistigh den Stiúrthóireacht. Is cuid iad na socruithe seo den ghnáthmheicníocht tuairiscithe d'fhonn a chinntiú go bhfuil bainistíocht riosca leabaithe sa phróiseas gnó. Tá Stiúrthóireacht Cáilíochta agus Sábháilteachta Othar FSS dírithe ar chúram sláinte sábháilte ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Tá leas á bhaint as cur chuige comhtháite i ndáil le bainistíocht riosca, agus tá riosca cliniciúil agus neamhcliniciúil á chur san áireamh. Tá dualgas ar gach seirbhís/feidhm riosca a bhaineann lena réimse féin a aithint, a mheas agus a bhainistiú; is é an clár rioscaí an príomhuirlis chun an bhfaisnéis riosca seo a chur in iúl. Nuair a tharraingítear aird ar rioscaí a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar chuspóirí FSS, déantar iad a thairgeadh sa Chlár Riosca Chorpáidigh. Meicníocht atá sa chlár chun dearbhú (fianaise) a thabhairt don Bhord go bhfuil riosca á aithint, á mheas agus á bhainistiú agus go bhfuil raon beart rialaithe agus pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm am ar bith chun na rioscaí aitheanta a mhaolú. Cuirtear tuarascálacha rialta faoi stádas na rioscaí corparáideacha faoi bhráid an Choiste Riosca. In 2012, bunaíodh grúpaí forfheidhmithe chun maoirsiú a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí ó thuarascálacha inmheánacha agus HIQA ar aon, cosúil leo siúd i ndáil le hOspidéal Thamhlachta agus Ospidéal na Gaillimhe. De bhrí go bhfuil próisis bhainistíochta riosca FSS fós á bhforbairt, tá tuilleadh oibre fós le déanamh. Tá sraith iomlán beartas, nósanna imeachta agus treoirlínte Bainistíochta Riosca FSS foilsithe ar [www.hse.ie](http://www.hse.ie).
- Tá raon leathan clár agus tionscadal ag teacht faoi scáth na **Stiúrthóireachta Cáilíochta agus Sábháilteachta Othar**, lena n-áirítear rialachas cliniciúil agus ceannaireacht chliniciúil a chur chun cinn, seirbhíis sábháilte a chinntiú, monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú Sábháilteachta Cáilíochta agus Othar an chórais, bainistíocht riosca comhtháite agus caighdeán náisiúnta agus cleachtas mholta FSS a leabú. Tá an stiúrthóireacht ag leanúint le forbairt acmhainní d'fhonn tacú le hÚdarás um Sábháilteacht Othar a fhorbairt trí rannpháirtíocht leis an Roinn Sláinte agus HIQA. Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe ag an Stiúrthóireacht Cáilíochta agus

Sábháilteachta Othar cur leis an méid úsáide atá á baint as córas faisnéise Health Intelligence Ireland agus Córas Faisnéise Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta (NQAIS) d'fhonn cáilíocht, sábháilteacht agus éifeachtúlacht seirbhíis sláinte a fheabhsú.

- Reáchtáiltear **próiseas mionsonraithe caighdeánaithe** breithmheasa i ndáil le gach tionscadal caipitil a bhfuil sa bhreis ar €0.5 milliún luaite leo sa bhuiséad. Áirítear sa phróiseas seo coimre tionscadail a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Náisiúnta Airgeadais ina sonraítear riachtanas seirbhíse i gcomhthéacs tosaíochtaí caipitil mar atá sonraithe sna Pleananna Corparáideacha agus Seirbhíse. Déantar anailís costais is tairbhe ar gach mórthionscadal caipitil atá beartaithe. Tá tionscadail a bhfuil breis is €30 milliún luaite leo faoi réir mionanailís costais is tairbhe de réir Threoirlínte Breithmheasa agus Bainistíochta Tograí Caiteachas Caipitil san Eanáil Phoiblí 2005 na Roinne Airgeadais, arna leasú ag ciorclán Luach ar Airgead Eanáir 2006. Déanann an Bord athbhreithniú ar an gclár caipitil go rialta.
- Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag FSS d'fhonn **comhlíonadh le gach ciorclán pá agus taistil eisithe ag an Roinn Airgeadais** a chinntiú. Déileáiltear le haon eisceachtaí aitheanta agus tuairiscítear a leithéid don Aire ar bhonn bliantúil, de réir an Chóid Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- Tá an príomhchreat dlíthiúil atá mar bhonn leis an tacaíocht airgeadais atá FSS ag soláthar do sholáthraithe seirbhíse neamhreachtúla sonraithe san Acht Sláinte 2004. D'fhonn a chinntiú go bhfuil a n-oibleagáidí neamhreachtúla faoi seach á gcomhlíonadh ag FSS agus ag an earnáil neamhreachtúil, tá **creat náisiúnta rialachais** foirmiúil forbartha ag FSS chun an maoiniú a sholáthraítear don earnáil neamhreachtúil a bhainistiú. Gné bhunúsach den chreat rialachais seo is ea cáipéisíocht rialachais chaighdeánach náisiúnta a chur i bhfeidhm i ngach gníomhaireacht a bhfuil maoiniú á fáil aici chun seirbhíis sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar. Forbraíodh an cháipéisíocht rialachais chaighdeánach náisiúnta seo le comhaontú ó na príomhsholáthraithe seirbhíse agus tá úsáid á baint as an gcáipéisíocht ó 2009; rinneadh athbhreithniú ar an gcáipéisíocht in 2011 i ndiaidh próisis chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ábhartha agus tá an cháipéisíocht nuashonraithe in úsáid ón 1 Eanáir 2012. I measc na n-athruithe a rinneadh tá:
  - Níos mó béime á leagan ar chomhoibriú idir gníomhaireachtaí agus FSS i ndáil le soláthar; agus
  - Clásal nua a éilíonn go mbeidh earcú gach NCHD (nach bhfuil poist oiliúna faofa á líonadh acu) á chur i gcrích trí Oifig Náisiúnta Earcaíochta FSS/an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.
  - Síneadh le clásal Alt 38 d'fhonn a chinntiú nach bhfuil ach tuarastail atá ag teacht le noirm na hearnála poiblí íochta d'fhonn gach gníomhaireacht maoinithe a chur san áireamh; agus
  - Cuireadh ceanglas coinníollacha Scéimeanna um Luathscor Deonach agus um Iomarcaíocht Dheonach 2010 a chomhlíonadh i bhfeidhm i gcás na gníomhaireachtaí ar fad chomh maith.
- Ina theannta sin, rinneadh leasú ar sceidil an Chomhaontaithe Seirbhíse, d'fhonn faisnéis bhreise agus mhionsonraithe seirbhíse a sholáthar, d'fhonn a chinntiú go bhféadfadh an cháipéisíocht rialachais a bheith níos cuimsithí agus ina chreat úsáideach don tseirbhís trí chéile agus don chaidreamh maoinithe le gach Gníomhaireacht.



Rinneadh athruithe breise d'fhonn a chinntiú go bhfuil léargas le fáil sa cháipéisíocht ar reachtaíocht, rialachán agus teoracha reatha rann rialtais. Rinneadh roinnt athruithe eagarthóireachta freisin, athruithe a theastaíonn le déileáil le nithe cosúil le hathruithe ar struchtúr eagraíochta agus teidil phoist FSS. Tá Comhaontú Seirbhíse anois san áireamh sa **tSraith Chaighdeánach Náisiúnta Doiciméad** atá le húsáid ag gníomhaireachtaí “tráchtála/brabúis” a bhfuil seirbhíse sláinte agus sóisialta pearsanta á soláthar acu, d'fhonn comhsheasmhacht maidir le cur chuige, a chinntiú san earnáil neamhreachtúil trí chéile.

- Tá **Clár Gníomhaireachtaí Neamhrechtúla – Socruithe Seirbhíse agus Socruithe Deontais i bhfeidhm**. Tá faisnéis áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta bainistíochta maidir le 2,680 Gníomhaireacht ar leith le fáil ann a bhfuil 4,381 comhaontú aonair maoinithe á bhfeidhmiú acu, comhaontuithe a bhfuil luach de thart ar €3.45 billiún luaithe leo. Is é an tAonad Náisiúnta Tacaíochta Gnó (NBSU) atá freagrach as an gClár seo a bhainistiú agus tá aitheantóir uathúil cruthaithe do gach gníomhaireacht rud a chiallaíonn gur féidir faisnéis thábhachtach maidir le gach socrú maoinithe a chohabháil lena n-áirítear maoiniú reatha agus stairiúil, cáipéisíocht rialachais chaighdeánach náisiúnta a chomhlíonadh, agus príomhshonraí teagmhála. Cuirtear na sonraí seo ar fáil ar shuíomh inlín FSS mar áis tagartha do bhainisteoirí FSS. Ón gcéad ráithe de 2012, ullmhaíodh staitisticí agus tuarascálacha monatóireachta feidhmíochta gach mí. Tugann figiúirí do mhaoiniú 2012 le fios go raibh an ráta comhlíontachta cothrom le 93.69% den mhaoiniú clúdaithe ag cáipéisíocht rialachais comhlánaithe. Bhí Comhaontuithe Seirbhíse sínithe i bhfeidhm ag an 16 Ospidéal Deonach in 2012. Tá cumarsáid fhoirmiúil déanta le heagraíochtaí nár chomhlíon an próiseas sínithe do 2012 agus tá na bearta cuí curtha i gcrích, rud a bhí mar bhonn, i gcásanna áirithe, le scor conarthaí. Chinntigh Foireann Bainistíochta FSS go raibh béim leanúnach á leagan ar an gcreat rialachais a chomhlíonadh agus is ionann é agus príomhtháscaire feidhmíochta do thuariscíú corparáideach agus réigiúnach.
- In 2011 coimisiúnaíodh **tionscadal chun breis forbartha a dhéanamh ar an gcreat bainistíochta agus rialachais**, agus leagadh béim faoi leith ar na próisis bhainistíochta cuí a theastaíonn ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil d'fhonn cur ar chumas FSS a caidreamh leis an earnáil neamhreachtúil a bhainistiú go héifeachtúil agus a hoibleagáidí cuntasachta a chomhlíonadh, agus beidh comhairleacht sheachtrach ag cur leis in 2013. Idir an dá linn, tá raon treoirleabhar agus teoracha forbartha atá ar fáil d'fhonn cabhrú le sealbhóirí buiséid le bainistíocht éifeachtach an chaidrimh le gníomhaireachtaí maoinithe, freagracht thábhachtach atá ar gach sealbhóir buiséid.
- Tá na hoibleagáidí dlí atá sonraithe in alt 78 agus 79 den Acht Sláinte 1947, arna leasú ag an Acht Sláinte 2004, á gcomhlíonadh ag **nósanna imeachta FSS maidir le héadálacha agus diúscairtí maoinne**. Tá d'údarás ag an Stiúrthóir Náisiúnta Airgeadais idirbhearta beartaithe maoinne suas go dtí teorainn €2 mhilliún, CBL eisiach, a cheadú ach a mbíonn a leithéid molta lena fhaomhadh ag an gCoiste Maoinne. Ní mór don POF idirbhearta sa bhreis ar an méid seo a fhaomhadh, nuair a bhíonn a leithéid molta lena fhaomhadh ag an gCoiste Maoinne agus formhuinithe ag an Stiúrthóir Náisiúnta Airgeadais. Ní mór idirbhearta ar fiú sa bhreis ar €2 mhilliún iad a sheoladh ar aghaidh chuig Bord FSS lena fhaomhadh nuair a bhíonn siad faofa ag an POF.
- Mar chuid d'athbhreithniú bliantúil FSS ar éifeachtacht an chórais um rialuithe inmheánacha, tá dualgas ar gach comhalta foirne ag leibhéal Ghrád VIII (nó a chomhionann)

agus os a chionn **Ráiteas um Dhearbhú Rialuithe** a chomhlánú, lena dhearbhu go bhfuil rialuithe bunaithe agus i bhfeidhm ina réimse freagrachta féin.

## Monatóireacht agus Tuariscíú Feidhmíochta

- Faoi Alt 29 den Acht Sláinte 2004, tá dualgas ar FSS plean foirmiúil 3 bliana, ar a dtugtar **Plean Corparáideach FSS**, a ullmhú. San áireamh sa phlean tá creat uileghabhálach ina sonraítear réimsí tosaíochta, nó príomhghníomhaíochtaí na heagraíochta, thar thrí bliana, agus treoir maidir leis na réimsí sin a mbeidh iarrachtaí na foirne dírithe orthu agus a mbeidh acmhainní á gcur ina dtreo. Clúdaíodh na blianta 2008-2011 i ndara Plean Corparáideach FSS agus sonraíodh a raibh beartaithe ag FSS a bhaint amach laistigh den fráma ama sin ann. Cuireadh an tríú dréachtphlean don tréimhse 2011-2014 faoi bhráid an Aire Sláinte ar an 9 Meán Fómhair 2011 de réir na reachtaíochta agus tá sé seo á bhreithniú faoi láthair i gcomhthéacs breithniúchán ar struchtúir nua rialachais agus riaracháin agus socruithe cuntasachta níos fearr do FSS.
  - Tá **tuarascáil maidir le feidhmíocht i gcomparáid lena bhfuil sonraithe i bPlean Corparáideach FSS 2008-2011** foilsithe ar [www.hse.ie](http://www.hse.ie).
  - Leanadh le faisnéis **HealthStat** a fhoilsiú ar an ngréasán i rith 2012. Cuireadh deireadh le fóraim HealthStat i mí na Bealtaine 2012 sular bunaíodh próiseas CompStat. Is éard atá in **CompStat** ná córas bainistíochta oibríochta agus tuairiscithe le hinrochtaineacht gréasáin a thiocfaidh in ionad HealthStat in 2013. Tá sé bunaithe ar chreat cothrom cuntasachta de Cháilíocht, Rochtain agus Acmhainní, agus tá sé ailínithe le beartas sláinte reatha, agus is córas é a úsáideann tuarascáil scórchartha chun feidhmíocht a rianú i gcomparáid leis an tsraith ábhartha meadrachtaí.
- Tá CompStat dírithe ar Ospidéal Ghéarmhíochaine ó pheirspictíocht na n-othar cónaitheach, na n-othar seachtrach agus cásanna lae agus tá béim ar Sheirbhís Pobail, bunaithe ar limistéir Oifigí Sláinte Áitiúla (LHO), limistéir atá ionadaíoch ar gach grúpa cúraim. Soláthraíonn an córas faisnéis i dtuarascáil chomhtháite bunaithe ar ospidéal agus ar limistéir na hoifige sláinte áitiúla. Foilseofar CompStat ar [www.hse.ie](http://www.hse.ie) níos déanaí in 2013.
- Pléitear torthaí feidhmíochta CompStat ag cruinnithe míosúla Fóram CompStat, cruinnithe a bhíonn faoi chathaoirleacht Stiúrthóirí Réigiúnacha Oibríochtaí, cruinnithe a mbíonn príomhphearsana ó Réigiúin FSS i láthair acu – Baile Átha Cliath Lár-Laighean, Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh, Deisceart agus Iarthar. Ag na cruinnithe seo glacann bainisteoirí freagracht as a bhfeidhmíocht féin agus is deis a bhíonn iontu freisin deachleachtas a roinnt agus déileáil le deacrachtaí ar bhealach dearfach. Ina theannta sin, tarraingíonn an Fóram aird ar cheisteanna feidhmíochta a bhfuil cur chuige náisiúnta á éileamh acu.
- Tá an **Stiúrthóireacht um Pleanáil Chorparáideach agus Feidhmíocht Chorparáideach (CPCP)** freagrach as feidhm traschárais cuimsitheach agus comhtháite pleanála, aonad faisnéise gnó agus tuairiscíú agus tomhas feidhmíocht oibríochtúil a chur i bhfeidhm. Tá creat cuimsitheach pleanála, monatóireachta feidhmíochta agus bainistíochta i bhfeidhm ag FSS. Lean **Coiste Rialaithe um Monatóireacht Feidhmíochta FSS**, faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra Náisiúnta Airgeadais, lena ról athbhreithnithe agus bailíochtaithe feidhmíocht eagraíochtúil sna príomhréimsí airgeadais, bainistíocht acmhainní daonna agus gnóhachtáil spriocanna aitheanta sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta.

Soláthraíonn CPCP príomh-thuarascálacha feidhmíochta don Choiste um Bainistíocht Feidhmíochta agus Rialaithe a sholáthraíonn léargas ar chinntí feidhmíochta agus tacaíochta ar ghníomhaíocht feabhais riachtanach chun spriocanna airgeadais, AD agus gníomhaíochta a chomhlíonadh.

- Is éard atá i **dTuarascáil Feidhmíochta** FSS ná anailís chomhtháite ar phríomhshonraí feidhmíochta airgeadais, acmhainní daonna, seirbhísí géarmhíochaine agus neamh-ghéarmhíochaine, tuarascáil a foilsítear gach mí ar shuíomh gréasáin FSS, [www.hse.ie](http://www.hse.ie). Tá na sonraí gníomhaíochta a thuiriscítear bunaithe ar Ghníomhaíocht Feidhmíochta agus ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta atá luaite sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta. Chomh maith leis sin, cuirtear Tuarascáil Fhorlíontach i dtoll a chéile gach mí ina mbíonn níos mó mionsonraí maidir leis an méadracht atá clúdaithe sa Tuarascáil Feidhmíochta. Chomh maith leis sin, ullmhaítear tuarascálacha Leathbhliantúla Eochairlimistéar Torthaí d'fhonn léargas a thabhairt ar dhul chun cinn i gcomparáid le gníomhaíochtaí sonracha atá sonraithe sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta.
- Tá léargas le fáil ar impleacht airgeadais na dteagmhas cliniciúil agus oibríochtúil i gcásanna socraithe ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA) agus ag árachóirí, thar ceann FSS. Tá dualgas reachtúil ar SCA comhairle agus cúnamh a thabhairt do FSS faoi na scéimeanna éagsúla. Oibríonn sé i gcomhar le bainistíocht riosca FSS, pearsana cliniciúla agus riaracháin d'fhonn tacú le sábháilteacht othar agus cabhrú leis an líon éileamh a dhéantar a laghdú. Déanann SCA **córas tuairiscithe náisiúnta leictreonaigh teagmhas díobhálach** a óstáil, córas a éascaíonn aithint braislí teagmhas díobhálach agus a cheadaíonn anailís cúise a dhéanamh ar éilimh. Tacaíonn an méid a foghlaimíodh ón anailís sin le sábháilteacht othar a fheabhsú agus cur leis an líon éileamh a bhfuil ar FSS déileáil leo a laghdú. Gach bliain, déanann SCA pleananna mar aon le clár oibre bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm bunaithe ar anailís ar threochtaí sonraí teagmhas, ceanglas agus fasach dlí agus forbairtí a rinneadh le gairid i mbainistíocht riosca dlíthíochta, go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta. Sheachaid aonaid bhainistíochta riosca SCA clár cuimsitheach oiliúna agus seimineár i rith 2012. Soláthraíonn SCA comhairle árachais maidir le conarthaí, ceadúnais, scéimeanna agus tairiscintí FSS i gcásanna ina bhfuil slánaíocht Stáit i gceist nó ar árachais a theastaíonn sa chás nach bhfuil slánaíocht i gceist. Cinntíonn sé seo go bhfuil dliteanais Stáit á laghdú ar an mbealach is costéifeachtúla agus is féidir.

## Maoirseacht an Bhoird

- Tá feidhm **Iniúchta Inmheánaigh** ag FSS ina bhfuil pearsanra oilte go cuí ag feidhmiú de réir cairt scríofa/téarmaí tagartha atá faofa ag an mBord. Bíonn obair Stiúrthóir Náisiúnta an Iniúchta Inmheánaigh agus a fhoireann bunaithe ar anailís a dhéantar ar na rioscaí airgeadais a bhfuil ar FSS déileáil leo. Tá pleananna bliantúla an Iniúchta Inmheánaigh, faofa ag an gCoiste Iniúchóireachta, bunaithe ar an anailís seo. Is í aidhm na bpleananna seo príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh go tréimhsiúil, agus tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta don Bhord ina dhiaidh sin. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go leantar le tuarascálacha fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh. Tuairiscíonn Stiúrthóir Náisiúnta an Iniúchta Inmheánaigh do Bhord FSS trí Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus tá dlúthchaidreamh oibre aige

leis an POF agus is comhalta d'fhoireann bainistíochta FSS é. Déileálann an bhainistíocht le haon teagmhas calaoise nó le haon mhírialtacht eile trí athbhreithniú nó iniúchadh bainistíochta agus cuirtear An Garda Síochána ar an eolas áit ar cuí. Tá obair ar siúl go leanúnach d'fhonn acmhainní na Stiúrthóireachta Iniúchta Inmheánaigh a mhéadú, acmhainní atá neamhleor faoi láthair, agus chun struchtúr foriomlán nua a chur i gcrích.

- **Bhí Coiste Iniúchóireachta** faoi chathaoirleacht neamhspleách, ar a raibh triúr comhaltaí Boird agus comhalta neamhspleách amháin i bhfeidhm i rith 2012. Ní comhalta Bhord FSS é Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta ach cuireann sé tuairisc maidir le ceisteanna suntasacha a phléann an Coiste faoi bhráid an Bhoird. Feidhmíonn an Coiste faoi Théarmaí Tagartha comhaontaithe agus tháinig sé le chéile sé huair in 2012. Freastalaíonn an Stiúrthóir Náisiúnta Airgeadais agus an Stiúrthóir Náisiúnta ar Iniúchóireacht Inmheánach ar chruinnithe an Choiste, leis an POF agus comhaltaí eile den fhoireann bhainistíochta feidhmíocháin ag freastal orthu is gá. Bíonn na hiniúchóirí seachtracha ag freastal orthu de réir mar is gá agus tá teacht díreach acu ar Chathaoirleach an Choiste an t-am go léir. Ar aon dul le dea-chleachtas, chas an Coiste le Stiúrthóir Náisiúnta an Iniúchta Inmheánaigh agus leis na hiniúchóirí seachtracha gan an bhainistíocht a bheith i láthair.
- Bunaíodh **Coiste Riosca** faoi chathaoirleacht neamhspleách, ar a raibh ceathrar comhaltaí Boird, comhalta neamhspleách amháin agus triúr comhaltaí ó bhainistíocht shinsearach FSS. Ní comhalta de Bhord FSS é Cathaoirleach an Choiste Riosca ach cuireann sé tuairisc maidir leis na ceisteanna suntasacha a phléann an Coiste faoi bhráid an Bhoird. Feidhmíonn an Coiste Riosca faoi Théarmaí Tagartha comhaontaithe agus díríonn sé go príomha ar chabhrú leis an mBord a dhualgais a chomhlíonadh, trí athbhreithniú neamhspleách agus oibiachtúil a sholáthar ar rioscaí neamh-airgeadais. Bhreithnigh an Coiste chomh maith ar thuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha neamh-airgeadais agus ar thuarascálacha de chuid HIQA, lena n-áirítear cur i bhfeidhm mholtaí HIQA. Tháinig an Coiste le chéile cúig huair in 2012. Tá teagmháil iomlán idir na Coistí Iniúchóireachta agus Riosca den Bhord riachtanach le haghaidh feidhmiú cuí an dhá Choiste Boird idirghaolmhar seo. Éascaítear teagmháil trí chruinnithe comhpháirteacha den dá choiste agus teagmháil leanúnach idir chathaoirleach an dá choiste.
- **Bhí Coiste Luacha Saothair agus Eagraíochtúil** i bhfeidhm, faoi chathaoirleacht Chathaoirleach an Bhoird, agus ag cuimsiú an Leas POF agus beirt chomhaltaí Boird eile agus tháinig sé le chéile aon uair amháin in 2012. Feidhmíonn an Coiste Luach Saothair agus Eagraíochtúil faoi théarmaí tagartha comhaontaithe agus tá sé freagrach as moltaí a dhéanamh don Bhord ar chúrsaí luacha saothair agus eagraíochtúla FSS.
- Faigheann **monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais** a gcuid eolais ó obair an Iniúchóra Inmheánaigh, an Coiste Iniúchta agus Bainisteoirí FSS atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú bainistíochta. Baineann fíorthábhacht le tuairimí agus moltaí a dhéanamh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile, dála thuarascálacha Choiste na gCuntas Poiblí, agus is é an Coiste Iniúchóireachta atá freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú na dtuairimí agus na moltaí sin.

## Sárúithe Suntasacha an Chórais Rialaithe in 2012

D'aimsigh iniúchadh a rinne na Coimisinéirí Ioncaim in 2012 gearrócaíocht ÁSPC, rud ba bhonn le socrú cánach de €54,000 san iomlán leis na Coimisinéirí Ioncaim. Sa chás go mbraitear neamhchomhlíonadh, i rith iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim nó ag eascair as cleachtaí féin-athbhreithnithe, déantar iarracht láithreach baill an dliteanas a shocrú leis na Coimisinéirí Ioncaim agus a chinntiú go ndéantar cibé ní is gá chun fáil réidh le scóip a leithéid sin d'earráidí. I gcomhar leis an gclár comhoibríoch comhlíonta atá i bhfeidhm leis na Coimisinéirí Ioncaim, rinne FSS Measúnú Cuimsitheach ar Riosca Cánach le cúnamh speisialta cánach in 2012 ar fud na réimsí cánach ar fad a bhfuil sí freagrach astu. Déantar taifead sa Measúnú Riosca Cánach ar na príomhréimsí cánach laistigh de FSS. Le cois réimsí sonracha neamh-chomhlíonta, nó neamh-chomhlíonadh poitéinsíúil a aithint, tagraítear sa tuarascáil do na próisis agus do na rialuithe cánach curtha i bhfeidhm ag FSS i rith bhliain cánach 2011. Táthar ag tabhairt faoi chlár cuimsitheach féin-athbhreithnithe in 2013 sna réimsí éagsúla riosca cánach aitheanta agus tá tús áite á thabhairt do na réimsí sin a meastar ardriosca a bheith ag baint leo. Nochtar aon ghearrócaíocht cánach aitheanta san fhéin-athbhreithniú do na Coimisinéirí Ioncaim. Tá comhairle cánach speisialta faighte ag FSS a léiríonn nach mbeifí ag súil go mbeadh aon dliteanas a d'fhéadfadh a bheith i gceist ábhartha i gcomhthéacs dhliteanas cánach FSS don bhliain. In 2013 tabharfar tús áite d'fhéidhm speisialta cánach in-tí a bhunú do FSS. Tá FSS tiomanta do chomhlíonadh eiseamláireach le dlíthe cánachais.

I rith 2012 thuairiscigh an bhainistíocht calaois líomhnaithe a bhain le próiseáil cuntas iníochta in ospidéal i gCorcaigh. Tuairiscíodh an calaois líomhnaithe don Gharda Síochána agus rinne Iniúchadh Inmheánach imscrúdú le tacaíocht ó acmhainn sheachtach speisialta iniúchta fhóiréinsigh. Bhí íocaíochtaí ríomhaistrithe airgid de thart ar €55,000 déanta i gcuntas bainc comhalta foirne, íocaíochtaí a bhí bunaithe ar shonraisc gan bhunús agus lena chois sin cheannaigh an comhalta foirne míreanna ar fiú €8,000 iad d'úsáid phearsanta. Bunaíodh roinnt íocaíochtaí breise arbh fhiú €107,000 iad ar an gcóras freisin ach thug an Rannóg Airgeadais na híocaíochtaí sin faoi deara sula raibh an íocaíocht próiseáilte. D'eascair imeacht coiriúil as agus tugadh an cás os comhair na gcúirteanna in 2013 tráth ar phléadáil comhalta foirne FSS ciontach i ndáil le 11 cúiseamh a bhain leis an gcalaois. Cuireadh tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh inar tarraingíodh aird ar na laigí rialaithe i gcrích freisin, na laigí sin ba chionsiocard leis an gcalaois. Tá moltaí sa tuarascáil seo maidir le rialuithe a fheabhsú agus an riosca an bhaineann le mírialtacht sa réimse seo amach anseo freisin.

Tharraing iniúchadh a rinne FFS an Iarthair aird ar thionscadal caipitil gan faomhadh ar fiú €1.5m é a maoiníodh trí chaiteachas ioncaim. Bhí nuashonrú áis Sheirbhís Meabhairshláinte Oirthear na Gaillimhe i dTóchar Mór mar bhonn le róchaiteachas de thart ar €2m ar bhuiséad faofa áitiúil de €4.6m (43%) don ionad in 2011. Nochtadh luach ar airgead agus cáil FSS a chur i mbaol a bhí mar thoradh leis seo. Ábhar imní freisin é imchéimniú prótacal caiteachas caipitil chomhlíonadh an fhoirgnimh le rialacháin reachtúla agus tógála a bhfuil sé mar aidhm leo reachtaíocht reatha dóiteáin/sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh.

De réir socrúithe nua a bunaíodh in 2012, tá dualgas ar Oifigigh Chuntasaíochta, sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais, comhlíonadh leis na treoirínte ábhartha ar fad a bhaineann le soláthar i rith na bliana airgeadais ábhartha a dhearbhu. Éilíonn

na treoirínte soláthair go gcuirtear tuairisceán bliantúil faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, tuairisceán ina nochtar sonraí aon chonarthaí ar fiú sa bhreis is €25,000 iad (CBL eisiach), conarthaí a bronnadh ach nach raibh próiseas iomaíoch mar bhonn leo. Tá an tuairisceán seo, ar a dtugtar tuairisceán 40/02 sínithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta agus bhí an tuairisceán do bhliain airgeadais 2012 dlite faoin 31 Márta 2013.

Níl córas láraithe uathobrithe ag FSS chun clár conarthaí bronnta gan próiseas iomaíoch soláthair a chothú agus mar gheall air sin bhí muilleanna le tabhairt faoi deara i ndáil le tuairisceán 40/02. Ina theannta sin, in 2012 agus le blianta beaga anuas d'aimsigh an t-iniúchadh go raibh líon suntasach conarthaí bronnta gan próiseas iomaíoch, conarthaí ar chóir iad a bheith san áireamh i dtuairisceán 40/02 ach nach raibh.

D'fhonn déileáil leis na laigí aitheanta, tá freagracht maidir leis an bhfaisnéis a theastaíonn a thiomsú sannta ag FSS do Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta Soláthair. Ina theannta sin, éileoidh ráitis dearbhaithe rialaithe sínithe ag bainisteoirí aonair (a bheidh le cur san áireamh sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais) dearbhú go bhfuil na treoirínte soláthair comhlíonta ag bainisteoirí ó 2013 ar aghaidh.

## Athbhreithnithe Foirmiúla sa Bhliain

Ciallaíonn an scála costas laistigh de Scéimeanna um Chúram Príomhúil agus Cártaí Leighis agus an líon idirbheart atá luaite leo gur ann do réimsí poitéinsíúla riosca nach mór iad a bhainistiú. Rinneadh próiseáil iarratas ar chártaí leighis a lárú in 2011, agus tugadh athraitheacht shuntasach faoi deara i mbronnadh cártaí leighis nuair a bhí an phróiseáil cineachta. In 2012 choimisiúnaigh FSS dhá **athbhreithniú sheachtacha ar phróiseáil agus ar chaiteachas ar chártaí leighis** sa tSeirbhís um Athchistiú Cúraim Phríomhúil (PCRS). Dhírigh an chéad athbhreithniú a cuireadh i gcrích in Aibreán 2012 ar thograí a fhorbairt chun próisis agus seirbhísí do chustaiméirí a shruthlíniú agus a fheabhsú. Ba í an aidhm a bhí leis an dara athbhreithniú a cuireadh i gcrích i nDeireadh Fómhair 2012 na príomhthiománaithe costais a bhain le caiteachas PCRS a aithint agus measúnú a dhéanamh ar na réimsí riosca agus ar na rialuithe gaolmhara. Rinneadh dul chun cinn ar an bplean gníomhaíochta do chur i bhfeidhm mholtaí an dá thuarascáil i rith 2012. Tá eolas le fáil maidir le cuid de na hathruithe a bunaíodh i rith 2012 agus atá beartaithe do 2013 le fáil anseo thíos.

Le cois an ghnáth-athbhreithnithe thríbhliantúil ar incháilitheacht ar dhul as feidhm cárta leighis, cuireadh tús le hathbhreithnithe spriocdhírthe ar incháilitheacht in 2012, i ndáil le cártaí leighis a bhí neamhghníomhach ar feadh breis is 12 mhí. I gcásanna dá leithéid, rinneadh teagmháil fhoirmiúil le sealbhóirí cártaí leighis d'fhonn a dhearbhu cibé an raibh nó nach raibh siad fós ina gcónaí sa Stát. Sa chás nach bhfuarthas freagra, cuireadh deireadh leis an incháilitheacht.

Ceadaíonn reachtaíocht a tháinig i bhfeidhm i Márta 2013 roinnt sonraí idir na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus FSS. Beidh infhaighteacht FSS ar shonraí a léiríonn athruithe ar dhálaí sealbhóirí cártaí leighis, dála athrú ar stádas fostaíochta, leibhéal ioncaim agus athrú ar incháilitheacht do scéimeanna na Roinne Coimirce Sóisialaí, mar bhonn le hidirghabhálacha spriocdhírthe in 2013.

Cuirfidh na rialuithe breise seo leis an gceart bainistíochta riosca agus trína leithéid a dhéanamh, laghdófar an riosca agus an nochtadh d'íocaíochtaí barrachais do shealbhóirí cártaí nach bhfuil incháilithe níos mó.



In 2013, chuir FSS tús le hathbheithniú ar incháilitheacht i ndáil le sampla randamach de shealbhoirí cártaí leighis. Cuirfidh anailís ar thorthaí na n-athbheithnithe seo ar chumas FSS leibhéal neamhcháilitheachta chóras na gcártaí leighis a mheas, táscaire a sholáthar maidir le chomh maith is atá na córais rialaithe agus athbheithnithe ag obair agus athruithe sna nósanna imeachta atá riachtanach chun rioscaí nó easnaimh nua sna córais a aithint.

I Meitheamh/Iúil 2012, thug saineolaí idirnáisiúnta faoi **Athbheithniú ar Chórais Bhainistíochta Airgeadais (FMS)** sa tseirbhís sláinte. Ba í an aidhm a bhí leis an tionscadal athbheithniú a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta airgeadais mar atá faoi láthair san earnáil sláinte i gcomhthéacs an róchaiteachais thromchúisigh a bhí réamh-mheasta do 2012, déileáil le timpeallacht dhúshlánach airgeadais sna blianta amach romhainn, agus na leasuithe radacacha a samhláíodh i gClár an Rialtais. Críochnaíodh athbheithniú FMS in Iúil 2012 agus rinneadh neart moltaí i réimsí éagsúla lena n-áirítear acmhainn bainistíochta airgeadais, an próiseas a bhaineann le barrachais agus le heasainm a bhainistiú, socruithe cuntasachta, ról na réigiún agus bainistíocht riosca. Tá tús curtha le hathbheithniú uilechuimsitheach ar chórais bainistíochta airgeadais agus srianta costais sa tseirbhís sláinte ó cuireadh críoch le hathbheithniú FMS. San áireamh sa dara athbheithniú seo, ar cuireadh críoch leis i rith R4 2012, bhí plean gníomhaíochta a ullmhú do chur i bhfeidhm athbheithniú FMS. San áireamh ann freisin bhí anailís ar phleananna reatha srianta costais, measúnú ar roghanna éagsúla chun coigilteas airgid a dhéanamh agus moltaí chun an t-infreastruchtúr bainistíochta airgeadais laistigh de sheirbhís sláinte na hÉireann a neartú.

Tá próiseas dearbhaithe rialuithe FSS dírithe ar chur ar chumas an Leas-POF mar Oifigeach Cuntasáíochta agus an Bord agus Cathaoirleach FSS an ceanglas iad féin a shásamh le cois a léiriú don Aire Sláinte agus don Oireachtas go bhfuil rialú inmheánach éifeachtach laistigh de FSS a sheachadadh. I rith 2012 rinne an Stiúrthóireacht Airgeadais **Athbheithniú foirmiúil ar an gCóras um Rialú Inmheánach** in FSS a d'áirigh ionchur ón Stiúrthóireacht Cáilíochta agus Sábháilteachta Othar, agus is iad torthaí an Athbheithnithe sin a bhí mar bhonn leis an Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais seo. Bainisteoirí airgeadais agus cáilíochta agus riosca a bhfuil saineolas acu i réimsí airgeadais, iniúchta, rialaithe, cáilíochta agus riosca a rinne an t-athbheithniú. Agus athbheithnithe bliantúla á ndéanamh ar an gcóras um rialú inmheánach úsáidtear modheolaíocht bhunaithe a bhfuil breis forbartha déanta uirthi agus an t-athbheithniú seo ar bun in 2012. Den chéad uair riamh, áiríodh i scóip an athbheithnithe in 2011 bainistíocht chliniciúil FSS, a chuir Ráitis um Dhearbhú Rialuithe i gcrích. Rinneadh tuilleadh forbartha ar an scóip in 2012 agus anois tá dualgas ar Stiúrthóirí Cliniciúla athbheithniú féinmheasúnaithe a chur i gcrích sna seisiúin dhéthaobhacha agallaimh (aghaidh ar aghaidh). San áireamh i modheolaíocht athbheithniú 2012 bhí tagairt do na nithe seo a leanas:

- Stádas mholtaí Thuarascálacha 2007-2011 ar an Athbheithniú ar Éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais;
- Ráitis Dearbhaithe Rialuithe curtha i gcrích ag gach bainisteoir sinsearach, riaracháin agus cliniciúil, ó leibhéal Stiúrthóir Náisiúnta go leibhéal Ghrád VIII (nó a chomhionann). Tá sé seo ábhartha i gcomhthéacs rioscaí ábhartha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar FSS, modhanna bainistíochta na rioscaí seo, na rialuithe agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh orthu;

- Torthaí agus cinní agallamh déthaobhach struchtúrtha le sampla ionadaíoch de thart ar 110 bainisteoir agus ceann seirbhíse agus a bhfreagairtí ar cheistneoir ar rialuithe inmheánacha (ICQ) comhlánaithe le linn gach agallaimh;
- Tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh, clár iniúchta 2012;
- Miontuairiscí/Tuarascálacha Choiste Iniúchóireachta agus Choiste Riosca;
- Tuarascálacha agus litreacha bainistíochta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste;
- Clár iniúchta 2012 an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus go háirithe, na rioscaí iniúchta aitheanta iontu;
- Measúnú ar an dul chun cinn i ndáil le cur i bhfeidhm na moltaí atá luaite i dtuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh déanta roimhe seo agus i dtuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste;
- Nuacht inmheánach/preaseisiúintí;
- Miontuairiscí Choiste Bhord FSS;
- Miontuairiscí Ghrúpa Stiúrtha/Ghrúpa Oibre/Ghrúpaí Forfeidhmíthe s.r.l.;
- Athbheithnithe/Tuarascálacha Seachtracha; Cuireadh trí athbheithniú sheachtracha i gcrích in 2012 agus tá roinnt fós ar siúl in 2013 atá coimisiúnaithe ag FSS nó ag an Roinn Sláinte chun scrúdú a dhéanamh ar thimpeallachtaí rialaithe sonracha laistigh de FSS. San áireamh sna hathbheithnithe bhí bailiú ioncaim Fadchónaithe in Aonaid Chónaitheacha FSS (Crowleys DFK), Measúnú Riosca Cánach (KPMG), Athbheithniú Neamhspleách an Chórais Bainistíochta Feidhmíochta Airgeadais agus Próisís Ghaolmhara FSS (Ogden) agus Déileáil le laig i mbainistíocht airgeadais agus srianta costas i bhFeidhmeannacht Seirbhíse Sláinte na hÉireann (PA Consulting).
- Tuarascálacha Choiste na gCuntas Poiblí;
- Tuarascálacha an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte;
- Tuarascálacha an Choimisiúin Meabhairshláinte;
- Tuarascálacha Iniúchta ar Cháilíocht agus Sábháilteacht Othar; agus
- Beartas Rialtais, cosúil le *Future Health – A Strategic Framework for Reform of the Health Service 2012-2015*, Clár don Rialtas, s.r.l.

## Leathnú an Phróisis um Dhearbhú Rialuithe

Bhunaigh Próiseas um Dhearbhú Rialuithe 2011 ceanglas go mbeadh ar bhainisteoirí cliniciúla ag comhionann Ghrád VIII agus os a chionn, Ráitis Dearbhaithe Rialuithe a shíniú. Gné eile den Phróiseas Dearbhaithe Rialuithe a forbraíodh ná an Ceistneoir ar Rialuithe Inmheánacha (ICQ), chun Stiúrthóirí Cliniciúla a chur san áireamh den chéad uair in 2012. Déanann sampla de bhainisteoirí sinsearach an ICQ a chomhlánú i rith agallamh foirmiúil déthaobhach (aghaidh ar aghaidh). Is ionann seo agus comhtháthú suntasach bainistíocht riosca chliniciúil agus airgeadais d'fhonn próiseas cuimsitheach dearbhaithe a bhunú do Bhord FSS. In 2012 níl comhlíonadh iomlán bainte amach ag an bhfoireann leis an bpróiseas leathnaithe um dhearbhu cáilíochta. As an 1,178 comhalta foirne atá ainmnithe ar Chlár Stiúrthóireacht na Seirbhísí Comhtháite, bhí síniú 1,011 (nó 85%) faighte faoin 11 Márta 2012. Bhí an ráta comhlíonta cothrom le 69% ar an dáta céanna an bhliain seo caite. Ainneoin feabhas a bheith tagtha ar an ráta céatadánach

comhlíonta leis an bpróiseas, tá roinnt réimsí seirbhíse ann fós a bhfuil an ráta comhlíonta atá luaite leo íseal. Aithnítear sna Cláir aonair na comhaltáí foirne a bhfuil agus nach bhfuil Ráiteas um Dhearbhu Rialuithe sínithe acu agus tá an leibhéal neamh-chomhlíonta, ainneoin feabhas a bheith tagtha air, fós do-ghlactha. Tá easpa Ráiteas um Dhearbhu Rialuithe sínithe, a thugann dearbhú maidir le hoibriú rialuithe i gcuid mhór cásanna, mar bhonn le himní go mb'fhéidir nach bhfuil rioscaí corparáideacha á n-aithint mar is cuí nó nach bhfuiltear ag déileáil leo mar is cuí.

Rinneadh agallaimh ICQ le sampla ionadaíoch de bhreis is 100 bainisteoir sinsearach as ar fud na seirbhísí. Bhí an ráta céatadánach do chomhlíonadh foriomlán leis an bpróiseas leis na bainisteoirí cliniciúla cothrom le 6%. Tá obair ar bun ag an bhfoireann bainistíochta faoi láthair chun déileáil leis an leibhéal comhlíonta do-ghlactha seo. Níl síniú tugtha ag roinnt de na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin Cliniciúla agus Stiúrthóirí Cliniciúla eile agus tá curtha in iúl acu gur mian leo dul i gcomhairle leis an Stiúrthóir Náisiúnta Cliniciúil roimh a síniú a thabhairt.

Bhí sé riachtanach an próiseas um Dhearbhu Rialuithe a thabhairt chun críche d'fhonn cur ar chumas an Stiúrthóra Náisiúnta Cliniciúil dearbhú a thabhairt don POF. Moladh do gach Stiúrthóir Náisiúnta Oibríochtaí na nithe seo a leanas a dhéanamh;

- Próiseas dearbhaithe 2012 a thabhairt chun críche a mhéid is féidir.
- Seisiún oiliúna/faisnéisithe a eagrú do bhainisteoirí cliniciúla nuair a theastaíonn a leithéid.
- Leanúint le rannpháirtíocht le bainisteoirí aonair (cliniciúil agus eile), nach bhfuil a ráitis sínithe acu, d'fhonn a chinntiú go síníonn siad iad.

Chomh maith leis sin, tá comhfhreagrú eisithe chuig an Stiúrthóir Cliniciúil Náisiúnta ag iarraidh air an seasamh a bhfuil comhaontaithe air go náisiúnta a bhaineann le próisis na Ráiteas um Dhearbhu Rialuithe do na Stiúrthóirí Cliniciúla sa chóras a athlua.

## Conclúid

Scaipeadh Tuarascáil an Athbhreithnithe ar an gCóras um Rialú Inmheánach i FSS i measc na bainistíochta sinsearaí i Márta 2013. Agus measúnú á dhéanamh ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais, tugadh aird ar fhorbairt leanúnach chórais rialaithe FSS mar eagraíocht réasúnta óg, eagraíocht arb ionann í agus cónascadh comhlachtaí sláinte agus a gcórais leagáide. Is í an éifeacht a bhí ag rolladh amach agus síneadh ar scóip agus ar fhairsinge an phróisis bhliantúil um dhearbhu rialuithe cur leis an tuiscint agus leis an eolas atá ar an gcóras rialaithe ar fud na heagraíochta. Bhí an mhonatóireacht ar dhul chun cinn mar aon le moltaí na tuarascála a chur i bhfeidhm mar bhonn le béim feabhsaithe a bheith á leagan ag bainisteoirí ar chomhlíonadh.

Tugadh roinnt sárúithe faoi deara i dtimpeallacht rialaithe FSS a bhfuil tagairt déanta dóibh sa ráiteas seo. Léargas iad na sárúithe seo ar an ngá atá le béim leantach agus forbairt na timpeallachta rialaithe agus béim ar an ngá atá le cultúr comhlíonta a spreagadh ar fud na heagraíochta. I mbeagán focal, d'ainneoin sárúithe rialaithe a aithníodh agus a bhfuil an bhainistíocht ag déileáil leo mar atá thuasluaite, tá feabhas á chur ar an timpeallacht rialaithe, na próisis rialaithe agus bainistíochta riosca agus socruithe dearbhaithe, ach níl siad go hiomlán éifeachtúil fós. Tá roinnt réimsí a bhfuil gníomhaíocht shonrach molta ina leith d'fhonn cur le héifeachtacht agus

feabhsuithe atá i bhfeidhm ó thráth scríofa na tuarascála deiridh a chomhdhlúthú. Tá pleananna struchtúrtha maidir le moltaí Athbhreithniú an Chórais um Rialú Inmheánach in FSS ullmhaithe ag an lucht bainistíochta. Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta monatóireacht ar chur i bhfeidhm na moltaí seo i measc na foirne bainistíochta i rith na bliana agus déanfar iad a mheas an athuair mar chuid d'athbhreithniú 2013 ar an gcóras um rialuithe inmheánacha.

## Athruithe i mBainistíocht agus Struchtúir na Sláinte

Ag cruinniú Bhord FSS ar an 30 Iúil 2012, cuireadh in iúl don Bhord go raibh sé beartaithe ag an POF a bhí ann ag an am, an tUas. Cathal Magee, éirigh as a phost. Comhaontaíodh go gceapfadh an Bord an tUas. Tony O'Brien le feidhmiú mar Leas-POF fad is a bheadh post an POF le líonadh, ar feitheamh Bhille Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2012, tráth a mbunófaí post an Ard-Stiúrthóra agus tráth a gcuirfí deireadh le post an POF. D'fhógair an tAire Sláinte, an Dr. James Reilly, ar an 27 Iúil 2012 gurb é an tUas. Tony O'Brien Ard-Stiúrthóir nua ainmnithe FSS agus go mbeadh seisean ceaptha go foirmiúil mar Ard-Stiúrthóir nuair a bheadh an Reachtaíocht Rialachais nua rite ag an Oireachtas. Idir an dá linn, agus é ag feidhmiú mar Ard-Stiúrthóir ainmnithe, oibreoidh sé leis na daoine cuí in FSS chun struchtúr na Stiúrthóireachta nua a fhorbairt, stiúrthóireacht atá le bunú faoin reachtaíocht sin.

Cuireann Bille Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2012 leis na socruithe cuntasachta idir FSS agus an Rialtas. Tá FSS tiomanta do thacú le clár oibre an Chláir don Rialtas a bheidh mar bhonn le hathruithe suntasacha a chur i bhfeidhm ar mhodh bainistithe agus seachadta seirbhísí sláinte in 2013 agus ina dhiaidh sin. Idir an dá linn, tá obair ullmhúcháin ar bun do struchtúr nua Stiúrthóireacht FSS, stiúrthóireacht atá á bunú faoin reachtaíocht sin.

I gcomhthéacs an athraithe shuntasach struchtúracha seo, is den tábhacht go mbeadh soiléireacht ann maidir le cuntasacht do sheirbhísí agus do chaiteachas. Ní mór do shealbhóirí reatha cuntasacha béim láidir a leagan ar sheachadadh seirbhíse agus ar rialú caiteachais. Tá Cód Rialachais FSS agus rialacháin Airgeadais, Soláthair agus Acmhainní Daonna FSS i bhfeidhm ar fud na heagraíochta agus sonraítear an iompraíocht a bhfuil súil léi iontu. Príomhchuspóir leanúnach é comhlíonadh iomlán leis an gCód. Leanfar le feidhm a bheith le próiseas um dhearbhu rialuithe FSS i rith 2013 agus déanfar é a chur in oiriúint do shocruithe struchtúracha nua. Príomhghnéithe den timpeallacht rialuithe a bheidh i gcuntasacht do Bhord FSS agus a Choiste Riosca agus a Choiste Iniúchóireachta.



An Dr. Ambrose McLoughlin  
Cathaoirleach

21 Bealtaine 2013

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le Cur Faoi Bhráid Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 faoin Acht Sláinte, 2004. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach iontu, na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais ioncaim, an cuntas ioncaim agus caiteachais chaipitiúil, an clár comhardaithe, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara.

Tá an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn na ráiteas airgeadais á n-ullmhú mar an dlí is infheidhme agus caighdeán chuntasaíochta a arna sonrú ag an Aire Sláinte. Míoníonn an ráiteas ar an mbunús chuntasaíochta sna beartais chuntasaíochta conas mar atá na caighdeáin chuntasaíochta arna sonrú ag an Aire Sláinte difriúil ón gcleachtas chuntasaíochta a ghlactar go coitianta leis in Éirinn.

Soláthraíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cuntas leithghabhála freisin i ndáil le hidirbhearta arna léiriú sa chuntas lena mbaineann an tuarascáil seo. Tuairiscím ar bhonn ar leith maidir leis an gcuntas sin. Déanfar aon ábhar ag eascairt ó mo chuid iniúchtaí a mheasaim go bhfuil bunús tuairiscithe leo a leagadh amach i mo Thuarascáil ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí don bhliain 2012.

## Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Tá Bord Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad tuairisc fíor agus chothrom, i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta arna sonrú ag an Aire Sláinte, ar staid ghnóthaí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus as tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar mo chuid iniúchta le tagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeán Eiticíúla d'Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtas Iniúchóireachta.

## Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtáí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíríteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaos nó earráid é. Áiríonn sé seo measúnú ar:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta feiliúnach do chúinsí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochtá go himleor
- réasúntacht na meastachán suntasach chuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a ghnóthú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta.

Sa bhreis air sin, léim tuarascáil bhliantúil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíríteas nó neamhréireacht dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaim breithniú ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar mo thuairisc féin.

## Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú go cuí faoi na caighdeáin chuntasaíochta arna sonrú ag an Aire Sláinte, tuairisc fíor agus chothrom ar staid ghnóthaí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar 31 Nollaig 2012 agus ar a hioncam agus a caiteachas don bhliain dar críoch ansin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chúí coinneithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

## Nithe a ndéanaim Tuairisciú de réir Eisceachta orthu

Bíonn tuairisciú eisceachta i gceist sna cásanna seo a leanas:

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim dom' iniúchadh faighte agam, nó
- má tógadh faoi deara i gcaitheamh m'iniúchadh nach raibh airgead á úsáid chun na críocha a leagadh síos ina leith nó sa chás nár ghéill idirbhearta do na húdaráis a bhí á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil bhliantúil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais gaolmhara, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais géilliúlacht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- sa chás gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a cuireadh gnó poiblí i gcrích.

## Incháilitheacht do Chártaí Leighis

Tarraingim aird ar Nóta 35 ina nochtar:

- Ní dhearnadh cártaí leighis a athnuachan i ndáil le 2.7% d'iarratais athnuachana a fuarthas in 2012, mar nach raibh na critéir incháilitheachta á gcomhlíonadh ag na hiarrthóirí níos mó.
- Cuireadh deireadh le hincháilitheacht do chártaí leighis i gcás 0.8% den daonra cártaí leighis in 2012, i ndiaidh iarratas ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go ndéanfadh sealbhóirí cártaí dearbhú maidir lena n-áit chónaithe sa Stát a thabhairt sna cásanna sin ina raibh an cárta leighis neamhghníomhach ar feadh tréimhse shuntasach ama.

Tugtar léiriú sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais ar na céimeanna curtha i gcrích ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun incháilitheacht cárta leighis a rialú.

Níl an ghné caiteachais faoin tSeirbhís um Athchistiú Cúraim Phríomhúil a bhaineann le daoine nach bhfuil incháilithe cártaí leighis a bheith acu measta ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá tuilleadh scrúdaithe á dhéanamh agam ar an gceist seo agus d'fhéadfainn torthaí mo scrúdaithe a thuairisciú in am trátha.

## Géilliúlacht le Treoracha Soláthair

Chomh maith leis sin, tarraingim aird ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais san alt ina sonraítear samplaí de neamhchomhlíonadh le treoirínte soláthair phoiblí agus ina dtugtar sonraí maidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe chun déileáil leis na laigí seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a dtuairiscítear de réir eisceachta orthu.

*Seamus McCarthy*

**Seamus McCarthy**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste



# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim

Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2012

	Nóta	2012 €'000	2011 €'000
<b>Ioncam</b>			
Deontas Ioncaim an Státhchiste	3	12,161,428	12,111,829
Fáltais ó dhleachtanna máil ar leith ar tháirgí tobac		167,605	167,605
Ioncam ó sheirbhísí arna soláthar faoi rialacháin AE		220,011	270,000
Aisghabháil costas ón gCiste Árachais Shóisialaigh		0	2,600
Ioncam Othar	4	378,716	365,320
Ioncam Eile	5	751,374	768,148
Cuntais Díomhaoin		0	1,118
		<b>13,679,134</b>	<b>13,686,620</b>
<b>Caiteachas</b>			
<b>Pá agus Pinsin</b>			
Cliniciúil	6 & 7	3,232,702	3,245,547
Neamh-Chliniciúil	6 & 7	1,066,275	1,073,966
Seirbhísí Othar/Cliant Eile	6 & 7	724,803	732,275
		<b>5,023,780</b>	<b>5,051,788</b>
<b>Neamhphá</b>			
Cliniciúil	8	836,019	829,711
Seirbhísí Otharcharranna agus Iompar Othar	8	55,601	56,033
Scéimeanna um Chúram Príomhúil agus Chárta Leighis	8 & 35	3,062,261	2,831,471
Seirbhísí Othar/Cliant Eile	8	65,729	65,357
Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha	8	3,464,212	3,449,704
Bainistí (Iónadóireacht, gréithe, línéadach, s.rl.)	8	227,362	227,815
Costais Oifige agus Riaracháin	8	386,723	378,441
Táillí Fadchónaithe Aisíoctha le hOthair	8	1,149	9,397
Scéim Árachais Heipitéas C	8	911	980
Costais Oibríocháin Eile	8	44,808	45,679
Íocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát faoi Scéim Slánaíochta Cliniciúla	8 & 29	75,668	81,204
Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais (Fair Deal)	8 & 33	570,041	560,614
		<b>8,790,484</b>	<b>8,536,406</b>
<b>Glan (Easnamh)/Farasbarr Oibríocháin don Bhliain</b>		<b>(135,130)</b>	<b>98,426</b>

Táthar tar éis déileáil leis na gnóthachain agus cailteanais uile le heisceacht dímheasa agus amúchta tríd an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim agus sa Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil.

Cuimsíonn bun-ráitis airgeadais FSS an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim, an Cuntas Ioncam agus Caiteachais Chaipitiúil, an Clár Comhardaithe agus Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid ar leathanaigh 69-72.



Cathaoirleach

21 Bealtaine 2013



Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin

21 Bealtaine 2013

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil

Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 €'000	2011 €'000
<b>Ioncam</b>			
Maoiniú Caipitil an Státhchiste		336,671	332,830
Maoiniú AE		0	2,333
Maoiniú Ioncaim Leagtha ar Thionscadail Chaipitil		556	486
Cuntais Díomhaoin		6	124
Cur i bhFeidhm Fáltas na nDiúscairtí		4,479	6,812
Ranna Rialtais agus Foinsí Eile	19(c)	593	2,839
		<b>342,305</b>	345,424
<b>Caiteachas</b>			
Deontais Chaipitil do Ghníomhaireachtaí Seachtracha (Aguisín 2)	19(b)	98,357	132,755
Caiteachas Caipitiúil ar Thionscadail Chaipitil FSS	19(b)	209,089	204,311
Coigeartú an Dlíteanais don Státhchiste*	19(b)	0	(19,388)
		<b>307,446</b>	317,678
<b>Farasbarr Caipitil Ghlan don Bhliain</b>		<b>34,859</b>	27,746
<b>Iarmhéid ag 1 Eanáir</b>		<b>(179,119)</b>	(206,865)
<b>Iarmhéid ag 31 Nollaig</b>		<b>(144,260)</b>	(179,119)

\* Baineann Coigeartú an Dlíteanais don Státhchiste leis an iarmhéid ar fháltais chaipitil an chuntais diúscairthe á dtarchur go hindíreach trí choigeartú laghdaithe teicniúil ar bhunú FSS in 2005, agus é mar ghlanmhéid in aghaidh easnaimh um chaiteachas caipitiúil stairiúil in 2011.

Táthar tar éis déileáil leis na gnóthachain agus cailteanais uile le heisceacht dímhéasa agus amúchta tríd an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim agus sa Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil.

Cuimsíonn bun-ráitis airgeadais FSS an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim, an Cuntas Ioncam agus Caiteachais Chaipitiúil, an Clár Comhardaithe agus Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid ar leathanaigh 69-72.



Cathaoirleach

21 Bealtaine 2013



Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin

21 Bealtaine 2013

# Clár Comhardaithe

Amhail ag 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 €'000	2011 €'000
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
<b>Sócmhainní Seasta Inláimhsithe</b>			
Talamh agus Foirgnimh	9	4,672,627	4,970,094
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe Eile	10	247,139	296,100
<b>Infheistíochtaí</b>			
Sócmhainní Airgeadais	11	3	3
<b>Iomlán na Sócmhainní Seasta</b>		<b>4,919,769</b>	<b>5,266,197</b>
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Stoic	12	118,265	121,521
Féichiúnaithe	13	220,004	309,340
Iarmhéid an Phámháistir Ghinearálta agus an Stáitchiste	14	80,883	87,782
Airgead sa Bhanc nó ar Láimh		30,310	28,350
<b>Dlíteanais Reatha</b>			
Creidiúnaithe	15	(1,523,789)	(1,520,524)
<b>Glan-Fhiachais Reatha</b>		<b>(1,074,327)</b>	<b>(973,531)</b>
<b>Creidiúnaithe (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)</b>	16	<b>(50,807)</b>	<b>(52,445)</b>
<b>Ioncam iarchurtha</b>	17	<b>(9,755)</b>	<b>(9,634)</b>
<b>Iomlán na Sócmhainní</b>		<b>3,784,880</b>	<b>4,230,587</b>
<b>Cuntas Caipitlithe</b>	18(a)	<b>4,919,766</b>	<b>5,266,194</b>
<b>Cúlchistí Caipitil</b>	18(b)	<b>(144,260)</b>	<b>(179,119)</b>
<b>Cúlchistí Ioncaim</b>	18(c)	<b>(990,626)</b>	<b>(856,488)</b>
<b>Caipiteal agus Cúlchistí</b>		<b>3,784,880</b>	<b>4,230,587</b>

Cuimsíonn bun-ráitis airgeadais FSS an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim, an Cuntas Ioncam agus Caiteachais Chaipitiúil, an Clár Comhardaithe agus Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid ar leathanaigh 69-72.



Cathaoirleach  
21 Bealtaine 2013



Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin  
21 Bealtaine 2013

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2012

	Nótaí	2012 €'000	2011 €'000
<b>Glan Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríúcháin</b>	20	(27,896)	19,055
<b>Glan Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) Airgid ó Thuairisceáin ar Infheistíochtaí agus Seirbhísiú Airgeadais</b>			
Ús íoctha ar iasachtaí agus rótharraingtí		(5)	(9)
Ús íoctha ar léasanna airgeadais		(1,244)	(1,340)
Ús faighte		291	199
Glan Eis-sreabhadh Airgid ó Thuairisceáin ar Infheistíochtaí agus Seirbhísiú Airgeadais		(958)	(1,150)
<b>Caiteachas Caipitiúil</b>			
Caiteachas caipitiúil – caipitlithe		(134,627)	(157,297)
Caiteachas caipitiúil – nach bhfuil caipitlithe		(172,820)	(179,769)
Íocaíochtaí ó ioncam i ndáil le: éadail sócmhainní seasta (glan ó thrádáil isteach)		(11,043)	(18,832)
Maoiniú ioncaim curtha i bhfeidhm ar Chaipiteal		556	486
Fáltais ó dhíolachán sócmhainní seasta (ag eisiáimh trádáil isteach)		5,135	6,857
Glan Eis-sreabhadh Airgid ó Chaiteachas Caipitiúil		(312,799)	(348,555)
Glan Eis-sreabhadh Airgid roimh Maoinithe		(341,653)	(330,650)
<b>Maoiniú</b>			
Deontas caipitil faighte		336,671	332,830
Fáltais chaipitil ó fhoinsí eile		599	5,296
Íocaíocht ghné chaipitil d'aisíocaíochtaí iasachta agus léasa airgeadais		(556)	(486)
Glan Insreabhadh Airgid ó Mhaoiniú		336,714	337,640
<b>Glan-Sreabhadh Airgid</b>		(4,939)	6,990
<b>(Laghdú)/Méadú in airgead tirim ar láimh agus iarmhéideanna bainc sa bhliain</b>	21	(4,939)	6,990

Cuimsíonn bun-ráitis airgeadais FSS an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim, an Cuntas Ioncam agus Caiteachais Chaipitiúil, an Clár Comhardaithe agus Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid ar leathanaigh 69-72.



Cathaoirleach

21 Bealtaine 2013



Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin

21 Bealtaine 2013

# Beartais Chuntasaíochta

## Bunús na Cuntasaíochta

Táthar tar éis na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn fabhrúithe, i gcomhréir le coinbhinsiún an chostais stairiúil. Faoin Acht Sláinte 2004, sonraíonn an tAire Sláinte na caighdeáin chuntasaíochta atá le leanúint ag FSS. Tá Prionsabail Chuntasaíochta a nGlactar i gCoitinne Leo (GAAP) glactha ag FSS i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta faoi réir na n-eisceachtaí seo a leanas atá sonraíte ag an Aire:

1. Ní ghearrtar dímheas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim, is ar an gcuntas cúlchiste a ghearrtar é: an Cuntas Caipitilíthe. Ní cheadaítear cuntasaíocht cúlchiste faoi Phrionsabail Chuntasaíochta a nGlactar i gCoitinne Leo (GAAP). Faoi na prionsabail sin, ní mór dímheas a ghearradh sa chuntas ioncaim agus caiteachais ioncaim.
2. Déantar deontais a fhaightear ón Stát chun ceannach sócmhainní seasta a cheannach a thaifeadadh i gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitilí. Faoi Phrionsabail Chuntasaíochta a nGlactar i gCoitinne Leo (GAAP), déantar deontais chaipitil a thaifeadadh mar ioncam iarchurtha agus déantar iad a amúchadh thar shaolré ionchais na sócmhainne seasta atá bainteach, d'fhonn mar a chaitear ar bhonn cuntasaíochta leis an deontas i gcoinne an mhuirir dhímheasa ar an tsócmhainn sheasta a mheaitseáil.
3. Tugtar cuntas ar phinsin ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear, agus ní chuirtear forálacha FRS 17 Sochair Scoir i bhfeidhm.
4. Déantar éilimh faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla a íocann FSS, agus a riarann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát thar ceann FSS, a mhíniú ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear, agus ní chuirtear bunús fabhrúithe cuntasaíochta arna éileamh le FRS 18 Beartais Chuntasaíochta i bhfeidhm. Ba é an muirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim in 2012 ná €75.7m (2011: €81.2m). Is é an dliteanas todhchá a mheastar ar bhonn achtúireach atá ag gabháil leis an scéim seo ag 31 Nollaig 2012 ná €996m (2011; €866m). Leagtar amach na sonraí i Nóta 29 leis na ráitis airgeadais.

## Bunús Ullmhúcháin

Gealltar i gClár an Rialtais go scoirfead de FSS de réir a chéile. Cheadaigh an Rialtas reachtaíocht a dhréachtú ina ndéanfar athruithe móra ar rialachas FSS. Is é an t-athrú reachtúil sin an chéad chéim i bpróiseas claochlaithe óna dteastóidh pleanáil mhionsonraithe. Tá an chéad chéim seo deartha chun athrú suaiteach a sheachaint tráth a bhfuil cúrsaí sách dúshlánach do sheirbhísí sláinte agus sóisialta. Tabharfar reachtaíocht chun cinn a mbeidh sé d'áireacht chomhach léi deireadh a chur le FSS ar bhonn seicheamhach, mar chuid den chlár athchóirithe sláinte foriomlán, agus feidhmeanna á n-aistriú áit éigin eile mar chuid den iarracht bogadh i dtreo córais ina mbeidh Árachas Sláinte Uillechoiteann. Lena chois sin, aistrefar feidhmeanna i ndáil le cosaint leanaí ó FSS chuig an nGníomhaireacht Tacaíochta Leanaí agus Teaghlaigh nua. Táthar tar éis na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

## Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais (A Fair Deal)

Tugtar cuntas ar íocaíochtaí a fhaightear ó dhaoine incháilithe mar mhuirir fadchónaithe laistigh d'ioncam othar. Tá foráil sa scéim go bhféadfar i gcúinsí áirithe cuid den mhéid iníoctha a iarchur agus go bhféadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim é a bhailiú uair éigin sa todhchá. Ní thugtar cuntas i ráitis airgeadais FSS ar mhuirir a dhéantar a iarchur ar an mbealach sin.

## Ioncam a Aithint

- i. Maoinítear FSS go príomha trí airgead a vótáiltear go bliantúil i nDáil Éireann maidir le seirbhísí riaracháin, caipitil agus neamhchaipitil. Léiríonn an tsuim a aithnítear mar ioncam maidir le hairgead vótáilte an leas glan don Státchiste i leith íocaíochtaí ciste a rinneadh le linn na bliana. Tugtar cuntas ar ioncam maidir le seirbhísí riaracháin agus neamhchaipitil sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim. Tugtar cuntas ar ioncam maidir le seirbhísí caipitil sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitilí. Tugtar cuntas ar maoiniú ioncaim a fuarthas chun airgead a fuair gníomhaireachtaí réamhtheachtaí ar iasacht a aisíoc agus a úsáideadh chun caiteachas caipitil a mhaoiniú sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitilí faoin gceannnteideal Maoiniú Ioncaim Curtha i bhFeidhm ar Thionscadail Chaipitil.
- ii. Aithnítear ioncam othar agus seirbhíse tráth a gcuirtear an tseirbhís ar fáil.
- iii. Aithnítear ranníocaíochtaí aoisliúntais ón bhfoireann tráth a ndéantar an asbhaint (féach beartas cuntasaíochta pinsean thíos).
- iv. Aithnítear ioncam as gach foinse eile ar bhonn fáltas.
- v. Tá an méid ioncaim, seachas deontas Státchiste, atá FSS i dteideal a fháil chun freastal ar a caiteachas teoranta don tsuim a vótáladh di mar "Leithreasáí-i-gcabhair" sa mheastachán bliantúil. Is fáltais iad leithreasáí-i-gcabhair a fhéadfar a úsáid, faoi Alt 2 den Acht um Chuntais agus Muirir Phoiblí, 1891, faoi chomhair caiteachais chomh fada is a údaráitear leis an Acht Leithreasáí bliantúil. Go ginearálta, is fáltais iad sin a thagann chun cinn i rith ghnáthchúrsa gnó faoin Vóta. Ní mór ioncam eile a fhaightear sa bhliain ar mó é ná an tsuim sin a ghéilleadh don Státchiste. Taispeántar ioncam eile glan ar an ngéilleadh sin.

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitilí

Cothaítear Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitilí de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá leagtha síos ag an Aire Sláinte. Is é Maoiniú Caipitil an Státchiste an glan-leas don Státchiste chun íocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana maidir le caiteachas a cuireadh chun dochair i gcoinne na bhfocheannnteideal Seirbhísí Caipitil a mhaoiniú i Vóta FSS. Cuirtear maoiniú caipitil ar fáil i Vóta FSS i gcomhair sócmhainní ollmhóra a thógáil/cheannach, le haghaidh chothabháil chaipitil agus le haghaidh caiteachas caipitilí ilghnéitheach nach bhfuil caipitilíthe ar an gclár comhardaithe. Ina theannta sin, cuirtear maoiniú caipitil ar fáil i Vóta FSS chun deontais chaipitil a íoc le gníomhaireachtaí seachtracha. Tugtar anailís ar an gcaiteachas caipitilí de réir na gcatagóirí seo i Nóta 19 de na ráitis airgeadais.

## Iarmhéid ar Chuntais Ioncaim agus Caiteachais

Is Deontas Státchiste é formhór an ioncaim sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim agus Chaipitiúil a thugtar chun dliteanais a rachaidh chun aibíochta le linn na bliana a ghlanadh seachas caiteachas a thabhófar le linn na bliana. Déantar cuid suntasach den ioncam atá fágtha a thuairisciú ar bhonn fáltas. Mar sin féin, déantar caiteachas a thaifeadh bhonn fabhrúithe. Mar thoradh, ní léiríonn na hiarmhéideanna sna cuntais ioncaim agus caiteachais gnáth-farasbairr ná gnátheasnamh oibriúcháin, ós rud é gur féidir iad a lua go príomha leis an difríocht idir caiteachas fabhrúithe agus maoiniú atá bunaithe ar airgead tirim.

## Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha

Maoiníonn FSS roinnt soláthraithe seirbhíse agus comhlachtaí chun seirbhísí sóisialta sláinte agus pearsanta a sholáthar thar a ceann, de réir fhorálacha Alt 38 agus Alt 39 den Acht Sláinte, 2004. Sula ndéantar socrú den sórt sin, socraíonn FSS an t-uasmhéid maoinithe a bheidh i gceist aici a chur ar fáil faoin socrú sa bhliain airgeadais agus an leibhéal seirbhíse atá súil aici a chuirfead ar fáil le haghaidh an mhaoinithe sin. Tá an fhaisnéis sin leagtha amach i ndoiciméid atá caighdeánaithe go náisiúnta agus ní mór do gach páirtí leis an socrú iad a shíniú. Déantar an maoiniú a ghearradh, i mbliain an chuntais ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais ag an uasmhéid arna chinneadh don bhliain, cé go bhféadfadh sé nach ndéanfaí ach cuid áirithe de a íoc amach go dtí an bhliain dar gcionn.

## Léasanna

Déileáiltear sna ráitis airgeadais le cíosanna iníochta faoi léasanna oibriúcháin de réir mar atá siad dlite. Ní cheadaítear do FSS oibleagáidí léas airgeadais a dhéanamh faoi Níosanna Imeachta Airgeadas Poiblí na Roinne Airgeadais, gan cead a fháil roimh ré ón mBord. Mar sin féin, i gcás go bhfuarthas sócmhainní comhlachtaí réamhtheachtaí faoi léasanna airgeadais, tá na léasanna sin tógtha ar láimh ag FSS ó bunaidh í. Maidir leis na léasanna sin, áirítear gné chaipitil na sócmhainne i sócmhainní seasta agus déantar dímhéas uirthi thar a saolré úsáideach.

Anuas ar an gnáthbhealach faoi GAAP a chaitear le sócmhainní a fhaightear faoi léasanna airgeadais, déantar costas na sócmhainne a mhuirearú don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil agus cuirtear chun sochair don Chuntas Caipitilthe (Cúlchiste) é le suim choibhéiseach. Áirítear gné chaipitil gan íoc na n-oibleagáidí léasa i gcreidiúnaithe. Gearrtar ús ar an gcuntas ioncaim agus cailteanais thar thréimhse an léasa.

## Deontais Chaipitil

Déantar maoiniú deontais chaipitil a thaifeadh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil. Anuas ar mhaoiniú deontais chaipitil, maoinítear roinnt mionchaiteachais chaipitiúil ó ioncam. Cuirtear an méid ioncaim seo a chaitear sa bhliain maidir le mionchaipiteal chun dochair go hiomlán sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim sa bhliain. Tarlaíonn an cineál cuntasáíochta seo, nach gcloíonn le Prionsabail Chuntasaíochta a nGlactar i gCoitinne Leo, mar iarmhairt ar na heisceachtaí maidir le Prionsabail Chuntasaíochta a nGlactar i gCoitinne Leo arna sonrú ag an Aire.

## Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Cuntas Caipitilthe

Cuimsíonn Sócmhainní Seasta Inláimhsithe Talamh, Foirgnimh, Obair idir Lámha, Trealamh agus Mótarfheithicilí. Sonraítear breiseanna sócmhainní seasta inláimhsithe ó 1 Eanáir 2005 i leith ag costas stairiúil lúide dímhéas carntha. Áirítear luachanna anonn sócmhainní seasta inláimhsithe a thógann FSS ar láimh ó chomhlachtaí réamhtheachtaí sa chlár comhardaithe tosaigh ar an lá bunaithe, 1 Eanáir 2005, ag a gcostas/luacháil bhunaidh. Áiríodh iarmhéid an chuntais dímhéasa comhláin ghaolmhar freisin sa chlár comhardaithe tosaigh. Mar a cheadaítear le FRS 15 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe, níl beartas athluachála glactha ag FSS.

De réir na gcaighdeán cuntasáíochta arna bhforordú ag an Aire, cuirtear caiteachas ar bhreiseanna sócmhainní seasta chun dochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim nó an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, ag brath ar cibé an maoinítear an tsócmhainn le maoiniú caipitil nó ioncam. Déantar sócmhainní arna maoiniú ag Caipiteal agus sócmhainní arna maoiniú ag Ioncam a chaipitliú más mó an costas ná uasteorainneacha áirithe luacha; €2,000 i gcás trealamh ríomhairí agus €7,000 i gcás gach aicme sócmhainne eile. Déantar breiseanna sócmhainne faoin uasteorainn seo agus a mhaoinítear ó ioncam a dhíscríobh i mbliain a gceannaigh. Déantar breiseanna sócmhainní faoin uasteorainn seo a mhaoinítear ó Chaipiteal a áireamh i Nóta 19(b) faoi 'Caiteachas ar thograí FSS nach mbíonn breiseanna Sócmhainní Seasta mar thoradh orthu'. Tugtar miondealú ar bhreiseanna sócmhainní de réir foinse maoinithe i Nóta 19 (a) leis na cuntais. Ní ghearrtar dímhéas ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar shaolré úsáideach na sócmhainne. In ionad sin, bíonn cuntas cúlchiste den chlár comhardaithe, an Cuntas Caipitilthe, ina iontráil chómhalartach leis an gcuntas sócmhainní seasta. Gearrtar dímhéas ar an na Cuntais Sócmhainní Seasta agus Chaipitilthe thar shaolré eacnamaíoch úsáideach na sócmhainne.

Déantar dímhéas a ríomh chun luacháil bhunúsach/costais gach sócmhainn seasta inláimhsithe a dhíscríobh thar a saolré eacnamaíoch úsáideach ar bhonn líne dhíreach ag na rátaí seo a leanas:

- Talamh: ní dhéantar talamh a dhímheas.
- Foirgnimh: dímhéasta ag 2.5% sa bhliain.
- Foirgnimh mhódúlacha (.i. foirgnimh réamhdhéanta): dímhéasta ag 10% sa bhliain.
- Obair idir lámha: gan dímhéas.
- Trealamh – ríomhairí agus córais TFC: dímhéasta ag 33.33% sa bhliain.
- Trealamh – eile: dímhéasta ag 10% sa bhliain.
- Mótarfheithicilí: dímhéasta ag 20% sa bhliain.

Nuair a dhéantar sócmhainn sheasta a dhiúscairt, déantar na sócmhainní seasta agus na cuntais chaipitilthe a laghdú de réir glanluach leabhar dhiúscairt na sócmhainne. Tugtar anailís den ghluaiseacht ar an gCuntas Caipitilthe i Nóta 18 leis na cuntais.

Déantar fáltas ó dhiúscairt sócmhainní seasta a bhreithniú mar Fháiltas Bhreise don Státchiste faoi Níosanna Imeachta Airgeadas Poiblí na Roinne Airgeadais. Níl FSS i dteideal na fáltas díolachán sin a choimeád dá húsáid féin agus ní mór di iad a ghéilleadh don Státchiste, ach amháin i gcás fáltas a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh tograí Meabhairshláinte agus tograí eile mar a cheadaítear iad, faoi réir ag uasteorainn



€8m in 2012. Beidh aon fháltais bhreise diúscartha a chuirfear i bhfeidhm ó shócmhainní barrachais os cionn agus thar €8m faoi réir cheadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Stoic

Déantar stoic a sonrú ag an ceann is ísle de chostas agus glanluach inréadaithe. Is ionann glan-luach inréadaithe agus fáltais mheasta díolacháin lúide costais a thabhófar i ndíol stoic.

## Cuntas a thabhairt ar Dhrochfhiacha agus ar Fhiacha Amhrasacha

Déantar drochfhiacha atá ar eolas a dhíscríobh sa tréimhse ina n-aithnítear iad. Déantar foráil shonrach d'aon suim a meastar a bheith amhrasach. Déantar foráil ghinearálta d'fhiacha othar atá gan íoc le breis is bliain.

## Pinsin

Tá fostaíthe incháilithe de FSS ina mbaill de scéimeanna aoisliúntais éagsúla le sochar sainithe. Íocann FSS pinsin le hiar-fhostaithe. Tá FSS á maoiniú ag an Stát ar bhonn íocmar-a-úsáidtear chun na críche seo. Áirítear an Vóta ón Stát i ndáil le pinsin in ioncam. Déantar íocaíochtaí pinsin faoi na scéimeanna a mhuirearú don chuntas ioncaim agus caiteachais nuair a íoctar iad, mar seo a leanas:

- i. Tugtar cuntas ar fhostaithe FSS faoi aoisliúntas laistigh den aicme phá (féach Nóta 7);
- ii. Tugtar cuntas ar fhostaithe ó sholáthraithe na seirbhíse sláinte deonaí faoi dheontais le gníomhaireachtaí seachtracha laistigh den aicme neamhphá (féach Nóta 8 agus Aguisín 1).

Cuirtear ranníocaíochtaí ó fhostaithe FSS ar chomhaltaí de chuid na scéimeanna iad chun sochair an chuntais ioncaim agus caiteachais nuair a faightear iad. Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe na soláthraithe seirbhíse sláinte deonaí ar comhaltaí den scéim iad a choimeád mar ioncam an tsoláthraí seirbhíse sláinte.

I mblianta roimhe seo, ní dhearnadh aon fhoráil maidir le sochair phinsin fhabhráithe a bhí iniúchta sa todhcháí faoin scéim pinsin. Leanann FSS ag caitheamh mar an gcéanna le sochair pinsin i ndiaidh sonraíochtaí cuntasáíochta an Aire.

## Asbhaint Pinsean Choibhneasa

Faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009, tugadh isteach tobhach pinsin don fhoireann ar fad ar baill de scéim pinsin na seirbhíse poiblí iad, lena n-áirítear foireann soláthraithe seirbhíse áirithe atá á maoiniú ag FSS. Tugtar cuntas ar an tobhach pinsin a bhailíonn soláthraithe seirbhíse chomh maith le tobhach pinsin a asbhaintear ó fhoireann FSS mar ioncam de chuid FSS. Tá sonraí maidir leis an méid a asbhaineadh maidir leis an tobhach pinsin leagtha amach i Nóta 5(a) leis na Ráitis Airgeadais.

## Maoin Phearsanta na nOthar

Coinnítear airgead a fhaigheann FSS ó othair nó ar a son le coinneáil slán i gcuntais speisialta astu féin agus glan ó chuntais FSS féin. Tugtar cuntais Maoin Phríobháideach Othar ar chuntais den sórt sin. Tá FSS freagrach as riaradh na gcuntas seo. Mar sin féin, toisc nach le FSS an t-airgead sin, ní áirítear na cuntais sin ar chlár comhardaithe FSS. Gníomhaíonn FSS mar iontaobhaí na gcistí. Déantar iniúchadh neamhspleách ar chuntais Maoin Phríobháideach Othar gach bliain. Bhí iniúchtaí na gcuntas seo tugtha chun críche nó ar tí a bheith tugtha chun críche don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Nóta 1 Anailís Deighilteach de réir Réimse Oibríochta

	Seirbhísí Ospidéil Géarmhíochaine	Seirbhísí Pobail	Seirbhísí Tacaíochta	Iomlán	Iomlán
	2012 €'000	2012 €'000	2012 €'000	2012 €'000	2011 €'000
<b>Caiteachas</b>					
<b>Pá agus Pinsin</b>					
Cliniciúil	1,436,278	1,340,420	456,004	<b>3,232,702</b>	3,245,547
Neamh-Chliniciúil	338,095	417,158	311,022	<b>1,066,275</b>	1,073,966
Seirbhísí Othar/Cliant Eile	198,130	430,838	95,835	<b>724,803</b>	732,275
	1,972,503	2,188,416	862,861	<b>5,023,780</b>	5,051,788
<b>Neamhphá</b>					
Cliniciúil	549,721	238,664	47,634	<b>836,019</b>	829,711
Seirbhísí Otharcharranna agus lompar Othar	34,633	20,584	384	<b>55,601</b>	56,033
Scéimeanna um Chúram Príomhúil agus Chárta Leighis	34,403	3,025,763	2,095	<b>3,062,261</b>	2,831,471
Seirbhísí Othar/Cliant Eile	1,014	64,267	448	<b>65,729</b>	65,357
Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha	2,228,668	1,223,717	11,827	<b>3,464,212</b>	3,449,704
Bainistí	107,356	115,327	4,679	<b>227,362</b>	227,815
Costais Oifige & Riaracháin	97,701	151,544	137,478	<b>386,723</b>	378,441
Táillí Fadchónaithe Aisíochta le hOthair	0	0	1,149	<b>1,149</b>	9,397
Scéim Árachais Heipitíteas C	0	0	911	<b>911</b>	980
Costais Oibriúcháin Eile	10,867	27,918	6,023	<b>44,808</b>	45,679
Íocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát faoi Scéim Slánaíochta Cliniciúla	0	0	75,668	<b>75,668</b>	81,204
Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais (Fair Deal)	0	570,041	0	<b>570,041</b>	560,614
	3,064,363	5,437,825	288,296	<b>8,790,484</b>	8,536,406
<b>Ollchaiteachas don bhliain</b>	5,036,866	7,626,241	1,151,157	<b>13,814,264</b>	13,588,194
<b>Ioncam Iomlán (nach bhfuil anailísithe de réir réimse oibríochta)</b>				<b>13,679,134</b>	13,686,620
<b>Glan (Easnamh)/Farasbarr Oibriúcháin don Bhliain</b>				<b>(135,130)</b>	98,426

## Nóta 2 Glan (Easnamh)/Farasbarr Oibriúcháin

	2012 €'000	2011 €'000
Faightear glan (easnamh)/farasbarr oibriúcháin don bhliain tar éis a ghearrtar:		
Táillí iniúchóireachta*	547	547
Luach saothair na gcomhaltaí boird fheidhmiúcháin	344	416
Luach saothair na gcomhaltaí boird neamh-fheidhmiúcháin	0	85

\* Táthar tar éis táillí iniúchóireachta a ath-shonrú don bhliain 2011 mar €12,500 i ndáil le Cuntais Maoine Príobháidigh na nOthar atá cúitithe le FSS.

## Nóta 2 Glan (Easnamh)/Farasbarr Oibriúcháin *(ar lean)*

Cuimsítear na gnéithe seo a leanas i luach saothair chomhaltaí feidhmiúcháin an bhoird:

	Leas-POF Nuacheaptha	POF ag dul as oifig	2012	2011
	€'000	€'000	€'000	€'000
Bunphá an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (POF)	71	213	284	322
Íocaíochtaí scéim aoisliúntais an POF	0	51	51	80
Liúntas cairr an POF	0	9	9	14
	71	273	344	416

Níor tabhaíodh aon chostais ar chomhaltaí Boird in 2012.

***Fuair na comhaltaí Boird seo a leanas aisíocaíocht i gcomhair taistil agus cothabhála, costais teileafóin agus costais ghairmiúla as a gcuid dualgas a chomhlíonadh mar bhainisteoirí sinsearacha. Níor thabhaigh siad aon chostais ina ról mar chomhaltaí Boird:***

	2012	2011
	€	€
An Dr. Frank Dolphin – d'éirigh as 2011	0	10,367
John Fitzgerald – d'éirigh as 2011	0	41
Cathal Magee	612	505
Tony O'Brien	1,560	0
Laverne Mc Guinness	6,166	4,454
Brian Gilroy – d'éirigh as 2012	15	3,247
An Dr Barry White	551	324
An Dr Philip Crowley	514	0
	9,418	18,938

Rinneadh costais 2011 chomhaltaí Boird a athshonrú chun costais a tabhaíodh in 2011, ach a aisíocadh in 2012, a chur san áireamh.

Cuimsítear ar an mBord oifigigh shinsearacha ón Roinn Sláinte agus FSS. De réir beartas pá an Rialtais, ní íocfar luach saothair le fostaithe sa tseirbhís phoiblí a fhónann ar bhoird Stáit nó a ainmneofar ar bhoird den sórt sin go neamhspleách dá bhfostaíocht seirbhíse poiblí i bhfoirm táillí boird agus beidh feidhm ag a luach saothair ina gcuid ról feidhmiúcháin le FSS agus sin amháin.

Ag cruinniú Boird FSS an 30 Iúil 2012, thug an Bord ar aird gur fhógair an POF go raibh sé ar intinn aige a phost a fhágáil agus aontaíodh go gceapadh an Bord Tony O'Brien le gníomhú mar Leas-POF fad is a bheadh post an POF folamh ag feitheamh ar achtú an Bhille um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2012 tráth a ndéanfaí post an Ard-Stiúrthóra a bhunú.

Sheas Cathal Magee síos ar an 19 Lúnasa 2012 (áiríonn a thuarastal siúd €6,791 mar phá saoire). Ceapadh Tony O'Brien ar an 20 Lúnasa 2012.

Cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tuarastal agus liúntas Tony O'Brien agus iad cionroinnte ó dháta a cheapacháin amháin. Sular ceapadh é, bhí sé ag obair do FSS ach is ar iasacht ón Roinn Sláinte a bhí sé.

### Nóta 3 Deontas Ioncaim an Stáitchiste

	2012 €'000	2011 €'000
Glan-mheastachán vótáilte do FSS (Vóta FSS 39)	12,520,933	12,460,440
Lúide glan Farasbarr le tabhairt suas (Nóta 22)	(22,834)	(15,781)
Glan-iontaoibh don Stáitchiste	12,498,099	12,444,659
Lúide: Maoiniú do sheirbhísí caipitil ón Stát (Vóta FSS 39)	(336,671)	(332,830)
Deontas Ioncaim an Stáitchiste	12,161,428	12,111,829

### Nóta 4 Ioncam Othar

	2012 €'000	2011 €'000
Muirir Phríobháideacha	247,703	240,328
Muirir na nOthar Cónaitheach	34,571	32,036
Muirir na Rannóige Éigeandála	9,574	9,472
Muirir a bhain le Tionóiscí Bóthair	5,173	4,599
Muirir Fadchónaithe	81,695	78,885
	378,716	365,320

### Nóta 5 Ioncam Eile

#### (a) Ioncam eile

	2012 €'000	2011 €'000
Ioncam Aoisliúntais	195,611	197,874
Asbhaintí Párolla Eile	8,704	9,626
Asbhaintí an tobhaigh phinsin ó fhoireann FSS féin	241,547	249,566
Asbhaintí an tobhaigh phinsin ó sholáthraithe seirbhíse	110,441	111,277
Gníomhaireacht/Seirbhísí – curtha ar fáil d'Údaráis Áitiúla agus d'eagraíochtaí eile	7,928	8,545
Fáltais Cheaintín	11,735	12,654
Ioncam ó Ghníomhaireachtaí eile (Féach Nóta 5(b) anailís thíos)	43,664	32,136
Ioncam Ilghnéitheach (Féach Nóta 5(c) anailís thíos)	131,744	146,470
	751,374	768,148

Nóta 5 **Ioncam Eile** (ar lean)**(b) Ioncam ó Gníomhaireachtaí Eile**

